


PLÉARÁCA

Meán Fómhair 1991



Agallamh le
**MICHEÁL
Ó MÓRÁIN**

SPÓIRT

GREANN

**STAIR
ÁITIÚIL**

TUAIRIMÍOCHT

**SEAN GHRIAN-
GHRAFANNA**

**CLÁR AN
PHLÉARÁCA**

BÉALOIDEAS

AMHRÁIN

*... agus
go leor eile!*

£1



RAIDIÓ NA GAELTACHTA

*Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta
ó Adhmhaidin go Tráthnóna*

ar

RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre

Foireann Eagarthóireachta:

Peigl Ní Chonghaile, Ruaidhrí Ó Tuairisg,
Colm Ó Cinnseala, Caomhán Ó Scoláí
agus Donncha Ó hÉallaithe.

Buíochas:

Tá an fhoireann eagarthóireachta an-
bhuíoch do ÁRUS MHÁIRTÍN UÍ
CHADHAIN agus go mórmhór do ÁINE DE
BHAILÍS, a rinne an clóchur ar an ábhar san
iris seo.

Tá buíochas ag dul chomh maith do
CHLÓDÓIRÍ LURGAN agus do Mhicheál Ó
Braonáin a bhí chomh foighdeach linn.

Táimid thar a bheith buíoch do na daoine go
léir a chuir ábhar ar fáil dhúinn, gan pingin
ná leathphingin a fháil.

B'é Caomhán Ó Scoláí (*Stiúideo Omega*,
091-92533) a rinne an leagan amach
slachtmhar ar an iris.

Sé an fhoireann eagarthóireacht atá
freagrach as aon bhotún. Maith dhúinn iad.
Beidh muid níos pointeáilte an chéad uair
eile.

Táimid fíor bhuíoch dár bhfógróirí a chuir ar ár
gcumas an iris seo a dhíol ar phraghas réasúnta.

Coiste Phléaraca Chonamara '91:

Máire Uí Ghiobúin (*Comharchumann Turasóireacht
Chonamara agus Arann*)
Máire Ní Uaithnín (*Coiste Forbartha Chama*)
Gearóid Ó Cosgordha (*Comharchumann Chonamara
Thiar*)
Máire Bheilbigh (*Coiste Pobail Chamuis*)
Colm Ó Cinnseala (*Na Forbacha*)
Donncha Ó hÉallaithe (*Cois Fharraige*)
Bríd Ní Chualáin (*Cama*)

Tá an Coiste Eagraithe an bhuíoch do na daoine seo
leanas a thug cúnamh dhúinn imeachtaí a reachtáil:

Peigl Ní Chonghaile (*Muintearas*)
Martina Goggin (*An Spideal*)
Caitlín Hehir (*Camus*)
Pádraig Breathnach (*Macnas*)
Bob Quinn (*Cinegael*)
Miriam Allen (*Fleadh Scannan na Gaillimhe*)
Joe Bheilbigh (*Na Forbacha agus Camus*)
Pádraig Ó hAoláin (*Údarás na Gaeltachta*)
Micheál Maye (*Údarás na Gaeltachta*)
Peadar Ó Maoláin (*Údarás na Gaeltachta*)
Trevor Ó Clochartaigh (*Na Fánaithe*)
Seán Ó Coistealbha (*Muintearas*)
Máire Ní Ógáin (*Muintireas*)
Triona Ní Ráighne (*Ógras*)
Adelaide Ní Charthaigh (*Gaillimh le Gaeilge*)
Pádraig Ó hÉalaí (*Cumann Bhéaloideas Chonamara*)
Máirtín Jaimsie (*Raidió na Gaeltachta*)
Johnny Chóil Mhaidhc (*Indreabhán*)
Máiread Ní an Iomaire (*An Cheathrú Rua*)
Máirtín Tom Shéainín Mac Donncha (*R na G*)
Seán Bán Breathnach (*Raidió na Gaeltachta*)
Nóirín D'Arcy (*Cósta Chonamara*)
Máire Áine Uí Chonghaile (*Ros Muc*)
Aingéal Ní Chonghaile (*Ros Muc*)
Darach Ó Scoláí (*Cois Fharraige*)
Caitlín Uí Chonghaile (*Gaillscoil an Phiarsaigh*)
Máire Féirtéar (*Muintearas*)
Marion Ní an Iomaire (*An Dánlann*)
Máire T. Uí Chuinneagáin (*Coiste Forbartha Chama*)
Bairbre Uí Ghuaire (*Coiste Forbartha Chama*)

Máirtín Ó Conghaile (*Doire Né*)
Stiofán Mac Donncha (*An Cheathrú Rua*)
Peadar Tommaí (*An Cheathrú Rua*)
Brian Ó Baoill (*Cumann Forbartha Chois Fharraige*)
Máiread Ní Chualáin (*Muintearas*)
Clár Ní Thuathail (*Muintearas*)
Séan de Cléir (*Muintearas*)
Ivan Mac Philip (*Comharchumann Shaileama*)
Máire Holmes (*An Spideal*)
Peadar Mac an Iomaire (*Árus Uí Chadhain*)
Áine de Bhailís (*Árus Uí Chadhain*)
Máire Ní Iamáin (*Árus Uí Chadhain*)
John Dáirb Ó Flatharta (*Árus Uí Chadhain*)
Seosamh Ó Giobúin (*Camus*)
Pádraig Ó Loideáin (*Camus*)
Pádraig Ó Neachtain (*Camus*)
Máire Uí Chonghaile (*Camus*)
Pádraig Ó Flatharta (*Camus*)
Pat Welby (*Camus*)
Séamas Ó Fiannachta (*Camus*)
Colmán Ó Flatharta (*Camus*)
Róisín Ní Shuilleabháin (*Camus*)
Cristóir Ó Súilleabháin (*Camus*)
Pádraig Finnerty (*Camus*)
Aine Ní Dhubháin (*Camus*)
Lorraine Ní Chuanaigh (*Camus*)
Pádraig Ó Conaire (*Áras Uí Chadhain*)
Pádraig Ó Conghaile (*G.C. LEICTREACH, Ros Muc*)
James Harold (*Oifigeach Ealaíona an Chomh. Cho.*)
Réamonn Ó Mainnín (*Ros Muc*)
Joe Steve Ó Neachtain (*Chois Fharraige*)
Pádraig de Bhaldraithe (*Cumann Seoltóireachta
Chuan Chasla*)
Cathal Ó Frighil (*Na Forbacha*)
Micheál Ó hÉidhin (*An Spideal*)
Helen Ní Dhomhnaill (*Muintearas*)
Na ceoltóirí, na filí, na fonnadóirí a chuir siamsalocht
ar fáil le linn an Phléaraca
An grúpa ceoil DÉ DANANN a chas gan táille a
iarraidh i gCamus.
Ach go speisialta, tá Coiste an Phléaraca thar a
bheith buíoch do bheirt a d'oibrigh ó mhaidin go
faoithin, lena chinntiú go néireodh leis an fhéile, siad
san MÁIRE UÍ GHIOBÚIN (*Camus*) agus MAIREAD
NÍ SCANLÁIN (*Na Minna*).
Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do
CAOMHÁN Ó SCOLÁÍ (*Stiúideo Omega - 091/92533*)
a dhearadh an postaeir agus an bhroisear dhúinn
agus a leag amach an iris.
Táimid buíoch do na daoine go léir i gCamus, a thug
cúnamh dhúinn leis an chéad dheireadh seachtaine a
eagrú. Is cinnte go bhfuil daoine fágtha ar lár againn.
Ní d'aon turas é. Táimid buíoch dóibh síud chomh
maith.

Urraithe an Phléaraca:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí
gnó a thug urraíocht flaitiúil dúinn le PLÉARACA
CHONAMARA '91 a reachtáil i mbliana:
Bord na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, Roinn na
Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe,
Comharchumann Shaileama, Comharchumann
Chonamara Thiar, Sally agus Paddy O'Brien (*Aran
Seabird*), Muintearas, Cumann Táirgíochta Bradán
Teo., Seán agus Máiread Ó Foighil (*Siopa an
Phobail*), Óstán an Dóilín, An Chistin, Tí Hughes, An
Droighneán Donn, An Crúiscín Lán, Ceol na Mara.

Fuairamar sintiúis aigrid ó Ghael Linn, Micheál Ó
Móráin (*Cama*), Pádraig Tommy (*An Cheathrú Rua*),
Caitlín Hehir agus Breizhon.
Buíochas speisialta le foireann Raidió na Gaeltachta
as poiblíocht agus eolas a thabhairt agus as
imeachtaí a chraoladh.

Clár na hIrise

- 1 Nóta Bulochais
- 2 Eagarfhocail
- 4 Todhchaí na Gaeilge
-tuar agus taimgreacht
Gearóid Ó Tuathaigh
- 5 I'll never go back Now!
Pádraig Standún
- 7 Saor-Raidió Chonamara
... Raidió na Gaeltachta
Seosamh Ó Cuaig
- 9 Béaloideas agus an Pobal
Pádraig Ó hÉalaí
- 13 Micheál Ó Móráin
ag caint le Peigl Ní Chonghaile
- 17 Beartla Breathnach
- 18 An Bád Mór
Ruaidhrí Ó Tuairisg
- 22 Cá bhfuil siad anois?
- 25 Teach Mór na bhForbacha
Nótaí Staire: 1585-1936
Liam Ó Gráinne
- 27 Teampall Mhic Dara
- 28 Clár an Phléaraca
- 32 Geasa an Fhéileacáin
Seán Ó Coisdealbha
- 34 Cas Amhrán
Tógtha as 'Croch Suas É!' le
caoinchead Chló larchonnachta.
- 38 Filíocht Phobail Chonamara
- Inné agus Inniu
Gearóid Denvir
- 41 Muintearas
- An Togra Oideachais Gaeltachta
- 43 Sgorach Ghlionnán
Slíocht as 'Peadar Chois Fharraige'
(An Gúm)
- 45 An Spideal & Plougrescant na
Briotáine
Pádraig Ó hAoláin
- 49 Ar Aistear na gCuradh Linn
Séamas Ó Cualáin
- 52 An Dá Cheann
An tAth Leon Ó Mórcháin

Eagarfhocal na hIrise

Ní thuigimid luach ruda go mbíonn orainn scaradh leis nó go bhfeicimid é ag feo os ár gcomhair. Nuair a bhí tImpeallacht ghlan shláintiúil againn, níor smaoinigh mórán againn ar a tábhacht. Mar gheall ar truailliú agus baol a scríosta, tá ceist na tImpeallachta ar an gcloch is mó ar phaidrin go leor polaiteoirí. Scór bliain ó shoin, ní mórán cainte a dhéantaí ar cheist na teanga anseo i gConamara. Bhíodh ábhar cainte i bhfad níos spéisiúla ann agus ní raibh aon chosúlacht ar an scéal go raibh aon baol ann don Ghaeilge i gcóllár Chonamara. Ach is ceist mhór anois í, an mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail anseo i nDeisceart Chonamara. Níl aon mhaith dallamullóg a chur orainn féin. Tá an Ghaeilge ag dul i léig sa phobal seo agus is cás linn é sin.

Tharla an rud céanna leis na Báid Seoil. Scór bliain ó shoin, is beag an méid bád a bhí le feiceáil ag seoladh ar chósta Chonamara. Bí formhór na mbád a bhí in úsáid roimh an chogaidh, titithe, dóite nó díolta le stráinséirí. Ceapadh an uair sin nach ndéanfaí aon bhád seol nua i gConamara arís go deo. Tá an taoille casta. I mbliana ag Féile Chuigéil bhí os cionn 20 bád seoil, idir Báid Mhóra, Leathbháid, Gleoiteoga agus Púcáin, dhá seoladh ag glún nua bádóirí, a thug leo ceard na seoltóireachta ó dhúchas. Tá traidisiún na mBád Seoil slán i gConamara. Ach bhí an traidisiún ag dul i léig sular dtáinig an athbheochan spéise. Is mar a chéile leis an Ghaeilge anseo i gConamara. Os rud é go bhfuil sí dhá díothú, tuigtear anois a tábhacht.

Is pobal faoi leith Gaeltacht Chonamara, mar go bhfuil a theanga áitiúil féin ag an bpobal seo. Cheap daoine go mb'uafásach an laicis orainn an Ghaeilge, uair amháin, nuair nach raibh againn ach í agus gá le cuid mhór againn aghaidh a thabhairt ar Shasana, Boston, Baile Átha Cliath nó fiú Gaillimh féin. Tá neart Béarla anois ag muintir Chonamara agus sin mar is ceart é a bheith. Mar gheall ar éifeacht na teilifíse, tógann páistí na Gaeltachta an Béarla leo go héasca. Ní gá níos mó, aon imní a bheith ar thuismitheoirí faoi easpa Béarla a bheith ag a gcuid gasúir. Ag an am céanna sí an chontúirt atá ann, mar nach bhfeiceann gasúir atá dhá dtógáil le Gaeilge, cláracha teilifíse sa teanga áitiúil, go gceapann siad dá bharr sin nach bhfeileann an Ghaeilge dóibh, mar theanga spraoi eatarthu féin.

B'uafásach an chailliúint dhúinn an Ghaeilge, mar ghnáth-theanga cumarsáide i nDeisceart Chonamara. Táimid in ann muid féin a chur in iúl i measc ár muintire féin níos éascaí agus níos deis-bhéalaí sa teanga sin. Táimid níos láidre mar phobal, bíodh muid sa mbaile nó ag saothrú ar mbeatha thar lear. Táimid níos cinnte cé muid féin agus tá cúis bróid againn go bhfuil ár dteanga áitiúil féin againn. Tá saibhreas cultúir i gConamara fite fuaite leis an teanga áitiúil, saibhreas nach bhfuil le fáil i mórán áiteacha eile san tír, ná go

deimhin san Eoraip. Tá PLÉARÁCA CHONAMARA '91 ann leis an saibhreas cultúir atá beo sa phobal i gcónaí a cheiliúradh, agus ag an am céanna, a mheabhrú do dhaoine go bhfuil an saibhreas seo i gcontúirt mhór mura gcuirtear áiseanna ar fáil dúinn, sa gcóir is go mbeidh muid in ann an dúchas atá againn a thabhairt don chéad ghlúin eile.

"... Tá pobal Dheisceart Chonamara dúisithe. Níl muid sásta níos mó le easpa seirbhísi, droch bhóithre, easpa fostalochta sa mbaile. Níl muid sásta ach oiread go ndéanadh tuarascáil, a scríobhadh le haghaidh Bhord na Gaeilge, muid a mhaslú mar a rinne tuarascáil Uí Eithir ..."

Níl muid ag iarraidh an Ghaeilge a choinneáil beo i gConamara, ar mhaithe le deontaisí a tharraingt - ta pobail Ghaeltachta a d'eirigh as an nGaeilge, i bhfad ó shoin, ag tarraingt na ndéontas céanna is atá muid i dteideal a fháil. Níl muid ag iarraidh an Ghaeilge a leathnú ar fud na hÉireann, cé nach locht linn éinne atá ag plé leis an obair sin. Níl muid ach oiread ag iarraidh go mbeadh muid teoranta le Gaeilge ná le Gaelachas. Táimid ag iarraidh fáil a bheith againn ar chultúr na hÉireann agus ar chultúr an domhain mhóir trí mheán an Bhéarla. Sí an Ghaeilge an teanga áitiúil atá againn. Bainneann an Ghaeilge linne i mbealach nach mbainfidh sí go deo le "Gaeilgeoirí" a d'fhoghlaim an Ghaeilge agus a bhfuil sí mar chineál caitheamh aimsire acu.

Pobal dhá theangach atá i nDeisceart Chonamara. Tá teanga amháin againn, an Ghaeilge, le úsáid eadrainn fein, bíodh muid sa mbaile nó i gcéin. Tá teanga eile ar ár dtoil le úsáid leis an saol taobh amuigh. Ní eisceacht muid. Tá 40 milliún duine ag maireachtáil san Eoraip i bpobail dhá theangach. Mar phobal dátheangach tá riachtanais speisialta againn. Ró-fhada, ligeamar do Ghluais-eacht na Gaeilge, labhairt ar ár son faoi cúrsaí teanga, ach ní hí an Gaeltacht ach an Ghaeilge is cás le Conradh na

Gaeilge, Bord na Gaeilge, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus na heagraí-ochtaí eile atá páirteach sa Ghluais-eacht sin, dá fheabhas iad. Dá mba Spáinnis nó 'Conamarais' an teanga áitiúil anseo i gConamara ní bheadh spéis dá laghad ag Gluais-eacht na Gaeilge ionainn, cé go mbeadh an teanga sin chomh tábhachtach céanna dúinne is atá an Ghaeilge agus bheadh an imní céanna orainn, dá mbeadh sí i gcontúirt. Caithfidimid deileál leis an bhfadhb teanga atá againn ar ár dtéarmaí féin. Caithfidimid labhairt ar ár son féin, go neamhleithscéalach. Níl pobal Dheisceart Chonamara ag iarraidh an Ghaeilge a aithbheochaint go náisiúnta ach táimid ag iarraidh an teanga áitiúil a fuaireamar mar oidhreacht bheo a thabhairt don chéad ghlúin eile, leis an saol a dhéanamh níos spéisiúla, níos saibhre agus níos rathúla dhóibh.

Tá pobal Dheisceart Chonamara dúisithe. Níl muid sásta níos mó le easpa seirbhísi, droch bhóithre, easpa fostalochta sa mbaile. Níl muid sásta ach oiread go ndéanadh tuarascáil, a scríobhadh le haghaidh Bhord na Gaeilge, muid a mhaslú mar a rinne tuarascáil Uí Eithir. Níl muid sásta go mbeadh lucht údarais agus lucht gnó, ag diúltú aitheantais don teanga phobail ina gcuid fograíochta ar fud an cheantair. Níl muid sásta glacadh leis go mbeadh sagart i nGaeltacht Chonamara ag iarraidh an nósmaireacht teanga sa séipéal a athrú in aghaidh toil an phobail.

Níl sé sásúil go mbeadh múinteoirí iarbhunscoile, atá ag fáil airgead breise le múineadh inár scoileanna trí mheán na Gaeilge, ag úsáid leithscéala na dtéacsleabhar le múineadh trí Bhéarla. Más féidir múineadh i mBéal Feirste nó i mBaile Átha Cliath trí Ghaeilge, is féidir an rud céanna a dhéanamh i nGaeltacht Chonamara. Níl sé sásúil breitheamh a bheith i bhfeidheal na gcúirteanna i gConamara, nach bhfuil sásta, nó in ann obair na cúirte a reachtáil trí Ghaeilge. Níl sé sásúil ach an oiread go mbeadh Gardaí curtha go stáisiún i gConamara nach bhfuil ar a gcumas a chuid gnaithe a dhéanamh go huile agus go hiomlán trí mheán teanga an phobail. Níl muid sásta nach bhfuil aon pháipéar pobail againn inár dteanga féin, ó fuadaíodh deontas an pháipéir AMÁRACH le ANOIS a thabhairt ar an saol. Ní Teilifís Ghaeilge, a bheadh chomh stálaithe leis na hirisí Gaeilge atá uainn ach Teilifís Ghaeltachta a léireoidh beocht agus nádúr na bpobal atá ag úsáid na Gaeilge ó mhaidin go faoithin ar feadh a saoil. Is mionlach teanga muid sa tír seo. Tá sé thar am againn ár gcearta teanga chomh maith le cearta eile a éileamh go glórmhar, de réir riachtanais na Gaeltachta, sular mbeidh sé ró-dhireannach.

Todhchaí na Gaeltachta: tuar agus tairngreacht

Gearóid Ó Tuathaigh

Le tamall anuas níl áireamh ar na leabhair, na h-ailt is na tuarascálacha arbh í a dteachtairacht chomónta go bhfuil an Ghaeilge ag cúlú agus ag meathlú chomh tréan, tapaidh sin sna ceantair Gaeltachta nach féidir a ra le siúráil go bhfuil níos mó ná glúin nó dhó eile fágtha ag fiú na Gaeltachtaí is láidre mar Ghaeltachtaí (sé sin, mar phobail a labhrann an Ghaeilge mar ghnáth-theanga le cur síos a dhéanamh ar chúrsaí an tsaoil – idir shaol príobháideach agus shaol poiblí).

Sin é, mar shampla, an port atá ag leabhar conspóideach Reg Hindley, *The Death of the Irish Language*. Sí seo, freisin, éirim na tuarascála úd a scríobh Breandán Ó hEithir do Bhord na Gaeilge, tuarascáil inar dúradh nach raibh níos mó ná 10,000 Gaelgeoirí ag cur fúthu anois i bpobail nó i gcomhluidair a bhfeadfaí pobail nó comhluidair Gaeltachta a thabhairt orthu. Agus ní bheadh sé deacair roinnt mhaith ailt eile a lua a bhfuil an teachtaireacht agus an tairngreacht chéanna le fáil iontu faoi ghéarchéim na Gaeilge sa nGaeltacht agus faoin mbás atá i ndon di mura dtagann athrú mór, drámatúil ar chúrsaí, faoi mar atá siad san am i láthair.

Ar ndóigh, dob fhéidir le Gaeilgeoirí an dóchais (laistigh agus lasmuigh den nGaeltacht) bheith dána, dúshlánach i bhfianaise na dtuairimí agus na dtairngreachtaí seo, á rá, faoi mar a dúirt Mark Twain fadó nuair a chuala sé tuairisc a bháis féin, go bhfuil iarracht den áithbhéil sa scéal ar fad í Ach, cé go bhfeadfaí lochtanna móra d'fháil ar shaothar Hindley, agus ar roinnt mhaith eile atá scríofa ar chás na Gaeltachta; agus, cé go mbeadh leisce an-mhór ar shaineolaithe a rá go bhfuil rud ar bith do-sheachanta i gcúrsaí teanga agus cultúir, mar sin fein braithim go mba dhearmad mór é dul i mbun fonóide nó ár súile a dhúnadh ar an bhfianaise láidir atá ann go bhfuil ábhar ceart imní ag Gaelgeoirí faoi thodhchaí na Gaeilge mar theanga pobail sna ceantair Gaeltachta

Is léir ón dtaighde atá déanta ar an scéal sna bunscoileanna, agus ar chleachtais siamsaíochta aos óg na Gaeltachta, go bhfuil an Béarla ag teacht i dtreis go mór mar theanga teaghlaigh agus cumarsáide sa nGaeltacht; go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar líon na bpáistí a thagann chuig scoileanna Gaeltachta le Béarla mar chéad-theanga teaghlaigh, agus a

labhrann an Béarla eatortha féin i gcúrsaí spóirt, caidrimh agus siamsaíochta. I réimsí eile den saol, freisin sa réimse saothair agus siamsaíochta ag ógánaigh agus ag daoine fásta tá cuma ar an scéal go bhfuil an Béarla ag fáil an lámh in uachtar mar phríomh-theanga cumarsáide go fiú sna Gaeltachtaí láidir. Fianaise den chineál seo a thugann ar údair áirithe bheith diomuach faoi thodhchaí na Gaeilge mar theanga pobail sna ceantair Gaeltachta san am atá le teacht.

Cás agus Dán na Gaeilge sa nGaeltacht

An bhfuil rud ar bith gur féidir a dhéanamh chun athrú a chur ar an scéal seo, chun an taoide a chasadh agus an Ghaeilge a dhaingniú, a neartú, agus a bhuanú i measc phobal na Gaeltachta? Ar ndóigh, is fíor go bhfuil cás agus dán na Gaeilge sa nGaeltacht fite fuaite ar bhealaí áirithe le cás na teanga sa tír ina h-iomláine. Ach tá cúinsí agus riachtanais faoi leith ag baint leis an nGaeltacht agus lena muintir, agus caithfear díriú mar ábhar práinne ar na cúinsí agus ar na riachtanais speisialta seo. Cloistear daoine á rá gur

ar mhuintir na Gaeltachta féin a bhraitheann sé, ar deireadh thiar, cé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar an Ghaeilge ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile sa nGaeltacht. Ar leibhéal an-shimplí tá fírinne áirithe sa ráiteas seo. Ach, ar leibhéal níos doimhne, is rí-amadach ar fad é mar ráiteas. Ní h-aon rud simplí in aon chor é na roghanna a dhéanann daoine i gcleachtais teanga agus cumarsáide. Mar a chéile atá an scéal sa nGaeltacht. Má tá teanga ar bith gearrtha amach ar fad ó réimsí tábhachtacha den saol faoi mar atá sé ag pobal ar bith, is cinnte gur lú an meas, dá réir, a bheidh ag pobal na teanga sin ar an dteanga atá acu; agus gur mó an seans atá ann go mbeidh fonn orthu iompó ar

theanga atá go h-íomlán i seilbh an tsaoil chomhaimseartha

Teilifís na Gaeltachta Riachtanach

Má tá an Ghaeilge gearrtha amach ó réimsí tábhachtacha de shaol mhuintir na Gaeltachta ag druidim le deireadh an fichiú chéid (nó má tá sí in áit na leathphingne sa tsaoil sin) is cinnte go dtéigfear í, agus go dtiocfaidh an Béarla ina h-áit. ríá theastaíonn ón Stát- nó ó mhuintir na hÉireann - go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga bheo sna ceantair Gaeltachta (agus, a fortiori, go leathfadh sí ar fud na tíre) chaithfear a chinntiú go mbeidh muintir na Gaeltachta in ann saol iomlán an lae inniu a chaitheamh go sásúil trí an Ghaeilge: caithfidh siad scoth an oideachais d'fháil trí Ghaeilge; caithfidh siad deiseanna fostaíochta d'fháil sa mbaile (agus caithfidh gné na teanga a bheith lárnach sa phleanáil le h-aghaidh fostaíocht sa nGaeltacht). Gan deiseanna oideachais agus fostaíochta ní féidir le pobal ar bith féachaint i ndiaidh a h-athnuachana. Caithfear, freisin, réimse uile na seirbhísí atá ag teastáil ó phobal sa lá atá inniu ann a chur ar fáil i dteanga an phobail sin (rud a chiallaíonn, ach go h-áirithe, go gcaithfidh gach seirbhís agus gnó de chuid an Stáit a bheith ar fáil don nGaeilgeoir ina theanga féin). Sin é an fáth, ar ndóigh, go bhfuil Teilifís na Gaeltachta riachtanach. Is í an telefís croílár ghréasán cumarsáide, eolais agus siamsaíochta na -aimsire seo ina mairimís. Bun-riachtanais ag pobal teanga seirbhísí telefíse sa teanga sin a bheith ar fáil. Aithnítear an fhírinne seo ar fuaid an domhain mhóir. Na fíricí seo faoi thodhchaí na teanga, agus faoina cuid riachtanais, is fíricí iad a thuigeann na saineolaithe agus na h-údair.

Is fíricí iad atá curtha in iúl agus mínithe go soiléir don Rialtas sa Stát seo le roinnt mhaith bliain anuas. Muna dtuigeann an Rialtas céard tá ag teastáil le go mbeadh seans téarnaimh i ndáiríre ag an nGaeilge mar theanga bheo sa nGaeltacht, agus sa tír fré chéile, san am atá le teacht, ní de bharr easba eolais ná comhairle an daille seo ar pholaiteoirí agus ar a gcomhairleoirí. Ach, ná bíodh aon amhras ar éinne faoi rud amháin: an Rialtas nach bhfuil sásta bun-sheirbhísí (seirbhísí telefíse san áireamh) a chur ar fáil i nGaeilge do phobal na Gaeilge, níl ceart ar bith ag an Rialtas sin bheith ag áiteamh is ag achainí ar mhuintir na Gaeltachta bheith dísle dá ndúchas agus gan faillí a dhéanamh ar a ndualgas i leith na teanga agus i leith an náisiúin.

Déantar beart de réir na mbriathar!

CLÓDÓIRÍ COE-DOOREE CLOWDOORI CLÓDÓIRÍ

CLÓDÓIRÍ COE-DOOREE CLOWDOORI CLÓDÓIRÍ

CLÓDÓIRÍ COE-DOOREE CLOWDOORI CLÓDÓIRÍ



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-93251/93157 Facs: 091-93159

Seirbhís Phriontála don tír trí chéile
ó chlólann Gaeltachta

CLÓDÓIRÍ COE-DOOREE CLOWDOORI CLÓDÓIRÍ



TELEGAEI

An Spidéal, Co. na Gaillimhe Teil: 091-83460 Facs: 091-83464

Saoraidí Táirgíochta Teilifíse

Cláracha de chuid Telegael a bheas le feiceáil sa bhFómhar ar Network 2.

JABAS: An chéad soap teilifíse i nGaeilge. Sraith 12 clár do dhéagóirí do dhéagóirí ag tosnú ar Network 2, mí na Samhna.

BOULI: 78 clár cúig nóimíd gach Luan agus Aoine ar Network 2 ag 3.00

Telegael a d'ullmhaigh an clár seo sa Spidéal ag úsáid aisteoirí Ghaeltachta.

"I'LL NEVER GO BACK NOW!"

Pádraig Standún

Tá fiche bliain de mo shaol caite agamsa i nGaeltacht Chonamara agus Árann, agus tá súil agam cibé saol atá i ndán dom a chaith-ea mh inti freisin. Cé go mbíonn ar shagairt dul san áit a gcuirtear iad, tuigeann formhór na n-easpag anois nach maith do shagart ná don phobal duine a bheith san áit nach dtaitníonn leis. Tá an rogha tugtha domsa ag m'Ardeaspag an Ghaeltacht a fhágáil, má thograim. Ach tá a fhios ag an Dr Seosamh Ó Caiside gurb í an Ghaeltacht mo rogha. Tuige?

Ceist mhaith. Ceist nach bhfuil mé in ann í a fhreagairt go héasca. Bain-eann sé le spiorad a bhraithim sna daoine. Baineann sé le hÉireannachas, cé nach ndéarfainn ag an am céanna gur lú mar Éireannaigh mo mhuintir i Maigh Eo nach bhfuil aon Ghaeilge acu, nó gur lú mar Éireannaigh iad Aondachtóirí an Tuaiscirt. Ach is sa Ghaeltacht a fhaighim an tÉireannach is mian liomsa mé féin a bheith. Baineann sé seo, feictear dom, leis an spiorad dochlofte nár mharaigh drochthalamh, bochtanas, cóilín-teacht, Béarla, imirce, piúratánachas, polaitíocht na bpáirtithe, turasóireacht an Chomhphobail Eorpaigh. Mhair, mair-eann agus mairfidh an Ghaeltacht tríd seo ar fad, ach misneach a choinneáil.

Ceapann lucht an drochmhisnigh go bhfuil an Ghaeltacht cailte agus go bhfuilimid ar a tórramh cheana. Ach má bhreathnaíonn siad sách gar do na liopaí, feicfidh siad go bhfuil beatha sa seanchorp fós. Shiúil mise roinnt mhaith den Ghaeltacht i rith na mblianta atá caite, mar go raibh am saor agam le scríbhneoireacht go lán-aimseartha. Má tá sí ar a dé deiridh, caithim a rá gur súpláilte an corp é. Lean mé dráma a scríobh mé féin, mar shampla, 'BIDÍN', léirithe ag muintir Inis Meáin sna trí oileán seo, agus faoi dhó ar an gCeathrú Rua, mar nach raibh an halla sách mór don lucht féachana. Chonaic mé muintir Chorr na Mona á chur i láthair sa mbaile, sa Cheathrú Rua agus i dTaibhdhearc na Gaillimhe, aisteoirí Rath Chairn ina nIonad Pobail féin agus i gKilburn faoi dhó. Cinnte, ní dhéarfadh duine ar oíche ar bith acu sin go bhfuil deireadh le Gaeilge ná le Gaeltacht. Agus níl ansin ach samplaí de dhráma amháin.

Nuair a bhreathnaítear ar an obair

mhall ach éifeachtach atá ar siúl ag oiread coistí pobail agus comhar-chumainn, coistí deonacha ar mhaithe le sean agus míchumasach, spóirt agus caitheamh aimsire, feiceann duine an bheocht atá sna pobail áitiúla, in ainneoin imirce is eile. Ní shin le rá nach bhfuil fadhbanna agus fadhbanna

móra ann, ach faigheann na fadhbanna i bhfad níos mó poiblíochta ná na rudaí dearfacha atá á dhéanamh ag na daoine iad féin. Mar gur strainséar mise sa Ghaeltacht, b'fhéidir go bhfeicim na rudaí seo ar bhealach difriúil ón té a rugadh is a tógadh sa cheantar, ach níl dabht ar bith agamsa ach go bhfuil dul chun cinn an-mhór go deo tarlaithe sa Ghaeltacht ó tháinig mise



isteach inti i 1971. Tá muintir na háite ag cur ord agus eagair ar a ngnéithe féin. Tá an lá gur isteach a tháinig na múinteoirí scoile uile beagnach, imithe. Tá muintir na Gaeltachta ina ndochtúirí, ina dtréadlianna, ina bpotaicéirí, ina n-ealaíontóirí, ina bhfoilsitheoirí, ina scannánóirí, ina n-iriseoirí. Tá oiread ríomhairí is atá speal is sleán in n-úsáid. Ní hé gur cheart níos mó ómóis a thabhairt don nua ná don sean, ach táthar in ann maireachtáil go compórdach le taobh a chéile.

'... Tá muintir na Gaeltachta ina ndochtúirí, ina dtréadlianna, ina bpotaicéirí, ina n-ealaíontóirí, ina bhfoilsitheoirí, ina scannánóirí, ina n-iriseoirí ...'

An rud is mó ar fad a thaitníonn liom faoin taobh tíre seo ná go bhfuil daoine leathan-aigeantach den chuid is mó. Ní hé go n-aontaíonn siad le haon rud nó le gach rud a déarfadh nó a dhéanfadh duine, ach tugann siad cead a chinn do dhuine níos mó ná in áiteacha eile sa tír seo. Céard d'fhéadfainn a rá ach seanráitis na nÉireannach thall i Sasana - *"I'll never go back now."*



• Micheál Ó Gríofa ag caitheamh cruithé ag Féile an Dóilín 1982 (Tadhg Keady)

An Ghleoiteog

BIALANN

Ros a'Mhíl & 091-72237

Stéigeanna • Bia Mara • Sailéidí
Á la Carte • Fíon

Bia den Scoth - Oscailte 7 lá

ADHMAD TEO.


Casla, Conamara Teil: 091-72290

Dóirse & Dóirse
Frithsheasmhacha Tine
Fuinneoga & Gloine
Aonaid Cistin

ACM ROOFING

Carna, Conamara Fón: 095-32251 Facs: 095-32341

Salneolalthe Prolfisiúnta &
Conraltheoirí na nDíon
Salneolalthe ar
Fráma Cruach Folgrnlimh



Tá ACM i mbun oibre le os cionn 20 bliain. Tá jabanna móra á ndéanamh againn ar fud na tíre. I measc na háiteanna ar oibrigh muid le dhá bhliain anuas tá Loch Garman, An Tulach Mór, Baile Átha Cliaith, Muigh Eo agus Gaillimh.

Bheadh áthas ar Shéamas Breathnach praghas a thabhairt ar obair.

An Braon Anuas? ... Glaoigh Orainn
Áras gan ceann? ... Glaoigh Orainn
Fráma Cruach Folgrnlimh? ... Glaoigh Orainn

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!



Raidió na Gaeltachta Saor-Raidió Chonamara

Seosamh Ó Cuaig

Tá aithne agam ar fhear áirid a bhíodh ag dearbhú go síoraí dom i dtús na bliana 1969 nach raibh i gcaint faoi raidió Gaeltachta a bhunú ach caint gan chéill agus gurb éard a bhí le déanamh ó cheart feabhas a chur ar líon na gcláracha Gaeilge ar Raidió Éireann.

An fear céanna inniu shílfeá gurb é féin go pearsanta a chuir stiúideo Chasla le chéile, ó bhloc go bloc agus ó bholta go bolta, leis an gcaoi a mbíonn sé ag cur síos ar an leas atá déanta ag an tseirbhís Ghaeltachta ó lá a bunaithe.

Cén bhrí dá mbeadh sé sásta a admháil gur athrú intinne a tháinig air - rud a d'fhéadfadh tarlú do dhuine nádúrtha ar bith. Ach ní bheadh ná go deo. Cloisfidh tú daoine eile ag rá go raibh stáisiún na Gaeltachta i gceann

Éamoin de Valéra na blianta fada ó shin - nó ina chroí b'fhéidir, os isteach ina chroí a bhíodh air breathnú uair ar bith a mbíodh beart nua tábhachtach éigin á chur ina shuí aige. Ach más ina cheann nó ina chroí a bhí sé ní dheachaigh sé níos faide.

Is í an fhírinne ghlán, shoiléir, ar ndóigh, nach mbeadh Raidió na Gaeltachta ann anois, ná caint ar bith air, murach gur bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta i Márta na bliana 1969. Is í an Gluaiseacht seo a dhúisigh an Ghaeltacht den chéad uair agus is í an Gluaiseacht is tuisce freisin a chuir éileamh cinnte chun cinn as an taobh seo tíre ar son stáisiúin raidió dár gcuid féin. Rud níba thábhachtaí ná sin seacht n-uair ba í an Gluaiseacht a chuir Saor-raidió Chonamara ar bun in aghaidh an dlí. Ba dearfa go mór de ghníomh é sin ná dá mbeadh De Valéra ag breathnú isteach ina chroí ó shin, gan trácht ar thuarascálacha a bheith á scríobh ná rúin á moladh.

Tá scéal an tSaor-raidió insithe chomh minic sin anois agam go bhfuil mé éirithe tuirseach de mar scéal. Na dátaí féin tá siad imithe in ainseal orm. Ach tá cnámharlach an scéil i mo intinn fós agus beidh i gcónaí is dócha.

I nDoire dom tar éis "The Battle of the Bogside" chuala mé "Raidió Free Derry". Ar theacht anuas abhaile dom arís scríobh mé ar "Inniú" gur cheart raidió mí-dhleathach a bhunú sa Ghaeltacht ar mhúnla Dhoire. Dúirt mé nár theastaigh ach scil theicniúil... go raibh dream i gConamara a dhéanfadh an chuid eile.

Bhí fear óg i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, a raibh an scil seo aige. Léigh sé an t-alt agus nuair a casadh go Gaillimh é go gairid ina dhiaidh sin chuir sé tuairisc an dreama seo i gConamara a raibh suim acu i mbunú stáisiúin fothalamh.

As sin a tháinig. Bhunaigh muid i gcarabhán i Ros Muc é seachtain na Cásca. MUID an focal ceart freisin, ar eagla na míthuisceana; murach an



• Seosamh Ó Cuaig

"... Cuimhním go háirithe ar an oíche a raibh muid ag cur an treallaimh le chéile thuas staighre Tigh Mhaidhcó agus an Sáirsint ag breathnú ar an teilifís thíos staighre sa mbeár ..."

Henry the Eighth thart agus thosaigh sé ag cur 'Púcán Mhicil Pháidín' amach dá chroí chomh maith is a casadh in

grúpa dísle a chuaigh in aghaidh an dlí an uair sin, agus a chuidigh go dícheallach leis an teicneoir, Mícheál Ó hÉalaithe, ba bheag ab fhiú m'ailtín suarachsa ar "Inniu" faoi Raidió Free Derry.

Bhí sé ag craoladh againn i Ros Muc agus bhí sé ag craoladh againn arís ar An gCeathrú Rua. Bhí an-spraoi againn lena linn agus is iomaí eachtra barúil a tharla fad is a bhí muid ag plé leis. Cuimhním go háirithe ar an oíche a raibh muid ag cur an treallaimh le chéile thuas staighre Tigh Mhaidhcó i Ros Muc agus an Sáirsint ag breathnú ar an teilifís thíos staighre sa mbeár - ar scéal iomráiteach 'Henry the Eighth.' An chéad uair eile d'iompaigh

Iorras Aithneach riamh é.

"Trioblóid theicniúil" a thabharfaí air inniu is dócha.

Agus arís an ghruaim a bhí ar Tom Clarke nuair a fuair sé amach cá raibh an carabhán a hfreáileadh go múinte mánla uaidh seachtain roimhe sin...

Ach níl iontu sin ach cuimhní fánacha. An rud ba mhó ar fad gur mhúscaíl Saor-raidió Chonamara bród agus misneach i muintir Chonamara agus gur thug sé dushlán an rialtais ar bhealach a chaithfí a fhreagairt. •



• Cuid den fhoireann a chuir Teilifís na Gaeltachta ar an aer i Ros Muc, Deireadh Fómhair 1987; Billy Keady, Seosamh Mac Donncha, Colm Ó Mainnín agus Piaras Ó Gaora.

• Óst na nOileán •

Tí Lee

Leitir Mealláin 81161

Óst & Bialann

Ceol gach

deireadh seachtaine

Wilson Coaches

Caisleán, Indreabhán 091-93322

Hireáil Príobháideach, Turasanna

Scoile, Bainiseachaí

14 - 53 suíocháin

Rátaí Maithe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

J. Walsh MPSI

Cogaslann

An Spidéal

Teil: 091-83201

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

J.P. MYLOTTE

CARNA

SIOPA GRÓSAERA

An Béaloideas agus an Pobal

Pádraig Ó hÉalaí

Tá Gaeltacht na Gaillimhe ar cheann de na ceantair is tréine inar bailíodh béaloideas, rud a thugann le fios go raibh saibhreas thar an ngnáth ag baint leis an oidhreacht thraidisiúnta sa taobh seo tíre. Le céad bliain anois sa cheantar, tá spéis gníomhach á chur san ábhar agus taifeadadh á dhéanamh air.

I nóchaidí na haoise seo caite rinne beirt eachtrannach a gcion féin den obair seo, mar atá, Jeremiah Curtin Meiriceánach, a thóg scéalta i gCill Chiaráin go háirithe, agus Holger Pedersen a bhailigh seanchas in Inis Mór, Árainn. Ní eachtrannaigh amháin, a bhí gafa leis an obair seo, afách, agus táimid faoi chomaoín mhór ag daoine mar John Millington Synge, William Larminie, James Berry Peadar Ó Direáin, Seán Mhac Giollarnáth, Séamus Mac an Iomaire, Peadar Neill Ó Domhnaill agus Seán Ó Conghaola as an léiriú cumasach ar ghnéithe éagsúla den saol traidisiúnta atá curtha ar fáil acu dúinn ina gcuid scríbhinní.

Is faoi choimirce choimisiún béaloideas Éireann (1935-71), afach, a bailíodh an fómhar is bláfaire agus is fairsinge de bhéaloideas an cheantair. Tá buanchaomhnú déanta air sin anois sna mílte agus mílte leathanach a bhreac bailitheoirí an choimisiúin síos, daoine mar Prionsias de Búrca, Séamus Ennis, Liam Mac Coisdeala, Colm Mac Gill Eathain An Mgr Eric Mac Fhinn, Máirtín Ó Cadhain agus Seán Ó Flannagáin, gan ach an beagán acu a áireamh. Sna blianta 1937-8 bhí scéim bailiúcháin ar siúl i mbunscoileanna an Stáit agus bhí scoileanna sa cheantar seo páirteach go gníomhach ann. Tá an cnuasach seo ar fad ar coimeád anois i Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus b'fhéidir nár mhiste a lua go mbíonn an Roinn sin (i mBelfield) ar oscailt don phobal ó Luan go hAoine (2.30-5.30pm) agus fáilte faoi leith ann roimh ghaolta agus lucht aitheantais na seanchaithe ar tógadh an t-ábhar uathu. Níos giorra de bhaile, tá cóip mionscannáin de chuid mhór den ábhar i leabharlann Choláiste na hOllscoile, Gaillimhe agus tá cóip mionscannáin den bhailiúchán a rinneadh i scoileanna an cheantair, i leabharlann an chontae ar an Oileán



• An Pátrún i gConamara

Ealbanach.

Tuiscint réasúnta sásúil ar cad atá i gceist le béaloideas is ea gurbh é atá ann ná an chuid thraidisiúnta de chultúr an duine, idir fhocail thraidisiúnta (e.g. scéalta, seanfhocail, páidreacha, mallachtaí, tomhaiseanna, srl), smaointe traidisiúnta (e.g. gur rud mí-ámharach é scáthán a bhriseadh, nó bean rua a chasadh ar iascaire, nó gur tuar báis é giorria a theacht i gcóngar an tí, nó éan a bhuail le gcoinne na fuinneog srl) agus ghníomhartha traidisiúnta (e.g. turas an tobair a thabhairt, cros Bhríde a dhéanamh, an drúcht a shiúl maidin lá Bealtaine, an madra a chur amach le linn tintrí srl.) Baineann leis an mbéaloideas dá réir sin, an chuid sin de mheon agus de ghníomharacht an duine a thagann anuas chuige óna shinsir roimhe. Anois, toisc gur rud é an béaloideas a chuirtear ó ghlúin go chéile agus go ndéantar é seo geall leis i gcónaí gan aon chúnamh (ach go minic a mhalairt) ó aon chóras eagraithe oideachais nó creidimh, caithfidh go mbaineann fiúntas éigin leis a fhágann gur fiú le daoine é a choimeád beo. Is bun-fhírinne í ag béaloideasóirí gur rud feidhmiúil é an béaloideas, is é sin le rá, go bhfreastalaíonn sé ar riachtanas éigin de chuid an phobail a chaomhaíonn é, go gcuireann sé lena saol i slí éigin agus gur mar gheall air sin a choimeádtar beo é. Is furasta a thuiscint gur mar sin atá má smaoinimid ná caomhaíonn aon ghné

den bhéaloideas nuair a tharlaíonn nach bhfuil feasta, aon ní le tairiscint aige. Mar shampla, má thuigtear do phobal nach bhfuil sna seanscéalta a tháinig anuas chucu ach ráiméis, nó gur easpa eolais nó oideachais faoi deara nós nó tuiscint thraidisiúnta éigin, ní gnách go gcuirtear ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile na míreanna sin den bhéaloideas.

Ba mhaith liom anois iarracht a dhéanamh gné amháin den tairbhe a bhaineann leis an mbéaloideas a shoiléiriú, mar atá an faoiseamh, an fhuascailt nó an scaoileadh teannais a sholáthraigh sé do dhaoine i gcásanna áirithe.

Bíonn gá ag gach pobal le caitheamh aimsire, le fuascailt ó "thuirse an ghnáthaimh" agus níl aon cheist ná gur sholáthraigh an béaloideas ócáidí spraoi agus spóirt dár sinsear. Is léir, mar shampla, ón saibhreas scéal-aíochta a bhí sa cheantar seo gur chuid mhór agus gur chuid sheasmhach de chaitheamh aimsire an phobail í an scéalaíocht agus an chuartaíocht a chlothaigh sé. Ba mhór an t-éileamh a bhíodh ar na scéalta agus ba mhór an sásamh a bhaineadh daoine as éisteacht leo. Bhain fuascailt agus éalúchas leis an scéalaíocht sa mhéid gur thug sé caoi do dhaoine na teorainneacha a bhaineann leis an staid dhaonna a sháru, mar sna scéalta sáraítear na lochtanna agus na heasnamh a bhaineann leis an saol mar is eol dúinne é. Léiríodh sna

seanscéalta saol go raibh ord agus eager ar gach aon ní ann, go raibh brí le gach caidreamh a bhíodh ag daoine le chéile agus bhí gach eachtra dírithe ar sprioc an scéil, is é sin, go n-éireodh leis an laoch ina ghnó, go dtiocfadh sé ar an dán ba dhual dó. Sna seanscéalta úd ba ghnách an mhaith á chúiteamh le daoine agus a ndrochghníomhartha á n-agairt orthu; gheobhadh an fear beag an lámh uachtair ar an bhfear mór, an fear bocht ar an bhfear saibhir, an t-íochtarán ar an uachtarán; d'éiríodh le mac na baintrí infon an rí a phósadh agus leath na ríochta mar spré léi agus d'éiríodh leis an gcaillín bocht go raibh gach aon duine ag tromaíocht uirthi mac an rí a phósadh; bhí Fianna Éireann ró-mhaith d'aon ghaiscíoch allúrach agus ní raibh aon impí a dhéanfaí orthu ná aon dúshlán a thabharfaí dóibh ró-dheacair dóibh. Cuireadh os comhair na ndaoine iontu nithe mar an óige shíoraí, an íocshláinte dhraíochta agus sparán na scillinge. Tráchtadh ina thuilleadh acu ar theagmháil leis an slua sí, leis na mairbh agus le neachanna neamh-shaolta eile. Dhíriigh siad an tsamhláocht ar an osnádúr agus thug cuid acu scóp d'fhantasíocht ghnéasach (e.g. scéalta faoin leannán sí agus an mhaighdean mhara). Más ag trácht ar theagmháil phearsanta le neachanna neamhshaula a bhí an scéalaí, ba gheall le méadú ar a ghradam insint an scéil.

SCÉALAÍOCHT

Is ea, bhí an scéalaíocht lom lán do nithe a thagair d'easnamh agus d'fhadhbanna bunúsacha an duine - easláinte, an tseanaois, bochtanas, deacrachtaí a bhaineann le céile a aimsiú, fiosracht faoin saol eile srl. agus sáraíodh go héifeachtach iad seo ar fad sna scéalta agus bhain faoiseamh éigin leis sin don lucht éisteachta. Ní hé atá á rá agam gur chreid daoine sna nithe seo a bhí sna scéalta ach is cinnte gur bhreá leo cluais a thabhairt dóibh, mar gur shantaigh an duine riamh an sórt sólais a leanann léiriú ar shaol ina mbíonn réiteach ar gach fadhb, sásamh ar gach mian agus gach aon ní ina cheart. Sin é tarraingt Thír na nÓg, an Ré Órga agus an Mhíllennium. Is cuid sheasmhach de nádúr an duine é tóir a bheith aige ar mhianchomhlíonadh agus níl aon amhras ná gur fhreastail scéalta an bhéaloidis ar an éileamh sin i gcás phobal na dúiche seo tráth.

Seachas na gnéithe sin den

bhéaloideas gur ar mhaithe le caitheamh aimsire agus le spraoi a bhíodar ann go príomha, (ceol, damhsa, cluichí srl.) bhain fuascailt le gnéithe eile den bhéaloidis chomh maith. Bhí sé mar fheidhm ag cuid de fuascailt a sholáthar ón dteannas a bhain le réimsí éagsúla de shaol an duine. Caitheamh bheith i dtaobh le cúpla cás anseo. Lean riamh, mar shampla, teannas áirithe iompar clainne agus bhí nósanna agus tuiscint traidisiúnta ann gurbh í feidhm dóibh, nó go raibh sé de thoradh orthu, maolú ar an teannas sin toisc gur leagadar síos cad é go díreach a bhí le déanamh ag bean ina leithéid de chás, ionas go seachnódh sí an tubaist agus go rithfeadh a cúrsa go réidh socair léi. D'fhéach an béaloideas mar shampla, le treoir a thabhairt i gcás dhá iomard ar leith, mar atá, bearna mhí agus cam reilige. Bhí an tuiscint ann go mbeadh baol bearna mhí ar an leanbh dá bhfeiceadh an mháthair giorra le linn í bheith á iompar. Tuigeadh dá réir sin gur cheart do bhean thorrach fanacht glan ar ghiorraithe - níor cheart fiú trácht ar ghiorra ina láthair - agus sa chás go bhfeiceadh sí ceann gur cheart di ball éadaigh dá cuid a stracadh agus sa tús sin go gcuirfí an baol ón leanbh. Ceapadh go mbeadh baol cam reilige ar leanbh dá mbainfí tuisle i reilig as a mháthair le linn di bheith á iompar agus tuigeadh dá réir sin gur cheart do bhean thorrach fanacht glan ar an reilig ionas go seachnódh an tubaist sin. Bheadh sé de shásamh ag bean a chloífeadh leis na teoracha seo go raibh a dícheall á dhéanamh aici dá leanbh agus fiú sa chás go mbeadh ceachtar den dá iomard sin air nuair a shaolódh é, bheadh míniú aici láithreach air agus bhainfeadh faoiseamh áirithe leis an tuiscint nárbh uirthi féin milleán maidir leis. Ar an taobh eile, tuigeadh gur chúnamh don bhean thorrach é dul isteach i gceárta agus is cosúil go mbíodh a leithéid ag iarraidh leithscéil chun dul ann agus go mórmór gur chúnamh di uisce na ceárta a ól nó na boilg a sheideadh. Measadh (agus tá an tuiscint beo fós) gur chúnamh i saolú linbh é ball éadaigh lena fear céile bheith á chaitheamh ag an mbean agus fáinní a bhaint dá méir agus aon snaidhm a bheadh ina gruag nó ina cuid éadaigh a scaoileadh. Chinnteadh na rudaí sin nach mbeadh aon deacracht aici an leanbh a thabhairt slán ar an saol agus bhí faoiseamh dá réir á thairiscint acu dóibh siúd a ghéill dóibh.

Gné eile de shaol an duine go

leanann suaitheadh agus trí chéile é is ea an bás. Sa chás seo leis tháinig an béaloideas i gcabhair ar dhaoine mar thug sé le fios dóibh go cruinn cad a bhí le déanamh acu ar ócáid báis. Dá measfaí, mar shampla, go raibh an bás á shaothrú ró-chrua ag an othar, dhéanfaí é thógáil den tocht sa leaba agus é a chur ina luf ar an urlár - chun go mb'fhusa don anam sfothlú as. Ar an gcúis chéanna ní thiofadh idir é agus an doras agus d'oscailfí doras nó fuinneog an tseomra ina mbíodh an t-othar ag fáil bháis. Tar éis an bháis ansin stopfaí an clog, chlúdfófaí an scathán, chóireofaí an corp agus rachfaí ar aghaidh leis an tórramh agus leis an adhlacadh de réir na ngásanna fadhbunaithe. Ba fhaoiseamh do dhaoine é na deasghnátha seo a chomhlíonadh ar ócáid báis mar bhí beannacht an traidisiúin ar na rudaí sin go léir agus d'fhéadfadh an té a lean iad a bheith cinnte de go raibh gach aon ní á dhéanamh aige mar ba chóir ag an am criticiúil seo. Ba fhuascailt chomh maith do dhaoine muinteartha an mhairbh go mbeadh caoi acu féin a gcion a dhéanamh ionas go mbeadh suaimhneas sa tsíoraíocht ag an té a bhain leo. Thug paidreacha agus deabhóidí an chaoi sin dóibh ar ndóigh, ach bhí nósanna eile leis ann chuige sin, e.g. éadach an mhairbh a thabhairt do dhuine éigin le caitheamh tar éis iad a thabhairt trí Dhomhnach go dtí an aifreann nó nithe áirithe a chur sa chónra leis an marbh.


FAOISEAMH SA MBÉALOIDEAS

Uaireanta thug an béaloideas fuascailt i slí eile ar an dteannas a bhain leis an mbás mar gur sholáthraigh sé míniú ar cad ina thaobh gur tharla sé. Bhí sé seo i gceist go háirithe le bás anabair mar ba mhinic á lua é gurb iad an slua sí faoi deara bás dá leithéid sin - an leanbh óg a gheobhadh bás go hobann nó an mhathair a chaillfí ar leanbh. Tá léiriú eile ar an bhfaoiseamh a bhí le fáil ón mbéaloideas i gcás tuismitheoirí go raibh leanbh éalaingeach nó mí-shláintiúil acu. Is léir ó fhianaise an bhéaloidis gur creideadh go bhfuadafódh an slua sí leanaí sláintiúla agus go bhféadfaí iarlaisí aimlithe ina n-áit. Rithfeadh sé láithreach le duine gur mhór an t-ábhar imní do thuismitheoirí an tuiscint go raibh bagairt den sórt seo ar a gclann agus gur tionchar an-diúltach a bheadh ag an traidisiún sin ar shaol an phobail. Is cinnte gur chothaigh sé teannas, ach is cinnte leis gur léiriú ar theannas a bhí ann cheana féin a bhí sa traidisiún seo, mar atá, imní thuismitheoirí faoi

shláinte a gclainne. Is as an imní sin a d'eascair an traidisiún ach féach go raibh taobh deimhnitheach leis chomh maith. Ba chúnamh do theaghlach an linbh bhreite é an traidisiún seo, mar sa chéad dul síos, sholáthraigh sé míniú go bhféadfaí féin agus na comharsana glacadh leis, ar an mbreoiacht a bhí ar an leanbh, agus ina theannta sin chuir sé ar chumas an teaghlach éalú ón náire a leanfadh leanbh leo bheith éalaingeach. Bhí a leanbh féin sláintiúil agus ní orthu siúd a bhí aon locht gur fágadh leanbh breite ina áit. Ní hé amháin gur choinnigh an traidisiún seo slán iad ó aon asachán a chasadh leo i dtaobh an linbh, ach ar an leibhéal pearsanta ba chosaint é ar aon mhilleán a bheith acu orthu féin i dtaobh a easláinte agus bheadh tábhacht mhór leis seo dá suaimhneas aigne féin. Bhí a lán réimsí eile de shaol an duine gur thug an béaloideas treoir maidir leo mar lean seantuisicintí agus nósanna na hócáidí criticiúla go léir, e.g. pósadh, iascaireacht, curadóireacht, tógáil tí srl. "Pisreoga" a thugtar go drochmheastúil orthu seo ach is mór den seansaol a théann amú orainn mura dtuigimid go raibh sé d'fheidhm ag na pisreoga seo maolú ar an dteannas a bhain leis na hócáidí sin. Bhí fuascailt i gceist leo mar gur thugadar treoir maidir leis an sórt iompair go mbeadh sé de thoradh air an mí-ádh a choimeád ó dhuine agus an t-ádh a tharraingt air.



• An Chistin, An Cheathrú Rua, sa tseanam.



FUINNEOGA CHONAMARA TEO

AN TULACH, INDREABHÁN
091-93081/93085

Ceardlann an Spidéil




**Fíodóireacht
Cniotáil
Clódóireacht
Seodóireacht
Potaireacht
srl.**



**Déantúsaíocht Chois
Fharraige Teo.**
An Cré Dhubh, An Spidéal
Teil: 091-83298

**Déantúsaíocht
Fuinneoga
Dóirse & Staighrí**





• (Thuas)
Foireann Vincent Fox a ghnóthaigh an chéad áit sa gcomórtas saighdeanna i dTigh Chualáin. Ó chlér: Willie Patch, Gearóid Ó Gríofa, Tomás Ó Cadhain, Patsy Mac Diarmada, Vincent Fox, Micheál Ó Gríofa, Dee Ó Márta, Micheál Ó Cualáin (Pete). (1982).
(Grianghraf: Tadhg Ó Céide)



• (Ar chlér)
Ag díol móna ag Féile Chruinniú na mBád
(Grianghraf: Tadhg Ó Céide)

AGALLAMH

MICHEÁL Ó MÓRÁIN

ag caint le Péigí Ní Chonghaile



Chaith Micheál Ó Móráin 17 mbliain ar Chomhairle Chondae na Gaillimhe mar chomhairleoir de chuid Fhianna Fáil do thoghcheantar Chonamara. Níor sheas sé sa toghchán deireanach don Chomhairle Chontae. San agallamh seo le Peigí Ní Chonghaile, léiríonn sé a intinn ar go leor ceisteanna móra.

Peigí: Cén bhliain ar toghadh tú ar an gComhairle Contae ar dtús, a Mhichíl.

Micheál: i 1974.

Agus cérbh iad na Comhairleoirí eile a bhí ann in éineacht leat an t-am sin?

As Conamara bhí Micheál Ó Flatharta (Miko Sally) as an gCeathrú Rua agus Gearóid Mac Párlháin (Gerald Bartley) as an gClochán agus Seán Ó Mainnín as an gClochán. Ní raibh ann ach ceathrar Comhairleoir don cheantar seo an t-am sin.

Athraíodh é ansin go gairid ina dhiaidh sin agus cuireadh cúigear isteach ann ach an uair sin thóg muid trí shuíochán - thóg Fianna Fáil trí shuíochán as na ceithre cinn.

Cé aige a bhí an ceathrú ceann?

Ag Seán Ó Mainnín, Fine Gael sa gClochán.

Cén difríocht a d'airigh tú idir a bheith i do Chomhairleoir ag an am sin agus sna blianta a raibh tú ag críochnú?

Bhuel, nuair a chuaigh muide isteach ar an gComhairle an chéad uair, an dtuigeanann tú, bhí sé de cheart ag na Comhairleoirí agus ag an gComhairle Contae rátaí a leagan síos don chontae agus ar an mbealach sin bhí cinnteacht airgid ann ach athraíodh é sin tar éis seacht nó hocht de bhlianta a raibh mé ar an gComhairle agus gearradh amach na rátaí ar fad agus bhí muid i dtuilleamaí

déirce ó shin i leith. Bhí muid ag brath ar gheallúint a tugadh do na Comhairleoirí an t-am sin go dtabharfadh an rialtas láir iomlán an airgid a bheadh i dteideal rátaí do na Comhairlí Contae ach athraíodh an dlí sin arís go gairid ina dhiaidh sin agus ní raibh ann ach go dtabharfadh airgead dóibh de réir mar chreid an rialtas go raibh sé ag teastáil uathu.

An bhfuil tú ag rá mar sin go raibh níos mó cumhachta ag an gComhairle Contae nuair a bhí tusa mar Chomhairleoir ar dtús ná sna blianta deireanacha?

"Bhí coistí pobail i gConamara tá suas le deich mbliana fichead ó shin a bhí ag lorg agus ag gleo agus ag iarraidh na rudaí ceanann céanna. An t-aon difríocht a bhí ann agus atá ann faoi láthair ná go bhfuil tacaíocht an mhedia ag Cumhacht agus ag na coistí pobail anois".

Bhí. Bhuel má tá airgead i do phóca tá tú in ann rud éigin a dhéanamh leis ach má tá tú ag brath ar dhéirce nó gnaoiúlacht na muintire nó má tá tú ag brath ar do chuid tuismitheoirí pingineacha a choinneáil i do phóca ní thabharfaidh siad duit ach de réir mar atá siad in acmhainn é a thabhairt duit agus is é an cleas céanna leis an rialtas áitiúil faoi láthair é.

An gceapann tú go dtiocfaidh na rátaí ar ais nó go dtiocfaidh córas éigin ar ais a mbeifear ag bailiú táillí áitiúla arís?

Brathann sé sin dáiríre ar cé chomh tábhachtach is atá cúrsaí rialtas áitiúil i stair na tíre seo nó i dtuiscint an rialtais. Nó go mbeidh neamhspleáchas ag na Comhairlí Contae ón rialtas láir ina gcuid caiteachais agus ina gcuid foinsí airgid ní bheidh córas rialtas áitiúil fiúntach i mo thuairimse sa tír seo go deo arís.

Tiocfaidh muid ar ais chuige sin arís. Cén difríocht a bhí ann ó thaobh stádas Chonamara ag an am - táthar ag tabhairt súntas mhór anois do Chonamara mar cheantar Gaeltachta agus na deacrachtaí atá ag an gceantar ar an taobh seo den Choirib, an rabhthas ag tabhairt an aitheantais chéanna don cheantar i 1974?

Níl a fhios agam. Tá an cheist sin lódáilte agus an-lódáilte. Ba mhaith liom a cheapadh nó ba mhaith liom a bheith den tuairim gur chruthaigh muid tábhacht Chonamara. An bhliain sin go háirithe bhí an-chontúirt ann go gcaillfeadh Fianna Fáil a smacht ar an gComhairle Contae mar a chaill siad ina dhiaidh sin i dtoghcháin le mo linn-se agus mar a chaill siad san toghchán deireanach seo ach san am sin d'éirigh linne trí cinn as na ceithre

shuíochán a thógáil rud a chinntigh go raibh mórán ag Fianna Fáil. Ach níl a fhios agam ar agamsa atá é a rá ach creidim gur chruthaigh Miko Sally agus mé féin agus Gerald Bartley, agus Níoclás a tháinig ina dhiaidh sin agus Tom Welby - gur thug muid poiblíocht do na deacrachtaí a bhí ag Conamara agus is cinnte go raibh muid i gcónaí ag gleo faoi chúrsaí bóithre nuair nach raibh mórán aird á thabhairt orainn - nuair nach raibh aon aird ag na páipéir orainn ná ag an raidió ná ag aon duine eile. Bhí muid i gcónaí ag troid faoi chúrsaí bóithre agus na deacrachtaí a bhí le sárú

faoin mbaill a bhí ar ghutháin agus ar chuile rud eile.

Bhuel, an gceapadh tú go bhfuil an pobal féin níos eolaí anois faoi chéard atá uathu nó faoi chéard ba chóir a bheith acu, cuir i gcás, an eagraíocht pobail Cumhacht agus cuir i gcás Coiste Forbartha Charna féin, is eagraíocht an-láidir anseo iad agus tá siad ag cuartú níos mó seirbhísí chuile lá don cheantar seo - an gceapann tú go bhfuil an pobal níos eolaí anois ná mar a bhí siad an t-am sin nó céard í an difríocht atá tarlaíthe?

Tá an cheist sin suimiúil ach mar shreagra uirthi ba mhaith liom an méid seo a rá: Bhí coistí pobail i gConamara tá suas le, arís taispeánann sé cé chomh sean agus atá mé, deich mbliana fichead ó shin a bhí ag lorg agus ag gleo agus ag iarraidh na rudaí ceanann céanna. An t-aon difríocht a bhí ann agus atá ann faoi láthair ná go bhfuil tacaíocht an mhedia ag Cumhacht agus ag na coistí pobail anois. Tá mé cinnte nach bhfuil aon phobal i gConamara faoi láthair nach raibh daoine ann a bhí chomh gníomhach in imeachtaí an phobail nuair a bhí mise ag éirí suas - tá mé ag caint anois siar thart ar 1959/1960 agus bhí na toscaireachtaí agus bhí na heagraíochtaí agus bhí na hiarrachtaí céanna ar siúl san am sin ach ní bhfuair muid riamh an tacaíocht ón media atá faighte ag na heagraíochtaí atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas.

Ach is dócha nach raibh sí ann - an tacaíocht ag an am. Ní raibh Raidió na Gaeltachta ann ag an am agus ní raibh irisí áitiúla ann ag an am, an raibh?

Ó bhí, bhí go leor irisí áitiúla ann más buan mo chuimhne ag an am, ach dáiríre ba irisí

bheas sna leabhair amach anseo?

Ach tá an bhróg ag luí i bhfad níos géire agus níos gaire ar chúrsaí eile ná mar atá ar cheist na Gaeilge. Tá mise mar shiopadóir ag brath ar an bpobal. Mura bhfuil an pobal in acmhainn maireachtáil ar chaighdeán áirithe is cinnte nach mbeidh mise in ann maireachtáil ar chaighdeán áirithe. An dtuigeann tú, an cheist bhunúsach atá ann don ghnáth dhuine i saol na linne seo ná cé as a dtiocfaidh an chéad chrústa eile agus glacaim leis gur álainn an rud slánú na Gaeilge ach creidim gurb í an gad is goire don scórach ag pobal ar bith in Éirinn inniu – cé as a dtiocfaidh airgead le haghaidh béile na seachtaine seo chugainn a cheannacht?

Aontaím leat agus tá sé sin fíor ach bhí an Ghaeilge saibhir fiú amháin nuair a bhí na daoine i bhfad i bhfad níos boichte ná mar atá siad faoi láthair?

Glacaim leis sin ach bhí an deacracht chéanna acu agus ní raibh an t-athrú tagtha agus ní raibh an t-ionasá chomh géar ar an nGaeilge agus arís go bunúsach níl sa nGaeilge, ach go háirithe don ghnáthdhuine, ach modh cumarsáide. Ní labhraíonn aon duine Gaeilge i gConamara faoi láthair ar mhaithe le £10 rialtais.

Ach tá níos mó inti ná modh cumarsáide, tá compóird inti do na daoine atá in ann Gaeilge a labhairt lena chéile, go dtuigeann siad a chéile ... nach bhfuil sé sin inti?

Sea, ach nach mbeadh sé sin acu dá mbeadh siad ag labhairt Fraincise?

Dá mbeidís tógtha le Fraincís bheadh, ach níl siad tógtha le Fraincís, tá siad tógtha le Gaeilge.

Aontaím leat. An faitíos atá orm go bhfuil iarracht á dhéanamh an Ghaeilge a úsáid mar mhodh saothrú beatha don ghnáthdhuine. Tá daoine ag dul thart ag iarraidh an Ghaeilge a dhíol, gur féidir, déarfaimid, trí pingne a chur ar an bpionta sa Ghaeltacht mar gheall go ndéantar freastal ort trí Ghaeilge, seo é an faitíos atá orm.

Ach nach bhfuil sé sin ann le blianta - nach é sin an polasaí rialtais a bhí ann ón lá ar leagadh síos an stát - go raibh deontais speisialta don Ghaeltacht agus go raibh cearta speisialta ann ó thaobh tithíochta agus scrúduithe srl?

Agus ar éirigh leis?

Níor éirigh ach nach ahin é b'fhéidir an fáth go dteastaíonn rud éigin cosúil le Teilifís Ghaeltachta anois nó rud éigin difriúil, nua? Ní bheadh sé ag cosaint tada ar mhuintir na Gaeltachta ach b'fhéidir cúpla punt breise ar cheadúnas teilifíse nó rud éigin mar sin.

Ach an dtuigeann tú, glacaim leis an bpointe ó thaobh slánú na Gaeilge de go bhfuil gá iomlán le teilifís, teastaíonn sé, is modh fógraíochta é, is modh scaipthe éifeachtach, fíor-éifeachtach é an teilifís, ach ní chreidim i ndáiríre go dteastaíonn an teilifís le Gaeilge a choinneáil beo sa Ghaeltacht.

An cheist deireanach. Céard iad na

rudai a theastaigh uait a bhaint amach le linn duit a bheith i do Chomhairleoir Contae agus nár tharla sé le linn duit a bheith ar an gComhairle Contae?

Ab shin ceist phearsanta anois?

Ceist í ó thaobh na haidhme a bhí agat mar ionadaí pobail.

Bhuel, ó mo thaobh féin de go pearsanta sheas mé in olltoghchán amháin - níor éirigh liom. Throid mé i dtí thoghchán seanaid agus níor éirigh liom cé gur chaill mé ceann acu ar chúig bhóta nó rud éigin mar sin a bhí ann. Ach ó thaobh an phobail de - an rud is mó a ghoill orm nár éirigh liom ariamh an scéim réigiún uisce a sháil do Ros Muc - sin í an ceann is mó a ghoill orm agus bhí go leor fáthanna nár éirigh leis sin.

Tá mé in amhras anois go mb'fhéidir go mbeidh moill blianta eile air sin mar de réir mar a chloisim tá cúlú mór ar chaiteachas airgid agus tá agus is cinnte go bhfuil go leor scéimeanna a thitfeas as a chéile. Ceann de na rudai eile nár éirigh linn a dhéanamh agus is cinnte gur throid muid an-ghéar air agus is dócha gur ceann de na fáthanna é nár éirigh chomh maith sin le hiarrthóirí páirtí an rialtais sna toghcháin áitiúla an deacracht atá ó thaobh bóithre, bóithre áise agus bóithre contae agus an t-aon rud amháin atá le rá faoi, ní ceist áirithe do Chonamara í, ní ceist áirithe do Chontae na Gaillimhe í, is ceist náisiúnta agus is ceist í a gcaithfeas rialtas éigin luath nó mall, dul ina bun i ndáiríre mar tá córas na mbóithre in an-drochstaid ar fud na tíre seo ní hamháin ar fud Chonamara.

Beartla Breathnach

Scrib, Camus

Ba as Scrib, Beartla Breathnach, nó Beartla Pheter Jainín mar a b'fhearr aithne air. Bhí sé pósta le Nain Mháire Bhán agus bhí deichniúr clainne acu.

Ba fear é Beartla a raibh cáil bainte amach aige mar lúth-chleasaí. Is ag caitheamh meáchain is mó a bhí cáil air ach bhí craobh na hÉireann bainte amach aige leis an Javelin, Discus chomh maith leis an sé phunt déag agus an leathchéad. Thug sé leis Craobh na hÉireann sna ceithre comórtais seo in aon lá amháin i gCorcaigh. B'iontach an gaisce é agus b'iontach an onóir do Chamus é an bua seo.

Chomh maith leo seo bhíodh sé ag caitheamh an Hammer, an leathchéad thar an trasnán, léim ard, léim fhada agus ag rith nuair a bhí sé níos óige agus ba snámhoir maith é freisin.

Is iomaí áit a raibh Beartla ag plé le lúthchleasa. Théadh sé go hInis Mór agus hInis Meáin, ag féiltí na mbád mar go hiondúil bhíodh caitheamh meáchain ann. Bhíodh an-suim aige i ngach cinéal lúthchleasa agus ba mhaith leis daoine óga a fheiceáil ag tógáil páirt agus ag déanamh dul chun cinn sna cluichí seo.

Bhí an-suim aige club lúthchleasaíochta a chur ar bun i gCamus ach mo léan, níor éirigh leis é seo a dhéanamh. Tá súil agam go mbeidh muid in ann club a chur ar bun

anseo agus aisling Bheartla a leanúint ar aghaidh.

Tá a chlann féin anois ag tógáil sampla maith uaidh. Tá Craobh na hÉireann bainte amach ag Beartla Óg ag caitheamh meáchain faoi sé bhliain déag agus craobh na hÉireann bainte amach ag Réamonn sa Dornálaíocht.

Rinne siad ionadaíocht ar Éirinn i gCraobh Chomórtais Idirnáisiúnta sa Dornálaíocht agus sa Lúthchleasaíocht.

"Fágaim slán is beannacht ag mo chara dílis,


A d'imigh uainn ar fhógra gearr, Fear macánta dílis a bhí geanúil Críostúil,

Ach tá sé anois in áit níos fearr."

Dán le Séamas Ó Fiannachta, Gleann Trasna



• Ag tarraingt téide ag Rásaí an Dóilín sna seachtóidí. Sé Beartla Breathnach atá i ngreim an rópa ag bun an phictiúir.



An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Oifig & Leabharlann;
Camus, Conamara
Teil: 091-74146 nó 74155

Fáilte isteach chuig oifig an Chomhlachais i gCamus, am ar bith.



COMHARCHUMANN CHONAMARA THAR

Cill Chiaráin, Conamara Fón 095-33436 Fax 095-33413

cc táirne, suimint, adhmaid,
earraí leictreacha &
pluiméireachta, buatais,
eorna, éadach báistí, péint

Vealín go doras agus pléaraca



TÍ TAAFFE

Sráid na Siopaí Gaillimh

Gach rath ar
Phléaraca Chonamara

Gach rath ar Phléaraca Chonamara

Micheál Ó Neachtain

AN SPIDÉAL

Seirbhís Taxi • Mionbhusanna
Busanna do gach ócáid

Seirbhís iomlán sochraid

Glaigh ar Mhike Steve 091-83188/83302

An Bád Mór

Ó chathair na Gaillimhe go Ceann Léime tá tuairim 250 míle de chósta, go leor de ina chuanta beaga agus móra, go háirithe ó Chuan Chasla siar. As an gcósta seo, d'fhás An Bád Mór agus a ghaoilta, an ghleoiteog, an leath-bhád agus an púcán. Tá caint agus cúiteamh le fada cén stair a bhaineann leis an gcineál seo báid. Dúirt Hal Sisk ina alt san iris *Cultura Maritima* sna seachtóidí go raibh bunús Ollanach leis an mbád ach ní mórán cruthú a thug sé.

Ceaptar go dtáinig an Bád Mór chun cinn ag deireadh an ochtú céad déag. Tá sé seo bunaithe ar sheanchas agus ar scríbhinní James Hardiman. Ag scríobh dó in 1820 dúirt sé go raibh báid an Chladaigh i nGaillimh an-bheag roimh 1790 ach ón uair sin amach bhí báid a d'iompródh idir 8 go 14 tonna acu. Chosain siad idir £40 go £50 le déanamh.

Bhí difríochtaí idir an bád seo agus báid eile dá mhéid, go háirithe sa tumble-home mór, agus ráca mór, suas go 45° ar an bposta. Tá na báid mhóra anois idir 37 troigh agus 42 troigh ar fhad. Úsáideadh clocha mar bhallasta agus is anuas orthu seo a cuireadh an mhóin nó pé earra eile a bhí le hiompar. Bhíodh deic ón gcrann amach agus is ansin a chodlaíodh an bheirt a bhíodh ag obair an bháid. Bhíodh áit réitithe le tine oscailte, déanta de leac nó cement faoin deic freisin. Tá an nós seo fós dá choinneáil suas ag Johnny Bailey sa gCapall.

Maidir le rig an bháid, bhí sé simplí - crann amháin, jib a bhí crochta amach ar chrann spreoidhe nó bowsprit, seol tosaigh agus seol mór atá ceithre thaobhach, sé sin - tá cleith nó gaff in uachtar. B'ionn píc an tseoil seo i gcónaí i bhfad níos airde ná crann an



• Ruairí Ó Tuairisg

bháid.

San naoú céad déag ba i nGaillimh a tógadh an chuid ba mhó de na báid seo. De réir tuairisce a cuireadh amach in 1836 bhí 105 bád seoil ar an gCladach. Sa bhliain 1860 bhí 150 acu ann. Tá a fhios againn gur tógadh fiche bád mór ar an gCladach sa bhliain 1835. Fuair na saortha trí scilleacha agus trí ghloine fuisce sa ló, agus gearradh na seolta i séipéal na nDoiminiceánach. Tháinig scaipeadh ar an gcabhlach mór seo agus b'í an *Truelight* le Máirtín Oliver an bád iascaigh deiridh a bhí ann. Go deimhin níor ligeadh an

traidisiún i léig mar tá bailiúchán breá gleoiteoga le feiceáil ar an gCladach inniu. Bhí saortha eile i ndeisceart na Gaillimhe - Keane agus Brannelly. Tá bád le Brannelly faoi lán-tseoil i gcónaí, bád Mháirtín Ó Briain - *An Tónaí*. Deirtear gur maraíodh Brannelly nuair a thit crann báid air agus é fós ina fhear óg. Ar dtús ceannaíodh báid Chonamara i nGaillimh ach ó tuairim is 1850 ar aghaidh bhí an cheird acu féin. Chuaigh cuid acu ag obair i nGaillimh - Seán Ó Ráinne, Seán Ó Clochartaigh agus Seán Ó Domhnaill (Johnny Labhcáis).

Thart ar 1840 nó mar sin tháinig Seán Ó Laoi as Leitir Mealláin go Maoinis agus mhúin sé an cheird do Sheán Ó Cathasaigh. Bhí triúr mac le Seán, Pádraig, Máirtín agus Johnny ag plé leis an gceird. 'Sé Seán Ó Laoi a thóg *An Connacht* in 1842 a báitheadh cúpla bliain ó shin. Thóg na Cathasaigh an *Mary Ann of Galway*, *An Áirc* agus an *St. Patrick* i measc go leor eile.

I Maoinis freisin dár ndóigh bhí na Maoilchiaráin agus na Clochartaigh atá ag obair ansin i gcónaí. Sé Colm a thóg an *Mac Duach* agus thóg na Clochartaigh an bád a bhfuil a n-ainmneacha uirthi - *An Meaircín Joe*.

Go dtí lár na haoise seo bhí droch-chóras bóithre nó b'fhéidir gan bóthar

- (Ar chlé) Báid mhóra luchtaithe le feamainn - 1945.
(Le cead ó Ard Mhusaem na hÉireann).

ar bith go háiteacha mar Ros Muc, Carna, Leitir Móir, Leitir Mealláin. (Ar tháinig feabhas ar an saol?) Mar sin is ar an mbád a bhí daoine ag brath le plúr, bran, min, adhmaid agus chuile earra eile a fháil as Gaillimh. Tugadh móin go hArainn, go Cinn Mhara agus



• Pádraig de Bháldraithe

go Baile Uí bhFiacháin. Amannta go deimhin thug siad mná abhaile leo le pósadh ó na háiteacha seo. Bhí Báid Mhóra ag na siopadóirí, mar Mac an Iomaire i Maoinis, Conraoi i Ros Muc agus Ó Conchubhair i Leitir Móir. Le teacht na leoraithe, agus le tógáil na ndroichead tháinig meath ar obair na



• (Thuas)
Ag deisliú báid i
gCarna i 1945.
(Le cead ó Ard
Mhuaem na
hÉireann).

• (Ar chlé)
Joe Mhaldín
agus
Johnny Bailey



mbád. D'fhan *An Tónaí* le muintir Uí Bhriain agus *An Mhaighdean Mhara* le muintir Uí Dhonnchadha ag tarraingt mhóna go dtí tuairim is 1971. Is leis an dá chlann seo na báid sin ó thús agus in éineacht le *Capall* Johnny Bailey agus Bád Mhicí nó *St. Jude* le muintir Uí Dhomhnaill i dTír

an Fhia, sin iad an t-aon chlann nár lig uathu na báid. Is mór an chreidiúint dóibh é.

Sula gerfochnóidh mé ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do na báid eile a luaigh mé cheana. Tá an Leathbhád níos lú ná an Bád Mór, idir 28 troigh agus 35 troigh, an ghleiteog


níos lú arís - idir 21 troigh go 28 troigh. Sé an cineál céanna feisteas seoil atá ar na báid seo.

Tá cabhail an phúcáin cosúil le gleiteog ach tá difríocht sa gculaith seoil. Níl ach dhá sheol ar an bpúcán, jib agus seol mór. Tá an seol mór crochta ar chleith a thugann tú síos agus timpeall ar an gcrann nuair atá tú ag dul ar chúrsa eile. Tá stair an-sean ag baint leis an gcineál seo seoil agus seo é an seol lateen a úsáideann na hAraibaigh i gcónaí.

Tá baint mhór ag na báid seo ar fad le saol mhuintir na Gaillimhe agus mhuintir Chonamara maidir lena gcuid oibre agus a gcuid caitheamh aimsire. Tá deireadh leo mar bháid oibre ach tá borradh nua tagtha fúthu ó lár na seachtóidí mar bháid phléisiúir. Níl mórán Domhnach sa samhradh nach bhfuil geallta in áit éigin agus tá mé cinnte go bhfuil pictiúr na mbád seo scaipthe ar fad an domhain. Ach fós féin ní fheiceann aon rialtas ná aon Bhord Stáit gur fiú deich triuf iad.

(Tá an t-alt seo bunaithe ar dhá alt Béarla a scríobh Pádraig de Bháldraithe agus Dick Scott).

- R. Ó T.





Cá bhfuil

Cá bhfuil siad anois?
Foireann
Camógaíochta Chois
Fharraige 1981

Cá bhfuil siad anois?

Foireann Peile na Ceathrú Rua a ghnóthaigh Corn Uí Chonaire don dara bliain as a chéile i 1982



siad anois?

Cá bhfuil siad anois?
Foireann Tarraingt
Téide Leitir Móir (A)
a fuair an dara áit sa
gcomórtas ag Féile
na nOileán i 1982.



Cá bhfuil siad anois?
Grúpa ó Ghairmscoil
Chomcille - 1982.

Cá bhfuil siad anois?
Tarraingt Téide (f16)
An Cheathrú Rua - 1982





• Ag baint móna i Ros Muc i 1950 (le cead ó Bord Fáilte)

Peadar Ó Cualáin Innealtóireacht

'An Cearta'
Indreabhán, Co. na Gaillimhe

© 091-93253

Gach dea rath ar Phléaraca Chonamara

MUSGRAVE

CASH & CARRY

Bóthar Thuama, Gaillimh
Teil: 091-55411 Facs: 091-52740

Teach Ósta na Páirce & Teallaí na Páirce

Páirc, An Spidéal
Teil: 091-83159 Facs: 091-83494

Úinéirí: Nóirín & Seán Ó Foighil

Pádraig Mac an Iomaire

COR NA RON, INDREABHAN
091-93111

*Siopadóir le gach
cineál earraí*

Teach Mór na bhForbacha

Nótaí Staire: 1585 - 1936

Liam Ó Gráinne

Surrender and Regrant

De réir pholasaí 'Surrender and Regrant' Éilís 1 - Banríon Shasana 1558 - 1603, ghéill Murchadha na dTua Ó Flatharta ó Chaisleán Achaidh an Iúir in Uachtar Ard agus Ruairí Ó Flaithearta ó Chaisleán Mhaigh Cuilinn (seanathair an údair ón bPáirc) a gcuid taillte don choróin sa bhliain 1585. Shínigh an bheirt acu conradh (*Composition of Connaught 1585*) le Sir John Perrotte, fear ionaid na Banríona. (Ba le Ruairí talamh na bhForbacha ag an am sin). Bronnadh na taillte ar ais arís orthu ar choinníoll go gcuirfidís dlíthe agus custaim Shasana chun cinn ina ndúiche féin. Theastaigh ón gCoróin go gcuirfí deireadh leis an seanchóras Gaelach, go háirithe Dlíthe na mBreithiún - cearta oidhreacht srl. Feicimid ó na cáipéisí gur bronnadh 500 acra talún (cheithre cheathrú) ar *Mharcus Linch Fitz Nichollas of Furboghe, gent*, sa bhliain sin - 1585. (Ba le linn an ama seo a roinneadh Cúige Chonnacht suas ina chondaetha).

An chéad Ghall - Marcus Linch Fitz Nichollas

Chomh fada agus is eol dúinn ba é Marcus Linch Fitz Nichollas an chéad Ghall le cur faoi sna Forbacha. Thóg sé foirgneamh de shaghas éigin in aice na háite ar a bhfuil seanbhallaí an Tí Mhóir inniu. Scríobh John Durston sa bhliain 1699 - "*Six miles beyond Galway is a place called Lynche's Folly from the extravagant design of the owner who endeavoured to raise a mount in his garden to such a height as to overtop a high mountain at the foot of which it is situated so as to have a view of the sea and the neighbouring country.*"

Na Bláca (Blakes) Tús 17ú Aois

I ndiaidh na Loinsigh tháinig na Bláca agus chuireadar fútha ar an ionad céanna. Bhí an suíomh seo an-fheillteach mar bhí sí in aice na



• Teach Mór na bhForbacha

habhann, in áit foscúil agus congarach go leor don trá agus don fharrage. Ba thrádálaithe mhóra i gcathair na Gaillimhe iad na Bláca. Tháinig a sinsir anall go hÉirinn le Strongbow sa bhliain 1169. Tháinig siad go Gaillimh sa 13ú aois nuair a bhí ceannas ag Riocard de Búrca (The Red Earl) ar an mbaile sin. Bhí caisleán mór acu ag Mionloch ar bhrúach Abhainn na Coiribe. Ba daoine móra le rá iad i nGaillimh go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Bhíodar ar cheann de Threabhacha na Gaillimhe áit a raibh 14 treabh ar fad.

An Teach Mór

Bhí cúpla seanteach ag na Bláca 'sna Forbacha sular tógadh an Teach Mór deiridh sa bhliain 1841. Ba Tiarnaí Talún iad a raibh pribhléidí faoi leith acu. Ba leo an talamh ó Dhoire Locháin go Cnoc na Gréine. Ligeadar an chuid ba mhó de amach ar cíós le tionóntaí. Bhíodar géar go leor. Bhíodh ar na tionóntaí lá oibre saor in aisce a thabhairt dóibh uair sa tseachtain. Bhí orthu tuá a thabhairt dóibh le haghaidh stáblaí na gcapall. Bhíodh fear faire acu ag an túr beag in aice le Sruthán na Lúirte (Cnoc na Gréine) le

stop a chur le tuá ag dul soir ó na Forbacha ar mhargadh na Gaillimhe. Ba Chaitlicigh iad agus dá bhrí sin is dócha nár chuir na Dlíthe Peannaideacha (Penal Laws) isteach chomh mór ar thionóntaithe na bhForbacha ó thaobh creideamh de agus a chuir siad ar thionóntaithe eile ar fud na tíre. Tá seans maith gur chuir siad tionóntaithe as seilbh nuair nach mbíodís in ann an cíós a íoc. Bhí droch-cháil ceart ar Thiarnaí Talún an Iarthair san 18ú aois ... "*Haughty Landlords ... who are absolute sovereigns over their respective towns and clans. Their ... oppressive measures have almost depopulated the Province*" - *Hibernia Curiosa*, Dublin 1769.

Saol na mBlácach

Is dócha go raibh saol breá sóisialta ag Bláca na bhForbacha. Bhí freastalaithe agus searbhóntaithe (Gents' Stewards) acu. Bhí capaill agus cóistí acu. Bhí coin (hounds) agus gadhair (dogs) acu le dul ag fiach leo. Is dócha go mbíodh togha gach bia agus rogha gach dí acu - bradáin ón abhainn agus fíon ón Spáinn. (Bhíodh bradáin go flúirseach ar abhainn na bhForbacha an uair úd).

Bhí abha fhada fairsing ón Teach Mór go dtí an Bóthar (Bealach) Mór. Bhí geata mór galánta (*Grand Gate*) ag ceann thíos an aibhinne agus teach geata díreach trasnauidh. Ar chúil an TY Mhoir bhí stáblaí ag na searbhóntaithe. Ar an taobh thiar den abhainn bhí an choill (mar atá i gcónaí) a chlúdaigh suas le ceathracha acra de thalamh garbh. Bhí balla breá cloiche timpeall le ciumhais na coille agus bhí sé ráite go raibh mallacht éigin ar an áit mar nár luigh aon phréachán 'riamh i gCoill na bhForbacha. Thug comhlacht Mháirtín Mhoir Mhic Dhonnchadha as Gaillimh a lán adhmaid as an gCoill seo sa bhliain 1938. Tá gáirleog le fáil i gcónaí in áiteacha ar fud na coille.

An Garraí Mór

Bhí an garraí mór os comhair an TY Mhoir agus balla mór ard thart air. Bhí tornóg ann - áit a ndóití cloch aoil le haol a chur ar fáil mar leasú talún. Bhí garraí na tornóige díreach ó thuaidh den garraí mór.

Cúrsaí Farraige

Caithfidh sé go raibh eolas maith ag na Bláca ar bhádóireacht agus ar chúrsaí farraige. B'iad féin a thug an chloch aoil trasna an Chuain ó Chondae an Chláir leis an Teach Mór a thógáil sa bhliain 1841. Tháinig siad i dtír ag céibh bheag a bhí tógtha acu in aice leis an trá. Tharraing capall agus carr na clocha móra caol díreach go dtí suíomh an tí. Tá long an chosáin ansin go fóill.

Suíomh an tséipéil

- Léana bhán na Péice

B'iad na Bláca a bhronn suíomh an tséipéil - léana bhán na péice - áit ar tógadh Réalt na Mara sa bhliain 1933.

Le fada roimhe sin théadh muintir na bhForbacha go Bearna ar Aifreann. Is ann thoir, ar bhóthar na céibhe atá an tseanreilig, áit a bhfuil formhór de sheanfiondúirí na háite curtha.

An clog atá anois ar shéipéal na bhForbacha b'é a bhí tráth thuas ag an Teach Mór. Ní bhuailtear an clog sin níos mó ach bhí uair ann, thartar thríocha bliain ó shin a mbuailtí an clog sin go rialta gach Domhnach ag fógairt an Aifrinn don phobal. Ag ceann thoir an tséipéil tá tuamba, áit a bhfuil ceathrar de na Bláca curtha. Le linn aimsir na Trioblóide 1922 rinneadh treascart ar an tuamba mar ar baineadh an mital de na cónraí. Bhí séipéilín beag príobháideach ag na Bláca féin faoi dhón an TY Mhoir. Bhí Cillín, áit a gcuirtí páistí nach raibh baistithe, i ngarraí anuas ón ngarraí mór. Tá sé clúdaithe le sceacha agus le tomacha inniu.

Sé ghlúin de na Bláca sna Forbacha

Sé ghlúin dóbh ar fad a chur fútha sna Forbacha ach bhí trí ghlúin eile acu a raibh úinéireacht acu ar an áit suas go dtí 1936. Aindriú an t-ainm a bhí ar an gcéad duine acu a chur faoi san áit agus bhí sé pósta le bean de na Máirtínigh. Bhásaigh sé sa bhliain 1687. Bhí ceangal dlúth gaoil idir na Bláca agus treabhacha eile na Gaillimhe. Ba bheag déileáil a bhíodh ag na treabhacha seo leis an ngnáth-mhuintir (*"the mere Irish"*). Níorbh ionann iad agus roinnt Normánach eile (na Búrcaí) a phós Gaeil, a labhair a dteanga agus a bhféadfaí a rá fútha go rabhadar "níos Gaeil ná na Gaeil iad féin." Ba dhream iontu féin iad na treabhacha - ba leo Cathair na Gaillimhe, bhí trádáil mhór ar siúl acu leis an Spáin, leis an bhFrainc agus le háiteacha eile san Eoraip. Bhíodar beag beann ar an saol Gaelach. Bhí balla mór ard timpeall na Cathrach

agus ba bheag fáilte a bhí roimh an dream taobh amuigh.

"Neither O ne Mac should strutte ne swagger through the streets of Galway".

Maidir leis an trádáil a bhíodh ar siúl idir Chathair na dTreabh agus páirteanna eile den Eoraip, craicne beithíoch agus olann ba mhó a sheoltaí amach; fíon agus salann is mó a thagadh isteach.

Blácaigh na bhForbacha (Sé ghlúin)

1. *Andrew Blake, Marchant of Galway, married Christina Martyn, died 1687.*
2. *Frances Blake m. Jane Martyn.*
3. *Thomas Blake m.*
4. *Francis Blake m.*
5. *Colonel John Blake*
6. *Andrew William Blake, born 1798. m. 1832 Julia Maria Daly of Roford, Co. Galway.*

Aindriú Liam Bláca

B'é Aindriú Liam (Uimhir 6 thuas) a b'fhearr a raibh aithne air sna Forbacha. Rugadh eisean sa bhliain 1798, bliain éirí amach na nÉireannach Aontaithe. Ba lena linn a tháinig an chéad Ghráinneach go dtí na Forbacha mar ghabha ceartan in Aill an Phréacháin (1820).

B'é Aindriú Liam a bhronn suíomh na seanscoile i gCnocán an Bhodaigh, a tógadh sa bhliain 1842. Athoscáladh an seanscoil ar an Déardaoin 4ú Iúil 1991 mar Ionad Pobail na bhForbacha. An tAire Stáit, Pádraic (Cope) Ó Gallchobhair a rinne an oscailt agus a chur tús le Féile na bhForbacha a bhí eagraithe ag an gCumann Forbartha don deireadh seachtaine.

Edmund Martin Blake

Bhí beirt deartháir ag Aindriú Liam, Edmund agus Seán Buí. Bhí talamh

Dhoire Locháin mar chuid de Eastát Edmund Martin Blake suas go dtí 1915 nuair a thóg Bord na gceantar cúng anonn é. Roinn an Bord amach é ar shealbhóirí beaga.

B'é Edmund an méara deiridh (1831-41) ar Ghaillimh go ceann blianta fada. Ní raibh aon mhéara eile ann - easpa airgid - go dtí 1937. Thug Bárdas na Cathrach Claíomh agus Más na Gaillimhe mar focaíocht do Edmund in ionad airgead. Dhíol infon Edmund na hearraí luachmhara seo (siombail an mhéara) ar £4,000 sa bhliain 1930. Tugadh amach as an tír iad ach bhronn Hearst Mheiriceá ar ais ar an gCathair iad sa bhliain 1960. Tá siad le feiceáil anois i mBanc na hÉireann ar an bhFaiche Mhór.

Seán Buí Bláca

Sa bhliain 1806 a rugadh Seán Buí nó Seán Sunday mar a thugtaí air. Is cosúil go raibh fiacha air mar théadh sé i bhfolach i mbothán i lár na coille. Ní thagadh sé amach ach ar an Domhnach mar nach bhféadfaí an dlí a chur air ar an lá sin. Báille a bhí ann. Ní raibh aon ghean ag na tionóntaithe air. Maraíodh le hurchair gunna é agus é ag teacht ó Aifreann thoir in aice le Baile Locha Riach sa bhliain 1882. Bhí cogadh na talún faoi lán-tseoil ag an am. Tá sé curtha sa tuamba ag séipéal na bhForbacha.

"Hi for Blake and Daly"

Julia Maria Daly, iníon leis an Dálach Mór ó Roford, Baile Átha an Rí, a bhí pósta ag Aindriú Liam Bláca. *"Hi for Blake and Daly agus pléidís fhéin le chéile é!"* Is cosúil go mbíodh easaontas ann! Bhí seachtar clainne ar Aindriú Liam. John Archer a bhí ar an duine ba shine a rugadh sa bhliain 1835. Ghlac sé le sloinneadh a mháthar, Daly. Bhí sé ina choirnéal ar na Connaught Rangers. Colonel Daly a thugadh muintir na bhForbacha air. Bhí sé pósta le Lady Anne Elizabeth Charlotte Nugent, iníon leis an 9ú Iarla ar an Iarmhí. Ba leo *Marino Lodge* san áit a bhfuil Óstán Chósta Chonamara anois.

An t-úinéar deiridh de Shliocht na mBlácach

B'í Mrs. Denise Drew an t-úinéar deiridh de shliocht na mBlácach ar Theach Mór na bhForbacha. (Bhí sí pósta cúpla uair, Cole, Winterbolloom). Ba gar-iníon í do Colonel Daly - b'í iníon an Choirnéil í. Dhíol sí an áit sa bhliain 1936. Bhí Ré na mBlácach sna Forbacha - 350 bliain - thart.

Teampall Mhic Dara



Teampall Mhic Dara ar Oileán Mhac Dara. Is i 1953 a tógadh an grianghraf seo sular deisíodh an teampall. (Grianghraf le cead ó Oifig na nOibreacha Poiblí)



Is de bharr brú ó phobail Charna a déanadh an obair dheisiúcháin seo i dtús na seachtóidí. (Grianghraf le cead ó Oifig na nOibreacha Poiblí)

Éamonn Ó Fatharta

An Spidéal 091-83518

- Earraí Grósaera •
- Nuachtáin • Feoil • Gás •
- Beathú Ainmhí •

Ola Mhac an Rí

Ollmhargadh & Stáisiún Artola

*Oscailte Moch & Deireannach
Togha na Seirbhíse ar fáil
Buail isteach chugainn
- beidh fáilte romhat
Teil: 091-93210*

• Dé hAoine 6ú Meán Fómhair •

- 8.00pm **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE** le *Johnny Chóil Mhaidhc* san Ionad Phobail i gCamus. Neart ceoil, amhránaíocht agus craic, le aifonna speisialta.
- 11.00pm **CÉILÍ SA MARQUEE** i gCamus – Banna Cheoil *Rodney's Glory*. Síneadh ama sa mBeár.

• Dé Sathairn 7ú •

- 11.00pm **COMÓRTAS IDIR MHONARCHAIN** a eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Chamuis.
Eolas: Peadar Ó Maoláin 091-92011
- 2.30pm **TAISPEÁNTAS ODHREACHTA MHUINTEARAS** ar oscailt don phobal, Tulach na hÉigse, Camus. Bailiúchán an-spéisiúil de ghrianghrafanna, cáipéisí, seanúirlisí oibre srl., a thugann léargas dúinn ar ghnáth shaol ár sinsir i gConamara.



- 8.00pm Ceolchoirm mhór le **DÉ DANANN** agus a gcáirde sa Mharquee i gCamus.
- 11.00pm Damhsa sa Mharquee leis an **MÁIMÍN CAJUN BAND**. Bronnfar duaiseanna an lae i rith na hoíche. Síneadh ama sa mBeár.

• Dé Domhnaigh 8ú •

- 11.30am Aifreann an Phléaráca i gCamus – á chraoladh ag Raidió na Gaeltachta, le Cór Chamuis & Cór Charna.
- 2.00pm Tús le **PARÁID MHÓR NA BHFLÓT-ANNA** agus **SEÓ MACNAS** i bPáirc Chamuis. Spóirt agus scléip do chuile dhuine, idir óg agus aosta, san Ionad Phobail agus ar an bpáirc ina dhiaidh.

4.00pm **COMÓRTAS TARRAINGT TÉIDE COS-NOCHTAITHE** sa Mharquee.

4.00pm **COMÓRTAS SAIGHID (Darts) & POOL** in Ionad Phobail Chamuis, idir seaimpiní na dtithe tabhairne sa gceantar, le seaimpiní Chonamara a aimsiú.

TAISPEÁNTAS de na heagralochtaí deonacha atá ag feidhmiú i nGaeltacht Chonamara, i dTearmann na Foirnése (Ionad Phobail Chamuis).

TAISPEÁNTAS ODHREACHTA MHUINTEARAS, ag leanacht ar aghaidh i dTulach na hÉigse, Camus.

8.00pm Seisiún Ceoil sa mBeár in Ionad Pobail Chamuis le Kevin & Pádraig Coyne.

9.30pm **DISCÓ** agus **DAMHSA MÓR AN PHLÉARACA** san Ionad Phobail i gCamus le Banna Ceoil Sheán Éiniú agus aoighrúpa speisialta. Comórtas Bopála. Duais don chúpla is fearr. Busanna á n-eagrú ag na Clubanna Óige.

• Dé Luain 9ú - Lá Phátrúin Chiaráin •

- 2.00pm **Halla Pobail Chill Chiaráin**: An chéad léiriú i gConamara de **GHEASA AN FHÉILEACÁIN** – dráma le Lorca, atá feiliúnach do dhaoine óga, léirithe ag Trevor Ó Clochartaigh. (Urraithe ag Bord na Gaeilge)
- 12.00pm Aifreann an Phátrúin ag Tobar Chiaráin.
- 7.00pm Oscailt **TAISPEÁNTAS EALAINE AN PHLÉARACA** sa Dánlann i nDoire Né.
- 8.00pm **COMÓRTAS LIATHRÓID LAIMHE** i bPionúir Chill Chiaráin.
- 8.30pm **OÍCHE SEANCHAIS & SCÉALAÍOCHTA** i Halla Pobail Chill Chiaráin á heagrú ag Cumann Béaloideas na hÉireann. Taispeánfar scannán Bob Quinn 'Oireachtas na nGael' i gCill Chiaráin 1973' (30 nóim) ag tús na hoíche..
- 8.00pm Oíche Ghaelach i dTigh Chualáin, Coill Rua, eagraithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige.

• Dé Máirt 10ú •

- 2.00pm **GEASA AN FHÉILEACÁIN** i Halla Thír an Fhia.
(Urraithe ag Bord na Gaeilge)
- 8.30pm **FILÍOCHT AN PHOBAIL** le fill agus amhránaithe áitiúla in Óstán an Dóilín, curtha i láthair ag Máirtín Jaimsie.



• Dé Céadaoin 11ú •

- 2.00pm **GEASA AN FHÉILEACÁIN** i Halla na Tulaigh.
(Urraithe ag Bord na Gaeilge)
- 5.45pm **COIRM CHEOIL** in Áras Mhic Dara le aghaidh seandaoine.
- 8.30pm Craobh chomórtas **FIOS FEASA** idir An Cheathrú Rua agus na hOileán – Tigh Anraí ar an Droim – á craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta; eagraithe ag Muintearas.
- 9.00pm **OÍCHE NA SCANNÁN** – Óstán an Cheathrú Rua
- **THE IRISHMAN** (50 nóim) - scannán a déanadh i Londain, ina bhfuil páirt tábhachtach ag Josie Sheáin Jack ó Charna.
 - **THE BENEFICIARY** (Carlo Gebler) - scannán bunaithe ar scéal le Chekov, a déanadh i gCois Fharraige le linn na seachtóidí agus go leor de mhuintir na háite páirteach ann.
- 9.00pm Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós (oscailte do dhaoine os cionn 18bl.) sa Chistin, An Cheathrú Rua, i gcuimhne ar Mháirtín Beag Ó Gríofa. 1ú duais: Corn Tí Sé + £75 (curtha ar fáil ag an Chistin); 2ú duais: £50; Duais £50 don damhsóir is fearr faoi bhun 25 bliain.

• Déardaoin 12ú •

- 2.00pm **GEASA AN FHÉILEACÁIN** i gColáiste Chonnacht
(Urraithe ag Bord na Gaeilge)
- 8.00pm Comóradh Chaitlín Maude sa gCrannóg i Ros Muc le fill, ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí ban á gcur i láthair ag Caitlín Bn Uí Chonghaile agus le craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta. (Eagraithe ag Coiste Phobail Ros Muc).

• Dé hAoine 13ú •

- 8.00pm **COMÓRTAS AMHRÁNAÍOCHT AR AN SEAN-NÓS** le haghaidh Corn Tom Pháidín Tom i gCeol na Mara sa Spidéal (le craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta). Ní mhór do na hiomathóirí liosta 5 amhráin a chur ar fáil roimh ré. Píocfar ceann de na cúig amhráin seo as hata le linn an chomórtais agus beidh ar an iomathóir an ceann sin a rá.
Fear an Tí: Seán Bán Breathnach.
1ú duais: Corn Tom Pháidín Tom + £100; 2ú duais: £ 50; 3ú duais: £30.
(Urraithe ag Tí Hughes, An Cruiscín Lán, An Droighneán Donn agus Ceol na Mara).
Beidh beár iomlán ar fáil i gCeol na Mara don oíche.

8.30pm **GEASA AN FHÉILEACÁIN** á léiriú i gCorr na Móna.
(Urraithe ag Bord na Gaeilge)

11.00pm **CÉILÍ & SEITEANNA** in Ionad Phobail na bhForbacha, le banna ceoil **MATT CUINNINGHAM**.
Síneadh ama sa mBeár.

• Dé Sathairn 14ú •

- 10.00am Clárú le aghaidh na gceardlann Ceoil agus Seiteanna.
- CEARDLANN UIRLISÍ** i gCeol na Mara, An Spidéal
Concertina - Micheál Ó hEidhin
Bosca Ceoil - P. J. Ó hIarnáin
An Fhídil - Kay Nesbitt
An Fheadóg Stáin - Mary Bergin
An Fheadóg Mhór - Kay Webster
- CEARDLANN SEITEANNA** in Ionad Pobail na bhForbacha le Mick Mulkerrins agus Máire Ní Iarnáin.
- 12.00pm **TAISPEÁNTAS ODHREACHTA MHUINTEARAS** i gColáiste Lurgan.
- 2.00pm **LÁ SCLÉIPE NA NÓG** - Páirc na mBreathnach. (Eagraithe ag Údarás na Gaeltachta & Áras Uí Chadhain).

12.00pm **LÁ AN PHOBAIL** - ar Pháirc Charna - Comórtais, Spóirt, agus caitheamh aimsire do gach aoisghrúpa. (Eagraithe ag Coiste Forbartha Charna).

3.00pm **GEALLTA BÁC SEOIL** i gCuan Chasla. Gleoiteogal Beaga & Móra, Púcáin, Dinghies. Duaiseanna don bhád is fearr réitithe, don chéad bhád trasna an líne le bean ar an halmadóir, don bhád is faide ó bhaile. (Ní bheidh duaiseanna airgid ann, ach cuirfear dinnéar ar fáil do gach criú a thógann páirt sa ngeall, an trathnóna sin in Óstán an Dóilín) *Eagraithe ag Cumann Seoltóireachta Chuan Chasla. Urraithe ag Sally & Paddy O'Brien & ISPG, Cill Chiaráin.*



3.30pm **COMÓRTAS KAYAKADÓIREACHT** Loch an Mhuilinn, An Cheathrú Rua, *(urraithe ag Óstán an Dóilín).*


8.00pm **DINNÉAR** na mBÁDÓIRÍ, ag a mbronnfar duaiseanna an lae, in Óstán an Dóilín. Ceol agus damhsa ina dhiaidh leis **NA hANCAIRÍ** agus síneadh ama sa mBeár.

9.30pm **SEITEANNA** agus **CÉILÍ** in Ionad Pobail na bhForbacha, le **BANNA CEOIL AN SPIDÉIL**.
Síneadh ama sa mBeár

• Dé Domhnaigh 14ú •

- 11.00am **CEARDLANN SEITEANNA** agus **UIRLISÍ CEOIL**
- 2.30pm **COMÓRTAS SACAIR DO MHNÁ**, 7 an taobh; Corr na Móna.
- 8.00pm **CEOLCHOIRM CHLABHSÚR AN PHLÉARACA**, le deireadh a chur leis an bhFéile i gCeol na Mara, An Spidéal - in onóir Tom Pháidín Tom le scoth na bhfonnadóirí agus na ceoltóirí.
(Urraithe ag Seán & Mairéad Ó Foighil, Siopa an Phobail).
Beidh beár iomlán ar fáil.

Tuilleadh eolais: 091-74143 nó 93185



seán ó srutháin teo.
INDREABHAN 091-83110



ENGINEERING WORKS

INNEALLTÓIREACHT GHINEARÁLTA,
GEATAÍ, RÁILLÍ, DEISIÚCHÁIN srl.

T. Ó Máille Teo.
Ros Muc, 091-74101

*Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe,
Éadathóireacht*

• SIOPA & ÓSTA •
Tí Micó
Ros Muc 091-74121

*Ceol Tridisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann Fistéipeanna
Gual • Flo-gas
Seachadadh saor in aisce*

AN CHISTIN
AN CHEATHRÚ RUA
Teach Spóirt, Ceol agus Craic
Bia agus Deoch

Mhuintir Uí Shé
FÓN: 091-95151



• Pat Jennings, bádóir den scoth, agus a mhac Seán ag réiteach báid i nGaillimh. Sé Joe Conneely, Cathaoirleach Cumann Húcéirí na Gaillimhe, atá sa gcúlra.

Teach Uí Thuathail
Doire Né, Casla.
OIFIG AN PHOIST, CASLA
Grósaer & Trádálai
Fón: 091-72122

SPAR IS FEARR!
An Cheathrú Rua

Pádraic Ó Séaghdha
SPAR
ROS A'MHIL, BAILE NA HABHANN
GRÓSAERA – GÁS
BUISTÉARA

Gach rath ar Phléaráca Chonamara
Saortha Chamuis Teo.
Tógáil & Déantúsaíocht G.R.P.
Camus, Co. na Gaillimhe 091-74202

Geasa an Fhéileacáin

I mí Aibreán na bliana seo, cuireadh tús le tionscnamh nua drámaíochta don óige nuair a tháinig Seán Ó Coisdealbha ó Mhuintearas agus Trevor Ó Clochartaigh ó Na Fánaithe le chéile chun cúrsaí drámaíochta don óige a phlé. Socraíodh go ndéanfaí dráma de chuid Lorca, an file drámadóir Spáinneach agus go mbeadh triallacha do pháirteanna san dráma á n-eagrú sna Gaeltachtaí uilig.

Bhí cúpla rud tábhachtach ag teastáil fós áfach – bhí urraíocht le fáil agus bhí ionad cleachtadh ag teastáil. D'éirigh linn príomh urraíocht a fháil ó Mhuintearas, An Togra Oideachais Gaeltachta agus fuair muid tacaíocht ón tUdarás agus ó Roinn na Gaeltachta freisin. D'éirigh linn teangmháil a dhéanamh le Eithne Nic Lochlainn agus socrú a dhéanamh léi go mbeadh

Baile Uí Chonaill ar an bhFálcarraigh in úsáid mar áis cleachtadh i gcóir an dráma, Geasa an Fhéileacáin. Ar an 29 Iúil, bhí an lánúil den dráma ar súil agus bhí Mick Lally ann mar phríomh aoi. Bhí n18 daoine óga ó na Gaeltachtaí éagsúla tagtha le chéile ag an tráth seo, roinnt acu ag plé le aisteoireacht, tuilleadh ag plé, tuilleadh ag plé le obair chúl stáitse, agus na daoine eile ag plé le poiblíocht, cultachta nó tógáil stáitse. Bhí na daoine seo anois faoi chúram Trevor Ó Clochartaigh agus cibé cúntóir eile ó Na Fánaithe a bhí roghnaithe aige.

Ar an 24 Lúnasa, cuireadh an chéad léiriú ar súil ar an bhFálcarraigh agus bhí gach a raibh ann thar a bheith tógtha leis an léiriú. Ba bhreá an rud na meascáin canúintí a chloisteáil fite ina chéile tríd an drám. Tá muid thar a bheith buíoch gur glacadh linn a bheith

páirteach i measc na himeachtaí atá ar súil le linn Pléaráca Chonamara. Tá muid buíoch do na scoileanna/cúrsaí traenála lena mbaineann na ndaoine óg, na tuismitheoirí atá acu ach thar aon dream tá muid buíoch do na daoine óga, cuid acu a d'fhág jabanna samhraidh chun páirt a ghlacadh san dráma. Scéim píolóiteach a bhí san iarracht seo agus beidh muid ar ais níos treise agus níos eagraithe an bhliain seo chugainn. Ba chóir a rá nach mbeadh aon dráma ann murach príomh urraíocht Mhuintearas. Tá muid go mór faoi chomaoín Na bhFánaithe a chuir an treo ar fáil agus tá buíochas ag dul freisin do Roinn na Gaeltachta agus do Udarás na Gaeltachta as ucht a dtacaíocht.

Seán Ó Coisdealbha
(Stiúrthóir)

Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

Corr na Móna
095-48031

Go n-éirí leis an bPléaráca

Comhghairdeachas le Pléaráca Chonamara ó

Tigh Mheaic

Carna Teil: 095-32240



Teach Tábhairne agus Brú
Suite ar Bhruach na Farraige
faoi bhun an tsléibhe;
tránna áille, ciúnas, síochán

Cóilín Pheadair Shéamais

le Brian Chathail Óig

Cúig bhliana a bhí caite i Meiriceá ag Cóilín Pheadair Shéamais nuair a tháinig sé abhaile an samhradh seo caite. Bhí sé féin agus a bhean bailithe anonn ó phós siad. An fáth is mó ar imigh siad, nach raibh an oiread airgid acu agus a dhéanfadh teach dóibh agus nach dtabharfaidís le rá do na comharsain go gcuirfidís fútha i dteach so-ghluaiste nó go gcaithfidís dul i muiníne na Comhairle Contae le teach a chur ar fáil dóibh.

Ní raibh aon obair sheasta ag ceachtar acu sa bhaile, rud a d'fhág nach bhféadfaidís iasacht bainc ná Cumann Foirgníochta a fháil le teach nua a dhéanamh dóibh féin cé go raibh suíomh tí in aisce faighte acu óna muintir. Is fiú staidéar a dhéanamh ar chás Chóilín mar ní taobh le haon Chóilín amháin atá an taobh seo tíre. Shábháil Cóilín agus a bhean £10,000 eatarra gach uile bhliain ó d'imigh siad. Tá os cionn £50,000 tugtha abhaile acu agus lóisteáilte i mBanc i nGaillimh áit a bhfuil an stát ag fáil 35% cáin choinneála ar ús an airgid sin.

Is £3,000 deontais a gheobhaidh Cóilín anois ó Roinn na Gaeltachta leis an teach nua a dhéanamh. Ní bheidh aon iasacht ag teastáil anois uaidh ach nuair a bhí ní bhfaigheadh sé é. Ní bhfaighidh sé aon fhordeontas morgáiste de £2,000 nuair nach bhfuil morgáiste aige. Cé gur ag déanamh agus ag deasú tithe an obair a bhí thall air ní féidir leis a theach féin a dhéanamh sa Ghaeltacht cé go bhfuil sin ag dul ó mheabhair ar a mhuintir - dream a raibh mórtas riamh acu as déanamh tithe, cróite agus sconsaí.

Sé bun agus barr an scéil seo go mbeidh luach deontas tithíochta sa

Ghaeltacht faighte ar ais ag an stát ó Chóilín Pheadair Shéamais tríd an gCáin Bhreis Luacha a bheas íoctha aige ar ábhar agus ar obair thógála an tí a bhfuil an deontas á fháil air. Mura mbeadh an oiread ag Cóilín agus a dhéanfadh torann ar leic chuirfeadh an tUdarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh nó in áit ar bith eile teach ar fáil dó. Is iad a cheannóidh suíomh tí. Siad a chuirfeadh dath ar bhallaí agus ar adhmaid uile an tí. Dá séidfeadh stoirm an tslinn den dfon is fear ón Udarás Áitiúil agus ní hé tionónta an tí féin a dheasódh é.

Nuair a bheadh péinteáil le déanamh ar an teach seo nó fuinneoga agus doirse nua le cur air siad lucht an Udarás Áitiúil a d'fheicfí ag teacht leo agus á socrú isteach in áit na seanchinn.

Tóg anois fear a bhfuil cónaí air in áit ghalánta i mBaile Átha Cliath agus teacht isteach de £50,000 sa bhliain aige. Ceannafonn sé luach £75,000 de theach agus faigheann sé iasacht de £50,000 ó Chumann Foirgníochta lena cheannacht. Faigheann sé faoiseamh cánach de os cionn £3,000 sa bhliain ar an ús a íocann sé ar an iasacht £50,000. 'Sí ffrinne an scéil go bhfuil cúnaimh stáit a d'fhéadfadh a bheith

chomh hard le £40,000 ar fáil dó siúd agus dá leithéid ón Stát le cuidiú leis teach breá a cheannacht nó a fháil tógtha dó féin.

Má tá tú bocht nó an-saibhir tá bealaí ann le cuidiú leat. Ach más duine tú atá ag iarraidh do theach féin a dhéanamh agus a bheith agat gan aon chúnaimh ó aon institiúid airgeadais níl an oiread de bhrabach agat ar an Stát agus atá acu siúd nach bhfuil an dearcadh céanna acu ar mhaoín agus ar mhorgáistí agus atá ag Cóilín Pheadair Shéamais. Dá mbeadh mórán mar Chóilín Pheadair Shéamais sa tír seo ní bheadh sí chomh báite i bhfiacha agus atá. Is bronnntanas don tír na £50,000 a shabháil sé féin agus a bhean thar lear. Is suáilce iontach an déantas maitheasa agus an mórtas as a obair láimhe féin atá ann. Is oiliúint air féin agus ar a bhean a bhfaca siad agus a ndearna siad d'obair taobh amuigh den tír. B'fhiú do Roinn na Gaeltachta a gcuid scéimeanna deontais a chur in oiriúint do riachtanais na beirte seo agus b'fhiú d'Udarás na Gaeltachta a gcuid scéimeanna deontais a athrú le go mbeadh an lánúil seo in ann a dtaithí agus a ndíocas oibre a chur chun tairbhe cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht. D'fhéadfadh lucht Ghluais-eacht athbheochan na Gaeilge ceacht a fhoghlaim ón gcúpla seo freisin. In áit a bheith ag caitheamh a gcuid ama ag caint faoi roinnt ar an cistí Gaeilge atá ar fáil faoi láthair ba chóir méadú a éileamh ar na cistí sin a mhéadóidh díogras daoine in áit a bheith ag cur suain ar lucht na cúise.

MUIR GHEAL TEO

Feirmeacha Bradáin

Leitir Móir, Conamara
Teil: 091-81150/81181
Facs: 091-81286

Nioclás P. Ó Conchubhair Teo.

LEITIR MÓIR

Fón: 81114 (obair); 81102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ
Tá ábhar tithe le fáil anseo.
Tá gach saghas adhmaid ann
Gach cineál péint ann.
Agus tearra le haghaidh báid.

Cóilín Phádraic Shéamuis
Pádraig Ó hAoláin

Ó saolaíodh tú is maírg a rá,
Go raibh an long anonn i ndán duit,
Bhí sé romhat de shíor go mbeifeá lá,
I measc na n-imirceánach

Curfá:

*Tá long ag dul anonn inniu,
A Chóilín Phádraic Shéamuis,
Agus imigh leat thar saile anonn,
Mar a bhfaighidh tú luach do shaothair.
Ag sclábhaíocht is ag sluaisteáil chré,
Ó éirí go luí na gréine,
A bheas tú thall i dtír na nGall,
A Chóilín Phádraic Shéamuis.*

Ní fheicfidh tú arís go deo,
Do chairde ná do ghaolta,
Is ní scarfaidh tú arís go brách,
An mhóin ar thaobh an tsliúbhe.
Fág slán ag cladach is ag sliabh,
Fág slán ag Conamara,
Mar ní fhillfidh tú go deo na ndeor,
Ar do thír ná ar do bhaile.

Curfá

CAS AMHRÁN

Deoraí Thír an Fhia
Tomás Seoighe

Nuair a d'fhága mise an baile is mo
bheannacht ag Tír an Fhia,
Ni raibh caint ar an gComharchumann
ann ná obair Phól Ó Foighil,
Nach iontach go deo an
t-athrú é ó bhí mise i m'fhear óg,
Tá obair is dole anois acu is neart
airgid le n-ól.

Nuair a d'fhága mise an baile nár
bhrónach é mo chroí,
Ó b'shin é lár an Earraigh is daoine
baint an fheamainn bhuí,
Nár smaoinigh mé ar an mbaile, ar an
tuile 's ar an trá,

Is mise i bhfad ó bhaile 's ón gcaladh a
mbíodh mo bhád.

Tá na fiche bliain sin caite is mé
smaoineamh ar an am,
Mé glanadh soir thar
Daingean tabhairt m'aghaidh ar an
mbád bán,
Nár smaoinigh mé ar mo Dheaide
bocht a d'fhága mé i dTír an Fhia,
Is gur minic mé féin a cheapadh gur
mé a ghiorraigh lena shaol.

Céad slán le Leitir Mealláin,
Cuigéal 's Corra Bhuí,
Céad slán do Pholl Uí Mhuirinn,
mar is ann a bhíodh an spraoi,
Bhí sú an ghrán eorna go fairsing ann
is nár mhilis é mar bhraon,
Is mo ghrá thú Phádraic Bradley mar
ba flaithiúil tú dhá roinnt.

Bhí mé ag smaoineamh ar na bádóirí
ag teacht go Glais na n-Uan,
Is iad ag fanacht leis an tuile nó go
dtógfaidís an mhóin,
Iad ag seoladh amach ar maidin in
aghaidh stoirm is taoille trá,
Ag tabhairt a n-aghaidh ar chéibh
Chill Rónáin nó soir go Contae an
Chláir.

Ach sna flaithis go raibh a
n-anam sin an taobh eile de na naoimh,
Mar ba sclábhaíocht leis an bhliuchán
a chaith siad seal den tsaol,
Nár chuala muid sa seanchas nuair a
bhíodh na daoine cruinn,
Gur mhaith na fir ar farraige a bhí i
mbádóirí Thír an Fhia.

Bhí mé ag smaoineamh ar an teachtín
siúd a chaith mé seal den tsaol,
Nach bhfacthas aon phúir deataigh as
ó chuaigh mo Mhama i geill,
Tá caonach ar na fuinneoga 's an
bháisteach tríd an dfon,
Is mise Londain Shasana ar an tramp
i mBoldergreen.

Mo dhíomú do na pubanna, na
clubanna 's na mná,
Is iad a d'fhág mo phócaí folamh is
chuir liathachán i mo cheann,
Ó Chamden Town go Hammersmith
thart timpeall Edgeware Road,
Is iad a d'fhág cois na mballaí mé gan
barriall i mo bhróg.

Amhrán Chuigéil
Taimín de Bháldraithe
& John Beag Ó Flatharta

Tá trácht is cliú agus cáil,
Anois le fada an lá,
Ar Chill Chiaráin, Leitir Móir,
is ar Chinn Mhara.
Ar Mhuinis, Cloch na Rón,
An Dóilín is Clais na nUamhan,
Is nach i gCarna bhíonn an spórt
a'ainn lá Mhic Dara.

Nach aoibhinn is nach breá,
Bheith i do sheasamh ar an aird,
Is tú ag féachaint ar na rástaí i gCuan
Chaisín,
Ó na soithigh ag gabháil chun seoil,

Gleoiteog, púcán is bád mór,
Ó rástaí currach adhmaid is currach
canbháis.

Tá Púcán Pheaitín Rua,
Is í ag tournáil siar ó thuaidh,
Is ina diaidh sin tá Púcán Pháraic
Dharach,
Is deacair tada a dhéanamh dhóibh,
Go dté siad siar is aniar faoi dhó,
Mar níor buaileadh mórán fós ar
Phúcán Bharrett.

Tá John Dearbe gaibhte chun cinn,
Agus an Ráinneach lena thaobh,
Agus Beaincs agus í ag tournáil in
aghaidh gála,
Ó Peigín Chóilín Joe,

Is tá gruaite aici ann faoi dhó,
Agus gleoiteog Mhichael Kelly as an
Máimín.

Tá moladh mór le fáil,
Ag an dream seo a dhéanann báid,
Is tá moladh mór ag dul do Pháraic
Dáirbe,
Mar rinne seisean bád,
Ón bpost go dtí an ball,
Agus réitigh sé amach i le haghaidh
geallta.

Nuair a thioctas lá an gheall,
Beidh daoine ann as chuile áit,
Ón Spidéal, Ceathrú Rua,
Ros Muc is Camus,
Beidh Óst 'na nOileán lán,
Beidh ardán ar an tsráid,
Is beidh Terry is Tomás Sheáinín
thuas ag damhsa.

Beidh an Micí 'gus an Star,
An Meirican is an Áirc,
An Mermaid, an Hunter is
Gleoiteog Bhaibín,
Beidh Capall Johnny ann,
Agus Dudley le dul sa gcarr,
Peaitín Mháirtín is a dhúidín lán go
claibín.

Nach aoibhinn leis an gcuan,
Is leis na hoileáin atá buan,
Beidh áit istigh 'mo chroí-se
dhaoibh i gcónaí.
Leis na fir a sheol na báid,
Thrid an Daingean is thar an gCeann,
Is leis na saortha a chuir an craiceann
ar na múnlaí.

Pócaí Folamh is Cloigeann
Tinn
Tomás Mac Con Iomaire

Is cuimhin liomsa laethanta maithe,
Is mé m'fhear óg i Ros a' Mhíl,
Nó gur fhága mise an baile,
Go saothraíonn airgead le filladh arís,
Thug mé mo bháidín go barr cladaigh,
Is chuir mé borradh fúithi 'chaon
taobh,
Cheap mé féin nach mbeadh sí i bhfad
ann,
Ach ní fheicfidh mé arís í.

Curfá:
Maidin Domhnaigh i gClapham
Common,
Ó nár bhreá bheith dallta arís,
Sínte siar anseo le balla,
Ar phócaí folamh agus cloigeann tinn.
Tá mo bháidín ar an talamh,
I mbarr an chladaigh i Ros a' Mhíl,

Is mise sínte anseo le balla,
Ar phócaí folamh is cloigeann tinn..

Is minic a chuimhním ar an mbaile,
Ar m'athair atá ag dul in aois,
Ar mo mháithrín atá sách craite,
Silim deoir is ólaim braon.

Cuirim mo mhallacht ar an aistir,
Ó Chamden Town go Ros a' Mhíl,
Is dá mbeadh breith agam ar m'aifeál,
Ní fhágfaínn an baile go deo arís.

Curfá:

Tá mo shaolsa beagnach caite,
Curtha amú le deoch is brúin,
Oícheanta sínte ar bhinn páirce,
Oícheanta sínte siar sa draoib.
Ó nár bhreá bheith thiar sa mbaile,
I bhfad ó anachain Sheáin Bhuí,
Lá ar an bportach is lá sa gcladach,
Mar tá na flaithis i Ros a' Mhíl.

Curfá:

Púcán Mhicil Pháidín

Ó, is a Chríost, nár mhór an áilleacht, í
Púcán Mhic Pháidín,
An lá ar fág sí Crompán Charna, is é
'na ghála mhór,
Ó, ní bréag atá mé a rá libh,
ach an fharraige bhí sí cháitheadh,
Go dtitfeadh sé 'na bháisteach
ar dhá thaobh an chuain.

Dul siar le droim an Mhaoláin, bhí suas
le míle daoine ann,
Bhí púcán Bhaibín roimpi ann is í
réitithe amach chun seoil,
Séard dúirt Mr. Casey as Múinis, "tá sí
déanta ó thogha na saortha,
'S ní aon bhád ar an líne seo a
bhuaileadh í 'un seoil".

Is i Roundstone lár na mhárach, sea
thosaigh an gleo is an sáraíocht,
'Gus d'ordaigh sagart Charna iad a
chur timpeall Sceirde Móir,
Ní raibh na naoi gcinn timpeall thar
chobha Crua na Caoile,
Nuair a bhí púcán Mhuínse stríoctha is
a cuid fear i dteach an óil.

'S tá cailín deas óg in Árann, a thug
cúpla míle anall léi,
Thug sí grá do Mhicil Pháidín, seachas
a bhfaca sí d'fhir fós.
Ach anois teacht d'Fhéile Pádraig,
beidh eallach, ban is bád a'ainn,
Is tá fhios ag an saol láimhe nach
dochar dúinn braon 'ól.



AN tOIREACHTAS

CONRADH NA GAEILGE

Cluain Dolcáin, Co. Átha Cliath.
18 - 27 Deireadh Fómhair

Dáta deireadh iontrála
12 Meán Fómhair 1991

Breis eolais agus clár comórtas ar fáil ó:

Oifig an Oireachtais
6 sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
01-753857 / 757401

Filíocht Phobail Chonamara

Inné agus Inniu

Gearóid Denvir

(Bunaithe ar Léacht a tugadh ag Éigse an Spidéil 10 Bealtaine 1991)

Tosaíonn mo scéal le file Conamaraíoch de chuid na haoise seo caite, Colm de Bhailís, leis an saothar filíochta a d'fhág sé le hoidhreacht againn, agus lena cheantar dúchais, sraith oileán atá ag síneadh siar deich míle san Atlantach ó fhágas duine tír mór ag Béal an Daingin, trí oileáin Eanach Mheáin, Leitir Móir, Gharumna agus Leitir Mealláin, nó go sroiche sí nó sé Ceann Gólam thiar. Is iomaí cuairteoir i saol seo na turas-óireachta cultúrtha frithchultúrtha a leanas Ród sin na nOileán - The Road to the Isles mar atá ar chuid de na comharthaí oifigiúla bóthair! mar chuid dá sciúird trí Iarthar Órga na mBróisiúr Turasóireachta nach dtiocfadh sé ina chuimhne gur dúiche shaoitheanta ar leith i gConamara Ceantar na nOileán, fearacht leithéidí Chois Fharraige, Iorras Aithneach agus An Cheathrú Rua, dúiche a bhfuil a féiniúlacht dhilis féin maille lena hoidhreacht shainiúil chultúrtha agus stairiúil ag roinnt léi.

Tá sé aitheanta go coitianta sa seanchas go bhfuil Colm de Bhailís ar dhuine de phríomhfhilí Chonamara anuas go dtí ár linn féin agus is minic a chloisfeadh duine cur is cúiteamh faoi. Bíonn an file go minic, i dteannta an tsagairt, i measc lucht eolais agus treorach an phobail de réir an tseanchais tharla gur beirt iad a thugas faobhadh agus údarás do thuiscintí agus do léargais na ndaoine ar imeachtaí an tsaoil ina dtimpeall. Sin an fáth a samhlaítear an Bhailíseach a bheith i dtús cadhan-asochta ar son na gnáthmhuintire le linn eachtraí a tharla sa Cheathrú Rua aimsir achrann na talún in amhrán a rinne Neansaí Learaí as an Sruthán, An Cheathrú Rua.

Bhí Colm a' Bhailís ann, b'é an fear ab fhearr é,

*A chaith an sáirsint ar chúil a chinn,
Bhí muintir Chamuis ann a' teacht ar máirseáil,
Ag iarraidh an Land League a chur 'un cinn.
Bhí Father Conway ann anoir ón bhFáirche,
Agus scata breá fear a' teacht ina dhiaidh,
Ach beidh dlí Chromail i nduine na sráide,
Agus Oileán Phádraic gan phighin cíos.*

Ní i gcónaí a éiríod le de Bhailís amhrán maith a chur de, agus go deimhin tá cuid den reacaireacht sa chnuasach Amhráin Choilm de Bhailís an-mhíchothrom. Lomaithris ar phíosaf le filí eile atá i gcuid dá shaothar agus tá tuilleadh de ar easpa struchtúir de short ar bith. Sa chuid is fearr dá shaothar tá scéal nó eachtra so-thuigthe amháin á ríomh agus á spíonadh ar bhealach tomhaiste ealaíonta agus tá chuile rann ina aonad ann féin ag cur le héifeacht an amhráin uilig ar bhealach leanúnach go ndéantar den iomlán ráiteas comhdhlúite cruthaitheach a bheireas ar shamhláocht an phobail ar leibhéal an-bhunúsach an fho-chomhfheasa. Sin an cineál amhráin a mhaireas beo ar bhéal an phobail ó ghlúin go glúin, go fiú agus seorthaí eolais faoi bheatha an fhile, gan trácht ar eolas cúlra an amhráin, a bheith imithe ar throigh gan tuairisc - leithéidí "Cúirt an tSrutháin Bhúí" agus "Amhrán an Tae", mar shampla.

Ní féidir a mhaíomh gur file mór é Colm de Bhailís, ná a chomhfhilí pobail, daoine mar Mhicil Diarmada Ó Clochartaigh, Aindí Ó Ceallaigh, Tomás Ó Lochlainn, agus a liachtaí sin eile acu a bhí suas lena linn. Is é a dtábhacht gur bhain siad leis an drong a mheabhraigh éigse. Chuir siad de chomaoín ar a gceird gur chleacht siad í mar lúb eile fós i dtraidisiún leanúnach 2,000 bliain. Scáthán dá bpobal a saothar ina bhfeictear

tuiscintí an phobail sin air féin ar mhodh cruthaitheach. Daoine liteartha léannta taobh istigh de dhomhan na Gaeilge a bhí sna filí seo a raibh léargas thar an gcoitiantacht acu, agus seachadadh an léargas sin anuas ó ghlúin go glúin, ó fhile go file, anuas go dtí ár n-aimsir féin. Níl aon amhras faoi dhearcadh fhilí an lae inniu ar na ceisteanna seo.

Labhraíonn siad lena bpobal le húdarás glóir a théas chomh fada siar agus atá siar ann. Sin, mar shampla, an tuiscint atá taobh thiar den cheiliúradh a rinne Máire Uí Fhlatharta ar a baile dúchais ina hamhrán "Baile an Bhóthair Bhúí" Teálta buan daingean don duine an baile dúchais a thugas dídean agus taca cinnte i saol luaineach:

*Amach uaim bhí na Beanna
Mar óglaigh i bhfeisteas catha,
Is iad réidh le fód a sheasamh,
Ó ré na gcloch aniar.
I gcoinne scrios nó slada,
Ruaig ó mhuir nó ó thalamh,
Ar chine Chonamara,
Ó Mhám go Bóthar Búí.*

Anseo ar an bhfód dúchais a cothaítear an spiorad agus an intleacht chomh maith: bean ar an mbaile, Siobhán Anna, atá anois ar shlí na fírinne a d'oscail na réimsí sinsearthas braistíne di:

*Fásann cogall is raitheach
Sa gclúid seo ar ar chuir mé aithne,
Ar Ghráinne is Diarmaid gaiscíoch,
Agus ar Úllóir, mac an rí.
Ar amhráin dhúchais sheana,
In airde a cinn a chas sí,
A glór mar chaoineadh mara,
Ar chladaigh an Bhóthair Bhúí,*

Tuigeann an file pobail an tábhacht atá le leanúnachas neamhbhearnaithe na cointeanóide agus cúis mhórtais dó a ionad féin inti. Ó leithéidí Raftaraí, Choilm de Bhailís, Mhicil Bhreathnaigh, Mhicil Uí Chochartaigh agus Mhicil 'ac Suibhne a thagas a

líne agus ar an ábhar sin a údarás. "Níor briseadh an líne fós" a dúirt file amháin le gairid ag cruinniú de lucht Éigse Chois Fharraige, agus mheabhraigh sé an líne ó Raftaraí agus filí eile úd an 19ú céad, anuas trí fhilí mar Joe Shéamais Sheáin Mac Donnchadha, Pádraigín Chóil Ó Fatharta, Pádraig Larry Ó Finneachta, Meairt Churraoin, Beairtle Sheáin Ó Curraoin a bhfuil aois mhaith mhór acu nó sin atá ar shlí na fírinne, anuas go dtí athghlúin óg an lae inniu, filí an bhéil bheo atá ag saothrú leo i gcónaí. Sin an tuiscint shinseartha a shníos trí agallamh beirte cáiliúil Johnny Chóil Mhaidhc, "Raftaraí agus an File", gur sliseanna den mhaide dúchais céanna iad, go maireann agus go mairfidh siad araon beo trí bhíthin a gceirde:

*Níl aon chur i gcás, mar ní bhfuair
Raftaraí bás,
Ach maireann a cháil ar fud Éireann;
Nó go bhfeice na daill, ní thréigfidh
mo cháil,
Is beidh meas ag Críoch Fáil ar mo véarsaí,
An bhfeiceann tú an aill a chlúdaíonn
mo chnámh?
Is nach trua, nach léir dom an scríbhinn!
Greannta san aill tá m'ainm is mo cháil,*

*Agus Uachtarán Críoch Fáil,
An Craoibhín,
Ó tá na milliúnaí cnámh sa reilig sin thall,
Tá bodhar, bacach is dall ann in éineacht;
Níl a n-ainm ná a gcáil greannta ar aill,
Tá siad uilig chomh dall lena chéile!*

Más é Raftaraí féin a labhair an méid sin i gcaismirt fhilíochta aníos ón uaigh lena chomhfhile san aois seo, díol caismirte é fear a agallaimh i mbráithreachas na ceirde dúchais mar is léar ón gcríoch a chuireas an file lena phíosa;

*In am marfach na hoíche is an ghealach ina súl,
Ansin tiocfaidh mise i m'aonar,
Beidh muid ag cogar is ag caoi ar feadh na hoíche,
Is beidh troid na mbó maol againn le chéile.*

Tugtar an t-aitheantas seo is dual do na seanfhilí faoi rún, geall leis, ar uaire chomh maith trí mhacallaí a d'aithneodh an rannpháirtí ar an toirt sa saothar nua, agus treisíonn sé seo in athuair leanúnachas an traidisiúin. Cén t-iontas mar sin féasta ag ceiliúradh bua stairiúil bháireoirí na Gaillimhe i 1980 a bheith suite i gCúirt

an tSrutháin Bhúí i ndán buacach Mháire Uí Fhlatharta in onóir na hócáide?


*Tá féasta is fleá dá chur ar fáil
I gCúirt an tSrutháin Bhúí;
Seo pálás breá a bhí i bhfad le fán
Is atá anocht dá oscailt arís.
Le tinte cnámh ar chuailí "ard",
Le fáiltiú roimh an Team,
A bhfuil a gcliú 's a gcáil i bhfad is i ngearr,
Ón lá ar rug siad leo an chraobh.*

Ar an gcaoi chéanna ghlaoigh sí aniar i ndán eile ar Aindí Ó Ceallaigh, file Thír an Fhia, d'fhonn Oireachtas na nGael i dTír an Fhia a cheiliúradh ina theannta, agus thagair do chuid de shaothar an tseanfíle, "Fluid Shorcha Leára" agus "Píopa Ainde Mhóir":

*B'é Aindí Ó Ceallaigh an file iomráiteach
A raibh ina acmhainn an gnáthshaol a mhealladh chun grinn,
Lena dhán duibheagánda "Fluid Shorcha Leára"
A bhí fillte contráilte in aghaidh snáithe sa sníomh:
Nó an píopa cam cailce a d'fhreastail dhá thrá dó,
Ó thaoscadh an tsáile as an mbád i lár toinn,
Go gail ar a sháimhín i gcuideachta*

ostán an tOílin

An Cheathrú Rua
Fón: (091) 95177/95169



Rogha an Óil — Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine
Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, Partaí nó Bainis.

Bialann
SPRAOI — SPÓIRT — CRAIC

AN CLUB HOUSE

Tí Mháire & Máirtín Nee

Ceol chuile deireadh seachtaine

Gach rath ar
Phléaraca Chonamara

cairde,
Ag ceol óisce áirneáin i mBaile Thír
an Fhia.

Tugann ómós an phobail cead cainte don fhíle. Sonraíonn seisean an eachtra a thuilleas píosa a dhéanamh uirthi de réir a léargais, a chlaonta agus a chumais féin gan trácht ar na deismireachtaí traidisiúnta reacair-eachta atá ar fáil dó - agus is minic an eachtra sin fánach go maith i súile an té nach den phobal é ach a mhaireas san alltar amuigh. Seo, mar shampla, an ceann a chuir file Inis Meáin, Dara Beag Ó Flatharta, ar a dhán "Ocras Cheal Plúir".

Dé Céadaoin, lá an stíméir, 'sea chonaic mé an ní seo,
'Gus déanfaidh mé cur síos air in achar beag gearr".

Caint údarásach den chineál céanna a rinne Joe Shéamais Sheáin i dtús dáin "Bóthar an Locháin", an chéad dán de phéire inar thug sé fogha binbeach faoin nGráinneach Mór, Tomás Ó Gráinne as oirthear na Gaillimhe a bhí ina gheaingear ar an mbóthar thiar sna tríochaidí agus fíor-dhroch cháil ag na fir oibre air:

Éistigí, a bhuachaillí, is tugaidh roinnt spáis dom,

Nó go réiteoidh mé an cás seo atá agam le scríobh,

Is go dtabharfaidh mé seanchas fada agus tráchtas,

Ar an gclampar a tharla taobh thiar den Sruthán Buí.

Leanfadh na húdair chomh fada agus is léir dom,

Agus poibleoidh mé an scéal seo i

láthair sean agus óg,
Gur i mBaile na Féasóige a rinneadh an réabadh,
An lá ar chruinnigh le chéile na fir ar an mbóthar.

Ba sa dán "An Gráinneach Mór", áfach, a thug sé faoin nGráinneach le ciútaí uile na haoire traidisiúnta. B'é a dhualgas file é:

Ó fuair mise an t-údar, ní baol dhomsa cúlú,
Ach leanfaidh mé an cúrsa go fearúil,
Is scríobhfaidh mé an uachta nach féidir a phlúchadh,
An aon teallach i ndúiche Chonamara.

Cuirfidh sé an Gráinneach de dhroim seoil le cumhacht a chuid véarsaí:

Ach is gearr uait an lá go mbeidh tú ar lár,
Is tú maslathé go brách ag mo theanga.

Ní hamháin sin, ach mairfidh a dhroch-cháil ina dhiaidh go brách:

"S beidh sé le tuiscint 's le léamh ag a lán,
"S a chnámhanna leáite sa talamh.

Lean an file air de réir an tsean-nóis gur thug tuairisc dhrochthréithe an Ghráinnigh agus chuir sé críoch lena dhán le ráiteas a mheabhródh dearbhú uaibhreach Raftaraí gur fada a bheadh tráchtadh ar an méid a báthadh in Anach Cuain de bharr a dháin seisean:

Is an fhad is sheasfas an teanga i measc Gaeil Chonamara,
Beidh trácht i ngach teaghlach faoin spóirt seo.

Is é príomhaisteoir "i ndrámá seo an duine" Cóilín nó Peige Mar Chách, an gnáthdhuine thiar ag tabhairt aghaidh ar an saol mór. Léirítear an fearín beag a bhíos thíos go minic, a mbuailtear cos i gcónaí air, agus tugtar deis dó a aisfhreagra a thabhairt agus an pocaide a scaoileadh amach. Seasann an file leis an ngnáthfhear oibre in aghaidh na mboicíní, na ndaoine gairmiúla, lucht honours a fháil mar a deir an leaid óg in agallamh beirte Joe Steve "Staidéar" Bhuel, séard a dúirt mo Dheaide-sa, 'Foghlaim ceird, a mhac,
Mar siad an dream a fuair na honours,
A d'fhág an tír 'na cac;
Tá stropa litreacha i ndiaidh a gcuid ainmneacha,
Chomh fada le do láimh,
Ach dhá mbeadh ruainín beag cop-on acu,
Bheadh an tír i bhfad níos fearr.

Ní féidir a mhaíomh gurb ardlitríocht filíocht bhéil seo Chonamara. Ní mhaireann cuid mhaith di ach seal beag gearr, agus ní comhartha an méid sin ar luaineachas mire an nuashaoil amháin. A thúisce tráthúlacht agus nuaíocht dánta agus amhrán tráite imíonn siad ó bhéal agus ó chuimhne na ndaoine. Ach is comhartha a gcumadh ar leanúnachas traidisiúin atá ag fás agus ag forbairt ar an oileán seo le 2000 bliain. Dá laige í, maireann an líne beo i gcónaí. Mairfidh scoth na n-amhrán atá á gcumadh chúnas a bheas pobal ann a labhrós an Ghaeilge, agus ní bheidh de shlat tomhais ná de theist ar a bhfeabhas ach scéalaíocht mhaith na haimsire.



• Rásaí Currachaí ar an Spidéal



MUINTEARAS

An Togra Oideachais Gaeltachta

Tá Muintearas, an Togra Oideachais Gaeltachta, bunaithe anois ó 1980. Is i gCeantar na nOileán i gConamara a bhí an togra lonnaithe agus ag feidhmiú ar dtús, ach tá imeachtaí an togra leathnaithe anois chuig ceantair eile i gConamara - Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Camus, Corr na Móna, agus chuig Gaeltachtaí eile ar fud na tíre.

Tá Muintearas airgeadaithe ó Fundúireacht Bernard van Leer san Ollainn agus ó Údarás na Gaeltachta. Tá tograí ag Fundúireacht Van Leer i dtíortha ar fud an domhain. Sí aidhm na Fundúireachta an soláthar oideachais a fheabhsú sna ceantair ina bhfuil a gcuid tograí. Tá suim ar leith acu ról tuismitheoirí in oideachas a ngasúr a láidriú. Leanann Muintearas an fhealsúnacht seo sna scéimeanna éagsúla a reachtáileann siad. Togra taighde agus forbartha atá ann go bunúsach agus déantar iarracht na

scéimeanna a chur in oiriúint do riachtanais an cheantair, sa chás seo do riachtanais na Gaeltachta.

AR LEIC AN TEALLAIGH

Ceann de na scéimeanna is ea "Ar Leic an Teallaigh". Is í seo an chéad scéim tacaíochta a bunaíodh riamh sa Ghaeltacht chun cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí páistí réamhscoile i bhforbairt na bpáistí ar leic an teallaigh. Tá sé bunaithe ar chuartheanna baile. San áireamh sa scéim tá:

- * Tacaíocht do thuismitheoirí sa bhaile
- * Oiliúint cuairteoirí baile
- * Forbairt scéimeanna tuismitheoir-eachta
- * Gníomhachtaí gasra
- * Leabharlann bréagán

Tá an scéim seo ag feidhmiú i gConamara agus i gCorca Dhuibhne.

Tá Muintearas ag obair i gcomhar leis na bunscoileanna ó bunaíodh an togra agus thar na mblianta tá Scéim Tacaíochta forbartha chun teacht i dtír ar dheacrachtaí foghlama sna

scoileanna agus chun soláthar níos fearr d'ábhair a fheileann scoileanna beaga Gaeltachta a chur ar fáil. Déantar go leor de seo trí cheardlanna múinteoirí a thagann le chéile go rialta. I 1983 cheadaigh An Roinn Oideachais ceapachán múinteoirí feabhais chun oibriú i gcomhar le Muintearas i gCeantar na nOileán. Ó shin tá múinteoirí breise ceadaithe chun múineadh faoin Scéim Tacaíochta. Tá na múinteoirí seo ag obair i gceantair éagsúla i gConamara, i gCorca Dhuibhne agus i nGaith Dobhair. Tá an Scéim Tacaíochta bunaithe go láidir ar an bhfealsúnacht go mbeadh comhoibriú idir an fhoireann scoile agus an baile. San áireamh sa scéim tá:

- * Clár do leanaí le deacrachtaí foghlama
- * Múinteoirí agus tuismitheoirí i dtreis
- * Múinteoir tacaíochta mar eagraí
- * Ceardlanna múinteoirí
- * Cuairteanna baile
- * Forbairt ábhar tacaíochta
- * Scéim foghraíochta do léitheoir-

eacht Ghaeilge

*** Caidreamh leis na Boird Sláinte.**

An bhliain seo caite d'fhoilsigh Muintearas **"Ag Réiteach i gComhair na Scoile"**. Scéim í seo a thugann tacaíocht do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí páistí a ullmhú i gcomhair na scoile agus an ceangal idir an baile agus an scoil a neartú. Tá sé leagtha amach mar seo a leanas:

- * *Sraith leabhrán rionnte i dtír chuid:*
- *Ag Gabháil ar Scoil*
- *Réamhléitheoireacht agus Réamhscríbhneoireacht*
- *Réamhuimhríocht*

- * *Ábhar breise a réitíonn na tuismitheoirí féin i gceardlanna faoi threoir an mhúinteora.*

Le cabhair ón mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana, tá scéim ríomhaireachta á reachtáil sna bunscoileanna. Thosaigh sé seo i gCeantar na nOileán agus tá sé leathnaithe anois chuig ceantair eile i gConamara. Mar chuid den scéim seo tá:

- * *Club Ríomhaireachta sna scoileanna.*
- * *Oiliúint do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, do ghasúir agus don phobal i gcoitinne.*
- * *Seisiúin ríomhaireachta do theaghlaigh.*
- * *Forbairt bogábhar Gaeilge.*

Tá Muintearas an-ghníomhach i gCúrsaí Óige. I gcomhar le FÁS agus Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, reachtáiltear cúrsaí do dhaoine óga a thiteann amach as an scoilchóras go luath ach atá fós ró-óg le dul ag obair. Le cabhair deontais ón gCrannchur Náisiúnta, reachtáiltear Campaí Samhraidh, comórtais díospóireachta agus cúrsaí dramaíochta. I measc seirbhísí eile a chuireann an tógar ar fáil, tá tacaíocht do Chlubanna Óige.

Le go mbeadh rath ar fhorbairt

pobail, tá sé riachtanach gníomhaíochtaí oideachasúla a bheith lárnach d'aon phlean áitiúil. Tá an fhealsúnacht seo préamhaithe i scéimeanna uilig an togra. I gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, le Roinn na Gaeltachta, le FÁS, le hOllscoil na Gaillimhe agus le hInstitiúidí eile, chuir an tógar scéimeanna éagsúla pobail ar fáil. Is uaidh seo a d'fhás Fiontar na nOileán chun forbairt Cheantar na nOileán a chur chun cinn. Ó thaobh Mhuintearais is gá do na heagraíochtaí stáit áiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil do choistí deonacha chun go mbeidh rath ar a gcuid oibre. I measc na ngníomhaíochtaí forbartha pobail eile a bhíonn ar bun ag an tógar tá

- * *Tacaíocht agus comhairle d'fhorbairt áitiúil.*
- * *Oiliúint agus oideachas pobail.*
- * *Scéimeanna fostaíochta sóisialta.*
- * *Forbairt ionaid scoile agus pobail le cuidiú le forbairt pobail.*
- * *Mná sa Phobal - oiliúint i dtreo páirtíochta i bhforbairt áitiúil.*

D'aithnigh an tógar i gcónaí an tábhacht a bhí le caomhnú oidhreacht na bpobal áitiúil. Is de thoradh seo a bunaíodh **Coiste Oidhreacht na nOileán** i gCeantar na nOileán. Tá sár-obair déanta ag an gcoiste seo. Tá báilíúchán breá seanchais, stair áitiúil, grianghrafanna agus seandoiciméidí curtha le chéile acu. Bíonn sé seo ar taispeántas sa gClúid i dTír an Fhia le linn an tsamhraidh. Foilsíonn an coiste féilire gach uile bhliain. Chomh maith leis sin reachtáileann siad comórtais pobail **"Fios Feasa"** bunaithe ar sheanchas agus ar shaíocht na háite. Musclaíonn sé suim sa chineál saol a bhí ag an dream a chuaigh romhainn. Is iontach mar a bhailítear tacaíocht le haghaidh an chineál seo oibre nuair a thosaítear air.

Aithníonn Muintearas go bhfuil sé an-tábhachtach don aos óg go mbeadh an t-eolas oidhreacht seo bailithe i ngach uile phobal agus go mbeadh fáil ar an eolas ag gach uile dhuine.

Braitheann slánú na Gaeilge agus na Gaeltachta go mór ar aos óg na Gaeltachta agus ar an tacaíocht a thugann tuismitheoirí, múinteoirí agus an pobal i gcoitinne dóibh agus ar an mórchúis a chothaíonn siad iontú ina n-oidhreacht agus ina gcultúr féin. Is í aidhm an togra an timpeallacht a chruthú le cuidiú leis an athnuachan cultúrtha seo atá chomh riachtanach do bhuanadas na Gaeltachta. Tá sé fíor-thábhachtach d'fhorbairt pobail go mbeadh tuismitheoirí páirteach in oideachas a gcuid clainne ón lá a saolaítear iad. Tá gá le córas ilgnéitheach forbartha oideachais, oiliúna, eacnamaíochta agus sóisialta chun na pobail Ghaeltachta a chaomhnú. Tá cúnamh agus tacaíocht na n-eagraíochtaí stáit cuí ag teastáil freisin. Tá go leor de scéimeanna Mhuintearais ag teacht le moltaí i dtuarascála éagsúla, Tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas sa Ghaeltacht agus an Tuarascáil Athbhreithnithe ar Oideachas Bunscoile san áireamh. Tríd an tógar, tá deis ag Údarás na Gaeltachta, ag Roinn na Gaeltachta agus ag An Roinn Oideachais a gcuid moltaí a chur i bhfeidhm.

In achar an-ghairid, tá dul chun cinn nach beag déanta ag an tógar seo. Tá go leor le déanamh fós. I gcomparáid leis an méid iomlán a chaitheann an Rialtas ar an nGaeilge is beag a chosnaíonn an tógar suimiúil seo. Mar chéadtadán den fháinne oideachais, ní fiú trácht ar chaiteachas an togra. Bíonn súil ag Fundúireacht Bernard Van Leer go nglacfaidh an stáit cúram ar thorthaí fiúntacha a gcuid tograí. Tá todhchaí an togra seo mar sin ag brath ar thacaíocht an stáit.

Sgorach Ghlionnáin

Sé an áit a raibh Sgorach Ghlionnáin curtha faoin uamhain talmhan san áit ar a dtugtar Glionnán air, i bhfoisceacht trí mhíle do Chuan Chasla. Sgailp Ghlionnáin a tugtar ar an bpoll a raibh an Sgorach ina chónaí ann. Nuair a thiofá i gceann a bhéil chaithfeá cromadh ag dul inti isteach. Ó bheithé ceithre troighthe isteach d'fhéadfá diriú suas. Bhí sé ocht droighthe ar airde agus tuairim seacht droighthe ar leithead, aill ar 'chaon taobh dí agus carachán cloch os a cionn, agus mopa fraoich fásta uirthi taobh amuigh. Ní raibh deoir aníos ná anuas ann, ach chomh tirim le muileann. B'shin é a theach.

Bhí an Sgorach sé troighthe agus cúig ordlaí ar airde. Bhí sé ocht gclocha déag meadhachain. Níor chaith sé hata ná caipín ariamh. Bhí sé déanta ar nós na haille, de chnámh agus de chraiceann, leathan láidir. Ní raibh samhail ar bith ag a dhá ghiall ach mar a bheadh clár daraighe ann, fada leathan. De mhuintir Neachtain i dtaobh athar agus máthar é. Níor chuir sé fata ariamh ina shaoghal agus níor bhain sé fata, ach ag tigheacht suas ar mhairtfheoil agus ar chaoirfheoil, agus níor dhe a chuid féin é. Is minic a chuaigh sé deich míle ag goid mairt. Shiubhladh sé thart na bailteacha aimsir an drochshaoghail ag cur loirg a raibh aon duine i gcruadh-

chúis, nó faoi anshógh. Nuair a gheobhfadh sé amach go raibh, d'imtheochadh sé agus mharbhóchadh sé mart. Thiubhradh sé ag an gcomhlúadar sin é a bhí ar an-chaoi; ach san aimsir dheiridh tógadh é, agus 'séard 'dubhairt sé an mhaidin a tógadh é: "Ní mhaireann rith maith don each i gcomhnuidhe."

Fuair sé tuairisg lá go raibh anshógh ar chomhlúadar daoine. Bhí tarbh ag an mBlácach, Blácach na Tulaighe. 'Sé an áit ar cheannuigh sé i Néifin é, in aois a thrí bliana. Bhí fear indon codladh ar a dhruim le na leithead. D'imthigh an Sgorach an mhaidin seo. Thug sé leis Tomás Ó Neachtain, Micil Mhag Cearra,

Éamonn Ó Caena, Tadhg agus Ned. Mharbhúigheadar an tarbh. Rinn-eadar ceithre ceathramhna dhe. D'fhágadar dhá cheathramhna dhe san teach seo a raibh an t-anshógh ann. Thugadar an dá cheathramhna eile leob agus chuireadar i bpoll criathraigh iad. "Anois," a deir an Sgorach, "téighidh-sa abhaile. Nuair a gheobhfás an Blácach an tarbh imithe 'sé an chéad mhaith a dhéanfas sé a dhul go Baile an Chláir ag iarraidh an *Revenue*. Gabhfaidh mise trasna an chriathraigh agus casfaidh mé dhó ar an mbealach agus ní bheidh an cuimhníú ansin aige gur mise a mharbhúigh an tarbh."

D'imigh leis agus níor stop sé go dtáinig sé go Gaillimh. Fuair sé muigin bláthaighe úire agus baighean ó fhear a bhí ar an bhFatha Bhig ina chomhnuidhe, a dtugaidís Antoine Mór air. Bhuaile sé siar an bóthar ó chois go cois. I mullach an Chaoráin Mhoir, ós cionn Bhóthar na Trágha, cé chasfadh dó ach Séamus a' Bláca agus a mhnaoi ina gcóiste.

"Ó, a Thiarna," a deir Séamus a' Bláca, nuair a chonaiceadar an Sgorach, "nach mairg a abruigheannas tada," agus an Sgorach ag éisteach leis; "crochtar na céadta san éagcóir. Bhí mise siúrálta gurb é an fear siar a thug leis an tarbh."

EARRAÍ CNIOTÁILTE ROS MUC

Gach saghas earraí cniotáilte ar fáil
Beidh fáilte romhat
- Buail isteach chugainn.



Mairéad Ní Chonaire
Cill Bhriocáin, Ros Muc 091-74172

Gach rath ar an bPléaraca!

Fón: 091-51862
Facs: 57454

MHL

Bóthar Thuama
Gaillimh

MORAHAN & HUGHES LTD.

Earraí tógála, pluiméireacht & teasa

Déan do mhacnamh agus do mhacnas agus do phléaraca i seomra folettha físeilte le dea earraí Morahan & Hughes.

Tugann Morahan & Hughes tús áite do earraí Éireannacha.

Déan do mhacnamh ...

Le gach dea ghuí ó

Tigh Chadhain

Cill Chiaráin

Siopa Grósaera & Beár

Siopa Glasraí & Torthaí An Spidéal

Na Torthaí & Glasraí is fearr ar an gcostas is ísle.
Seachadtha saor in aisce go háitiúil

091-83369 - Leonora O'Neill

Ní rinne an Blácach, nuair a chuid sé abhaile, ach a chuid báillí a chur amach ar thóraidheacht an tairbh, gan aon tuairisg le fágáil ar an tarbh ná fios cá ndeachaidh sé. D'athruigh an Sgorach ansin agus 'sé an áit a ndeachaidh sé ag goid go ceantar Mhuighe Cuilinn agus Uachtar Ard. Níor thug sé bó ná caora ariamh ó dhuine bocht, ach thug sé bó agus caora ag an té a raibh 'fhios aige go raibh an t-ocras air. Bhíodh ceap-ord gan chos ina phóca aige. Is leis seo a mharbhuigheadh sé an beithidheach. Bhuaileadh sé i gclár an éadain é leis an gceap-ord, leigeadh sé a fhuil, chrochadh sé leis é ar a dhruim nó go dtugadh sé go Clochar na mBroc é nó go bhfeannadh sé é. Dhéanadh sé ceathramhna ansin dó. Chuireadh sé na ceathramhna i gcaoch-phoill go bhfágadh sé amach cé air a mbíodh an t-an-shógh. Is iomdha anam duine a shábháil sé a bheadh caillte leis an ocras marach é. Fear a dtugtaí Tadhg Fada air a bhraith é. Ba leis Doire Thuirc. Is as an áit sin a ghoid an Sgorach an bhudóg. Ba le Tadhg Fada an bhudóg agus 'sé a fuair i ngéibheann é. An gobharnóir a bhí ar an bpríosún ghlac sé sgrúpall ann, fear chomh breágh leis a bheith i ngéibheann. Sgríobh sé ag an mBainríoghan. Ligeadh amach é.

Fiafruigheadh de an raibh sé luighteach le dhul san arm. 'Dubhairt sé go raibh, go mb'fhearr leis a dhul ann ná ar an gcaoi a raibh sé, gurb í beatha an ghirrfhiaidh a bhí aige. Fiafruigheadh de cé mb'fhearr leis ina shaighdiúr talmhan ná ina shaighdiúr farraige. Dubhairt sé go mb'fhearr leis bheith ina shaighdiúr farraige.

Fuair sé ceithre lá le dul go dtí daoine muintreacha le iad a fheiceáil sul má d'imtheochadh sé. Sin é an t-am a ndearna sé an dán nuair a bhí sé ar bhfeidhil a bheith ag imtheacht:

*D'éirigh mé ar maidin agus ntor
bhris mé mo chéalacan,
Thug mé an séarsa údan go Gleann
Doire Thuirc,
Bhreathnuigh mé go bhfaca mé
beithidheach a bhí spéireamhail,
Bhuail mé i gclár an éadain í le
m'oirdín gan chos.*

*Chroch mé ar mo dhruim í trí
chnuic is trí ghleannta,
Trí thuláin a bhí géar agus
sléibhte a bhí bog,
Rinne mé a feannadh maidin Dé
Céadaoin,
I bhfad ó na bailteacha i gClochar
na mBroc.*

*Ní le Tadhg Fada ab'fhaillighe é,
fuair sé mé i ngéibheann,*

*Thug sé trí mhí dom san teach
údan thoir,
Má fhágaim-se trí mhí ar
thalamh na hÉireann,
Ní fhágfaidh mé Tadhg ann ná
duine dá threibh.*

*Tarraingeochaidh mé, is bruithfidh
mé, is stróicfidh mé ó 'chéile iad,
Ní fhágfa' mé snátha léine acab ná
ordlach de phluid - Is iomdha sin
créatúir a dhéirigheadar féinig,
A d'fhágadar ag éagcaoin ag caoi
is ag gol.*

*Seo é an Sgorach nach bhfaca
ocras ar aon chréatúr,
Agus gé ar an tsráid nó
beithidheach ar an gcnoc,
Mar bhí mo chuid sgeana glasta le
faobhar,
Bhearrfaidís céad fear is ní
tharraingeochaidís fuil.*

*Tiocfaidh an lá údan go bhfeicfidh
na daoine,
Deatach ar shléibhte is
girrshíadhacha ag rith;
Agus fágfaidh mé mo bheannacht
ag mo cháirde fré chéile.
Ag Neachtain, ag Caena, ag
Cearra, agus Ned.*

B'shin é an focal deireanach ón Sgorach in Éirinn.

An Spidéal agus Plougrescant na Briotáine - tá a gcleamhnas déanta!

le Pádraig Ó hAoláin

B'íontach an tógáil chroí a bhain leis an radharc a bhí romhainn nuair a ghluais an bus go réidh mall trí shráidbhaile beag Plougrescant na Briotáine chomh fada le Hall an Bhaile - bratach na hÉireann agus na Briotáine ar foluain os cionn an halla, comhartha mhór fháiltithe i nGaeilge agus i mBriotáinis ar chiumhais an chosáin agus muintir an bhaile ag fanacht le fáilte chroíúil a chur romhainn. Bhí turas naoi n-uair déag a choig curtha dinn againn ón uair a d'fhágamar sráidbhaile an Spidéil agus sinn ag tosú ar thuras naoi lá arbh é a phríomhchuspóir cleamhnas cultúrtha agus cairdeasa a chur i gcríoch le muintir Phlougrescant. Ceithre dhuine is fiche a bhí sa ngrúpa - dáréag fásta agus dáréag déagóir. Bhí an turas mar thoradh ar réamhchuart a thug Méara Phlougrescant, Michel le Saint, agus ionadaithe eile an bhaile sin ar an Spidéal i bhfómhar na bliana 1990.

Ba mhinic roimhe sin a chuala muid caint ar chleamhnais idir bailte éagsúla in Éirinn agus bailte eile ar an

Mór-Roinn. Bhí a fhios againn gurb é an cuspóir a bhain leis na cleamhnais seo comhcheangal cultúrtha agus cairdeasa a bhunú idir na pobail a bhíonn páirteach iontu agus, dá thoradh sin, caidreamh gnó agus turasóireachta a chothú ar bhealach a rachadh chun tairbhe na bpobal sin. I rith na seachtaine a chaitheamar i bPlougrescant fuairamar léargas an-mhaith ar an gcaoi is féidir leis na cleamhnais seo tionchar tairbheach a imirt ar dhaoine agus ar an acmhainneacht atá ag baint leo ó thaobh turasóireachta agus ghnó de.

B'fhurasta príomhtheach tábhairne an bhaile a aimsiú - bhí comhartha mhór GUINNESS lasmuigh de. AR VAG an t-ainm a bhí air agus ní fada a bhí muid ar an mbaile nó go raibh frathacha AR VAG á graitheadh le scoth an cheoil thraidisiúnta á chasadh ag Dónall Standúin, Johnny Óg Ó Conghaile, Mícheál Ó hEidhin agus Séamus Ó hEidhin.

Bhí clár spéisiúil tarraingteach leagtha amach dúinn ag an gcoiste áitiúil. Ar an gcéad lá bhí Aifreann speisialta Gaeilge agus Briotáinise i séipéal Naomh Goneri - naomhphátrún an bhaile a tháinig trasna na farraige ó Éirinn i mbád cloiche thart ar an

gcúigiú aois, de réir an bhéaloideas! Is léir nach ag Naomh Éanna s'againne amháin a bhí an scil maidir le báid chloiche a ionramháil!

An lá céanna bhailigh maithe agus móruaisle an cheantair le chéile ar imeall an bhaile áit ar nochtaihan an Méara comhartha speisialta an chleamhnais a bhfuil an teachtaireacht 'Commune jumelée avec An Spidéal, Conamara' scríofa air, comhartha bhuan a bhfuil a mhacasamhail le cur suas amach anseo i ngar do shráidbhaile an Spidéil. Ina dhiaidh sin bhí searmanas foirmeálta i Halla an Bhaile áit ar síníodh an comhaontú cleamhnais.

Ag cuairt ar Bhailte an Réigiúin

I rith na seachtaine ina dhiaidh sin thugamar cuairteanna ar bhailte éagsúla an réigiúin - Perros-Guirec, Lannion, Tréguier, Trégastel, Paimpol agus bailte áille slachtmhara eile de chuid an réigiúin álainn turasóireachta seo - an "Cote de Granit Rose" mar a thugtar air. Chas muid le lucht gnó, lucht turasóireachta, lucht tionsclaíochta agus lucht ceoil. Thug muid cuairt ar ionad tairbhe alga in Pleubian - an ceann is iomráiti ar mhór-roinn na hEorpa - áit a bhfuil

Go n-éirí go seal leis an bPléaraca

Bradán Mara Teo

Leitirard, Caiseal, Co. na Gaillimhe • Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

**Táirgeoirí Bradán den scoth.
Ag soláthar Fostaíocht
do Mhuintir Ghaeltachta
sa nGaeltacht.**

(Fo-Chomhlacht de chuid P.J. Carroll & Co. Plc)



• Grúpa ó Chois Fharraige sula ndeachaigh siad ar thuras chuig an Bhreatain Bheag i dtús na hochtóidí

réimse leathan táirgi ó bhia mara go cúmhán ban forbartha ón bhfeamainn, agus ar lárionad sliogéisc áit ar bhlaiseamar oisrí den scoth a thosaigh a saolré mar sceathrach ar bheirtreacha Dhroichead an Chláirín i gCuan na Gaillimhe féin!

Thugamar cuairt ar na hoileáin áille úd a dtugtar 'Ile de Bréhat' orthu, oileáin dhraiochta i mbá St. Brieuc a mheallann na céadta míle turasóirí ó gach cearn den bhFrainc chuile bhliain. Ar cheann de na nithe ba shuntasáí dúinne bhí an comhoibriú iomlán a bhí ann idir na comhlachtaí éagsúla farantóireachta a chuireann seirbhís báid ar fáil do na turasóirí. Tá trí nó ceithre dhream éagsúil ann a bhfuil báid fharantóireachta acu agus bhí uair ann nuair a bhíodh coimhlínt ghéar eatarthu. Tháinig siad i gcomhar le chéile roinnt bhlianta ó shoin agus anois tá siad ag obair as láimh a chéile ar mhaithe le seirbhís mhaith a chur ar fáil ar phraghas réasúnach dá gcuid custaiméirí. An oibreodh a leithéid sin i gcás oileáin Árann? Ní fheadar ...

Eagraíodh imeachtaí ar leith do na gasúir agus na déagóirí, ar ndóigh. Is sinne a bhí bródúil as an dream óg a tháinig ar an turas linn. Bhí siad deamhúinte i rith an achair, dílis dá dteanga féin agus mórtasach as a gceantar féin. D'fhoghlaim siad neart Fraincise le linn na cuairte cé nach

mórán le cois seachtaine a bhí acu le aithne a chur ar ghasúir dá gcomhaois féin thall. Bhí a múinteoir Fraincise féin, Gearóid Ó Dubhlaigh, in éineacht linn ar an turas agus d'oibrigh sé féin agus Raymonde Standúin go dian dícheallach i rith an seachtaine mar theangairí don ghrúpa agus don iliomad daoine a casadh orainn.

Níl aon amhras orm ach go mbeidh tionchar tairbheach ag an gcleamhnas seo ar an Spidéal agus ar Plougrescant araon ach brathann an tairbhe ar an gcaoi a n-eagróidh an pobal iad féin chun an tairbhe sin a fháisceadh as. Tá breis agus caoga duine ar lárchoiste an chleamhnais i bPlougrescant agus níl aon amhras ach go dtógann siad sin na comhcheangail chultúrtha seo an-dáiríre. Sa mhéid gur ceantar "breac-Bhriotánaise" é Plougrescant ba ghá dóibh athsuim a mhúscailt sa mBriotánaise féin agus a gcuid damhsaí agus amhráin a fhoghlaim agus a chleachtadh - as an nua nó athuair! Chomh fada agus a bhain leis an ngrúpa s'againn féin sílim gur léirigh imeachtaí na cuairte an saibhreas cultúrtha atá le roinnt againn le pobail eile a bhfuil teangacha mionlaigh acu agus an chaoi is féidir linn gach a thabhairt dá chéile. Ó thaobh an cheoil amháin de b'iontach mar a bhí ceoltóirí na Briotáine agus na ceoltóirí s'againn féin in ann casadh

i dteannta a chéile agus taitneamh a bhaint as ceol a chéile.

Sílim go ndeachaigh an turas i bhfeidhm go mór ar an dream óg. Bhí siad an-bhródúil astú féin agus as a dteanga féin agus ceapaim go ndaingneofar é sin nuair a thioctas ógánaigh Plougrescant anall go Cois Fharraige faoi Cháisc seo chugainn.

LÁRCHOISTE CLEAMHNAIS

I rith na míonna seo romhainn caithfear lárchoiste láidir cleamhnais a bhunú abhus má tá an rath le bheith ar an iarracht seo. Beidh grúpaí eile daoine ag teacht chugainn anall ar bhonn eagraithe i rith na bliana seo romhainn agus tugann sé seo an-deis dúinn cúram speisialta a dhéanamh de na nithe sin is mó a théann i bhfeidhm ar chuairteoirí - meas ar ár noidheacht chultúrtha féin, slacht agus maise a bheith ar bhailte, ar thránna agus ar shaoráidí poiblí ár gceantair féin, ord agus eagar a bheith ar imeachtaí siamsaíochta dúchasacha, agus áiseanna caitheamh aimsire agus siúlóidí dúlra a bheith forbartha. Is nithe iad sin a bhaineann leis an bpobal uilig agus le gach teaghlach sa phobal ar mian lena gceantar féin a chur chun cinn. Creidim go bhfuil an cleamhnas le Plougrescant ar cheann de na bealaí tabhachtacha a chuirfidh ar ár gcumas pobalbhród a chothú i measc gach aoisghrúpa sa cheantar. Níl an obair ach ina tús fós!

Tá Séamas C- as na Minna sa mbaile théis chúig bhliana fichead a chaitheamh sna hIndiacha Thiar. Fuair sé *browned off* ann.

Ní raibh Séamas i ndon an teas a sheasamh níl fhaide. "Bhí sé chomh te sa samhraidh ann," a deir sé, "is go raibh spéacláirí gréine ar na camels ..."

Fear iontach intleachtúil é Séamas agus thug sé chuile dheis anall leis. Ag tógáil fhaochan atá sé ó shin, ach más ea ní mar mise ná tusa é. Tá meaisín iontach aige - *hoover* - agus is leis an *hoover* atá sé ag tógáil na bhfaochan. Tá sé ag tógáil trí chéad ar chuile thrá. Sin £9 sa ló atá Séamas a dhéanamh gan a chois a fhluchadh, gan trácht ar a lámha.

Tá an *hoover* seo ag imeacht le *battery* beag agus ní thógann sé cloch ná sliogán ach an fhaocha féin. Sa nGearmáin dúirt Séamas liom, a rinneadh é.

Itear go leor báirnigh sna hIndiacha freisin, a deir Séamas liom. "Tá siad ar an orlach ann," a deir sé, "agus iad chomh mór le muirini. Ach ní le scian a baintear iad ach le *blowlamp*. Titeann siad den leic leis an teas agus tarraingíonn an *hoover* chuige iad."

"Ní bruitear chor ar bith iad mar a dhéantar anseo ach iad a chur an an bpan taobh amuigh den fhuinneog agus piosa ghloine a leagan os a gcionn. Bíonn siad róstaithe i gcúpla nóiméad agus sin í an fhirinne."

Mar dúirt mé, tá Séamas C- sa mbaile théis chúig bhliana fichead a chaitheamh sna hIndiacha Thiar. Níor mhaith leis geimhreadh eile a chaitheamh ann, a deir sé.

Dá dheacra dá raibh sé cur suas leis an teas sa samhradh ba dheacra fós cur suas leis an stoirm sa ngeimhreadh. Dá bhfuadofaí do chaipín díot sna hIndiachaí, a deir Séamas, ní bheadh aon mhaith duit í a leanacht ach fanacht ansin nó go dtitfeadh caipín

Séamas C- as na Minna

le Buille faoi Thuairim

Foilsíodh an t-alt seo i dtús san iris Tuairisc a bhíodh á fhoilsiú ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, le linn na seachtóidí. Shleamar gur mb'fhiú é a fhoilsiú arís.

eile ort.

"Agus cruthúnas duit go bhfuil an fhirinne agam," a deir sé, "fuair mé comhartha bóthair thuas sa ngarraí an lá cheana agus tomhais céard a bhí scríofa".

"Dar fia níl a fhios agam" a deir mé féin.

"TRINIDAD 3 MILES AHEAD," a deir sé. "Sin í an fhirinne."

Sea, ach an *driving test*. Sé bliana a bhí Séamas ag tiomáint cairr i Sasana sula ndeacha sé go dtí na hIndiachaí. Ach tá dlí géar ansiúd agus ní bhfaigheadh sé cead breith ar stiúir cairr gan an *test* a dhéanamh ar dtús. Bhí an *test* roinnte ina thrí chuid, a deir Séamas.

Ar dtús bheadh ort *wheelbarrow* a bhrú trí dhá dhosaen uibheacha lachan gan aon cheann acu a bhriseadh. Fuair Séamas an chéad chuid den scrúdú gan stró.

Bhí an dara cuid éasca freisin, a deir Séamas, mar go raibh gluaisteán speisialta faoina chomhair sin; gluaisteán nach raibh ar a chumas thar fiche míle san uair a dhéanamh. Fuair Séamas an dara cuid den scrúdú.

Ach bhí an tríú cuid den scrúdú thar a bheith deacair, a deir Séamas. Ar dtús thabharfadh an cigire leath buidéal fuisce le n-ól don tiománaí agus d'ólfadh sé féin an leath eile. Ansin bheadh aistear fiche míle le déanamh agat pé treo a n-ordódh an cigire duit.

"D'ól mé féin beagán le cois leath an

bhuidéil," a deir Séamas, "agus gan aon chleachtadh agam ar an ól, agus isteach linn sa garr. Carr nua den déanamh nua Cuaipeach a bhí inti agus sé ghiar inti.

"Bhí contráth na hoíche ann agus an bheirt againn ag súl isteach. Thug an Cigire ordú dom casadh ar mo chiotóig agus a dhul ar aghaidh díreach go dtabharfadh sé ordú dom a mhalairt a dhéanamh. Bhuail muid bóthar.

"80 míle san uair an teora luais atá sna hIndiachaí ach is cosúil go raibh mé ag déanamh níos mó, óir phléasc na Gardaí an dá tyre tosaigh agus an dá lampa le piléir agus ansin lean siad mé."

"Agus a rug siad ort a Shéamais?" a deir mise.

"Ó nór rug," a deir sé, "mar bhí plópa an deataigh á ndalladh. Ach bhí mé i dteannta ceart gan aon solas agam, ach na haineochar agus na lasracha a bhí na rothaí tosaigh a bhaint as an mbóthar."

"Agus céard a bhí an Cigire a rá, a Shéamais," a deirimse, "nó tuige nár stop sé tú?"

"Ó bhí sé ag fógart orm," a deir Séamas, "ach níorbh fhéidir é a chloisteáil ag torann an chairr."

"Agus ar gortatódh go mór sibh, a Shéamais?" a deirimse.

"Ó nór gortatódh chor ar bith muid," a deir sé, "mar tháinig muid go deireadh an bhóthair ar maidin agus bhí orm stopadh. Bhí sé charr Gardaí, an tArm agus trí bhriogáid dóiteáin ag fanacht liom ansin."

"Agus a ndeacha fineáil throm ort, a Sheamais?"

"Ó ní dheacha fineáil ar bith orm, ach sé mhí príosúin, mar fritheadh an Cigire básaithe sa leaba an mhaidin dar gcionn. An croí a thug uaidh, dúirt an dochtúir."

"Agus an raibh an príosún crua, a Shéamais?"

"Muise ní raibh sé," a deir Séamas: "bhí an bheatha togha ach bhí an obair fíorchrúa; ag gearradh crainnte dhá uair déag chuile lá."

"B'shin é an chuid ba deacra den *test*," a deir Séamas, "mar ní raibh drad ar bith sa sábh."



Leictreachas Chonamara Teo

Carna, Co. na Gaillimhe Fón Facs: 095-32283

Tá fearais solas déanta as prás glan á dtáirgiú againn in ár monarchan i gCarna

Bíonn Siopa an Mhonaichain ar oscailt Luam - Aoine; 10 - 4

Bia na Mara & Carraig Shleamhnáin

Ciarán & Siobhán Ó Nualláin
Ceol na Mara, An Spidéal

Bialann le ceadúnas iomlán

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

An Cheathrú Rua 091-95154

Sladmhargadh ar Chrainnte & Srubanna le haghaidh mí Mheáin Fómhair
£1.99 an ceann

Caoineadh na Mairbh i gConamara

— Ruaidhrí Ó Tuairisg —

Céard atá i gceist le caoineadh na marbh? Deir Séamas Ó Catháin, an t-údar béaloideas, go raibh an nós seo - caoineadh a dhéanamh - os cionn an mhairbh le fáil i mbeagnach gach tír ar domhan agus gur nós é atá an-sean ar fad. Deir sé gur sa Ghréig atá na caointe is sine le fáil. Tá sé san Iliad, agus déanann Arastotail tagairt dó. Bhí sé le fáil sa Róimh cosúil le traidisiún na Gréige agus i chuide áit ar fud na hEorpa. Maireann sé fós sa bhFionnlainn agus san Israel. Sé Giraldu Cambrensis an chéad chuairteoir go hÉirinn a rinne tagairt do chaoineadh.

Tá cruthú againn go ndeachaigh an nós i bhfad siar i stair na tíre seo agus go deimhin gur nós réamhstaire é. Tá sé le fáil sa litríocht - Deirdre ag caoineadh Naoise, Cúchulainn ag caoineadh Fherdia, Torna ag caoineadh Chuirce agus Néill 423 A.D., Seanchán ag caoineadh Dhalláin 597 A.D. I *Sanas Chormaic* tá tagairt do chaoineadh a scríobh Colmán do Chuimín Fota a fuair bás 661 A.D. agus tá píosa ann faoi "lám-comairt" (bualadh bos), nós a ghabh leis an gcaoineadh.

Agus mise ag caint ar chaoineadh anseo tá mé ag smaoineamh ar an véarsaíocht, ar an gceol agus ar nósanna mar bhualadh bosa a bhíodh ag na fir agus ag na mná caointe. Taobh amuigh de *Chaoineadh Airt Uí Laoghaire* níl mórán eolais againn faoi na focla a bhíodh sna caointe. Ní raibh daoine sásta iad a chur ar théip do lucht béaloideas mar bhain siad leis an mbás agus rud eile chaithfeadh údar a bheith leo. Dúirt roinnt ban liom féin go ndearna siad caoineadh ach ní bheadh siad sásta é a chur ar théip. Ní bheadh aon mhothú ann gan údar agus ní bheadh sé ádhúil. Ina nóta leis an gceirnín *Songs Of Aran* deir Cowell ag tagairt do na píosaí beaga caointeoir-eachta atá air nach raibh an dream a rinne é sásta a n-ainmneacha a chur leis ná fiú amháin go bhfeicfeadh éinne iad dá dhéanamh.

Ba ghlaoch é a d'éirigh aníos ina racht as buaireamh agus corraíl intinne an duine chráite. Labhair an caointeoir go díreach leis an gcorp, amhail is dá mbeadh sé beo, go minic i bhfoirm véarsaíochta agus go minic le ceol freisin. I gConamara nuair a bhíodh an corp leagtha amach thosaíodh bean amháin ag caoineadh agus bhíodh triúr nó ceathrar eile timpeall an choirp freisin ag cabhrú léi. Bhíodh a gcuid lámha crochta suas san aer acu, iad dá gcrathadh, iad ag luascadh anonn agus anall, ag cromadh anuas os cionn an choirp, ag leagan a lámha ar an mbord nó amannta ar an

gcorp. Bhíodh siad ag caint go díreach leis, ag tabhairt amach a ainm agus á mholadh. Is minic gur duine amháin a bhíodh ag véarsaíocht agus na mná eile ag olagón léi. Seo go díreach mar a chonaic Mr. & Mrs. S.C. Hall, na taistealaithe é i gCúige Mumhan agus tá cur síos maith air ina leabhar *Ireland, its Scenery and Character* Imleabhar 1.

Mar a dúirt mé mholtaí an duine a bhí básaithe go hard na spéire, a chineáltacht agus a chneastacht. Ní minic a cáineadh éinne i gcaoineadh. B'fhéidir gur mhaith leis na mná caointe é a dhéanamh amannta ach bhíodh gaolta le gach uile dhuine ar an tórramh agus tar éis braon a bheith ólta ag daoine tharlódh rudaí. Ach anois agus arís bhí cáineadh ann - *jumpers, Black and Tans*, nó duine a rinne éagóir mhór ar an té a bhí os cionn cláir.

Rinneadh tagairt do chraobh ginealaigh nó do mhuintir an duine, do fhlaithiúlacht an duine - 'nóir lig tú amach éinne ariamh as do theach le hocras'. Labhraíodh chomh maith is a bhí an duine ag obair - 'nár bhreá an fear oibre ar an easca tú', 'nár mhaith an fear sa gcladach tú, is nár mhaith an fear sa gcurach tú', 'nár bhreá uait sníomh agus cárdáil ar do thúirne lín agus do shiostal i do láimh'.

Bhíodh mná áirithe i ngach uile bhaile a bhí go maith ag caoineadh agus mura bhfaighidís cuireadh ar thórramh bheidís an-mhaslaithe.

Ní bhíodh fir ag caoineadh chomh minic sin ach amháin nuair a bhíodh gaol gar leo básaithe. Ní minic a bhíodh mná aonair ag caoineadh - bhíodh triúr nó ceathrar i gcónaí ann. Tá sé le feiceáil san amhrán *Caoineadh na dTrí Mhuire*

*Gabhaigf antós, a mhná,
go gcaoinfidh sibh liom mo pháistín
agus in amhrán Mhuighinse:
Beidh triúr ban óg óna sléibhte agam,
Le mé chaoineadh os cionn cláir.*

Ní mórán duine faoi bhun 50 bliain i

gConamara a chuala an sórt seo caoineadh. Bhí an seansaol ag athrú. Bhíodh corr dhuine ag teacht abhaile ó Mheiriceá agus ó Shasana ag sochraid agus bhíodh náire orthu dá dtosódh a ngaolta ag caoineadh mar seo. Stopaíodís iad go minic. Dúirt seanfhear liom féin 'd'imigh an nós mar d'imigh an carthanas as na daoine'. Amannta chuir an chlér in aghaidh an nóis freisin. Chomh fada siar le 1631 chuir Sionad Chúige Thuama faoin Ardeaspag Maoilsheachlainn Ó Cadhla ina aghaidh. "*Prohibentur ululatus in defunctorum exequiis*" (- *Coisctear caoineadh ar shochraid*). Ní déantaí aon chaoineadh go dtí go mbeadh an corp leagtha amach le cead a thabhairt don anam éalú ó mhadrá an diabhail. Ní raibh cead deora a ligean ar an gcorp. Ceapadh go gcuirfeadh siad marc nó poll ar an gcorp. Bhíodh na mná caointe ag leagan lámha ar an gcorp agus dá phógadh amannta.

Dhéantaí caoineadh le maidneachan lae dá gcailltí duine i rith na hoíche, ag fógairt don bhaile go raibh duine básaithe. Is dócha gur as seo a tháinig an mallacht "scread mhaidne ort".

Nuair a bhíodh an corp ag dul chuig na reilige leagtaí anuas é agus is minic a déantaí dreas caointe. An uair sin ní thugtaí an corp go dtí an séipéal. Bhíodh píosa eile caointe ag an uair. Tar éis don chorp a bheith curtha théadh na mná go dtí an áit a raibh a ngaolta féin curtha agus bhíodh píosa eile caointe acu. Go deimhin chaointí na mairbh in áiteacha eile. Dúirt seanbhean liom ag caint faoina fear - '*Chaoín mé é faoi dhó gach uile lá, mar bhí sé lách cineálta liom i gcónaí agus níor dhúirt sé "thug tú eitheadh" riamh liom. Ligeadh mé mo cheann anuas ar an áit ina mbíodh sé ina lú agus chaoineadh mé é.*'

Go minic is ar a ngaolta féin a bhíodh na mná caointe ag smaoineamh nuair a bhíodh siad ag caoineadh os cionn coirp. Sin é an fáth a mbíodh an méid sin mothú ann.

Cé go bhfuil go leor cainte faoi chaoointeoirí gairmiúla ní raibh a leithéid coitianta i gConamara mar dúirt bean amháin liom 'ní raibh an t-airgead ann'. Ní chaointí páistí óga ach amháin na tuismitheoirí. 'Fiú amháin' a dúirt fear amháin liom 'ní raibh gá beannacht Dé a chur lena n-anam. Ba naomh iad agus níor theastaigh sé uathu'.

Mar a dúirt mé cheana tá an sean-nós caointe imithe go deo as an taobh seo. Thit Conamara isteach i ngréasán mór an chaoite a bhí spréite ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile, uair amháin. Tá an gréasán sin sceite anois. B'fhéidir go bhfuil corr-shnáth fágtha fós. Má tá, éistí go cúramach agus bíodh ómós agat don chaoiteoir mar tá glór ár gcine leis na mílte bliain sa gcaoineadh thrua-mhéilech sin.

Ar Aistear na gCuradh Linn

Séamas Ó Cualáin

Hugó Ó Ciardha
Scoth Peileadóir as Carna

Is dóigh gurb é Hugó Ó Ciardha an chéad pheileadóir as Gaeltacht Chonamara a ghnóthaigh bonn Chraobh Shinsir Peile na hÉireann le Gaillimh. Chuir roghnóirí an chontae sonrú san ógfhear breá scafánta seo nuair a chonaic siad é i mbun imeartha le foireann bhuach Carna i gCraobh chomórtas sóisir an chontae.



Seán Ó Conghaile
Laoch Calma na gCéadta Cath

Roghnaíodh Hugó mar lánchúlai ar dheis ar fhoireann shinsir na Gaillimhe den chéad uair i 1933 agus ba san ionad sin a d'imir sé i gcónaí ní hamháin dá chontae ach do Chonnachta i gComórtas an Bhóthair Iarainn chomh maith. Bhí an-imreoir ag Gaillimh ag an am agus d'éirigh leo Craobh Chonnacht a ardú leo i 1933 tar éis dóibh a bheith sé bliana ar an gcúlraí. I gcluiche leathcheannais na hÉireann bhuaill siad Baile Átha Cliath le cúilín amháin (0-8 v. 1-4) ach fuair an Cabhán an lámh in uachtar orthu sa gcluiche ceannais (2-5 v. 1-4).

Bhí na Gaillimhigh in uachtar arís i gConnacht i 1934 agus tar éis an Cabhán a shárú i gcluiche leathcheannais na hÉireann (1-8 v. 0-8) bhain siad tuisle as foireann Bhaile Átha Cliath sa gcluiche ceannais (3-5 v. 1-9). Bua ar leith a bhí anseo mar leathchéad bliain roimhe sin a bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael. Ina theannta sin ba í seo an chéad uair a tugadh Corn Mhig Uidhir go buacach thar Sionainn siar.

Bhain fear Charna a áit amach ar fhoireann Chonnacht a loic in aghaidh Laighean le cúilín amháin (0-12 v. 2-5) i gcluiche ceannais Chomórtas an Bhóthair Iarainn i 1933. Ach thug siad an corn leo go caithréimeach go cúige an Iarthair i 1934 nuair a bhris siad ar na Laighnigh sa gcluiche ceannais (2-9 v. 2-8).

I ndeireadh na bliana 1934 chuaigh foireann na Gaillimhe ar bord loinge go Stáit Aontaithe Mheiriceá áit ar imir siad Gaeil Mheiriceá i Nua Eabhrac. D'éirigh leis na Gaillimhigh arís (4-4 v. 0-5) agus chuir an bua an clár binne ar thuras fíorthaitneamhach.

ina dhiaidh sin agus arís i 1967 bhain sé áit amach ar an bhfoireann faoi 21, agus i 1968 thosaigh sé ag imirt leis an taobh sinsir.

Chaith Seán roinnt blianta i Stáit Aontaithe Mheiriceá áit ar ardaigh sé leis craobh Nua Eabhrac le Gaillimh i 1972 tar éis sárchlúiche i gcoinne Thiobraid Árann. Chomh maith leis sin bhuaigh sé craobh shinsir a chontae cúig uaire leis an gCaisleán Gearr agus chuir sé an dlafóg mhullaigh ar na caithréimeanna sin i 1980. Ní hamháin gur ghnóthaigh sé Craobh Chlubanna na hÉireann leis an gCaisleán Gearr agus Corn an Bhóthair Iarainn lena chúige ach rinne sé an t-éacht is ansa le gach báireoir - Craobh shinsir na hÉireann a bhuachan dá chontae dúchais.

Báireoir a bhí sa gConaolach nach ndeachaigh i muinín an fhoirne ná an tsalachar riamh, agus fiú sa gcoimhlint dho-eadrána d'imir sé mar ba dhual dó, go macánta meabhrach misniúil.

Ní raibh aon chinneadh le Seán Ó Conghaile i measc bháireoirí lár-páirce. Go hiondúil ní aimsíonn an t-imreoir san ionad tábhachtach seo an oiread sin scór in imeacht an chluiche, ach níorbh ionann cás é ag iománaí Thír an Fhia. Ní ligfeadh sé a leas ar cáirde aon tráth agus le buillí fada feilmeanta a bhí chomh díreach le hurchair as gunnna, d'ardaíodh sé na bratacha go mion agus go minic agus dheamhan ar dhóichí-de an Cháisc ar an Domhnach ná an sliotar a bheith i gcúl na heangai aige ar uair na práinne.

Ba i dTír an Fhia a rugadh an Conaolach ach ní raibh ann ach gasúr nuair a d'aistrigh a mhuintir go Baile an Bhriota i bparóiste an Chaisleáin Ghearr. Ball é seo a bhfuil cluiche ársa Chúchulainn faoi bhláth ann leis na céadta bliain agus ní ionadh ar bith mar sin gur músclaíodh suim san iománaíocht san ógánach as Conamara.

Roghnaíodh é ar fhoireann mhionúir na Gaillimhe tar éis dó craobh an chontae sa ngrád sin a bhuachan leis an gCaisleán Gearr i 1965. An bhliain



Peait na Máistreása
(1892-1961)
Féinní Ildánach

Ar an Droim i Leitir Móir, áit a raibh a mháthair ag múineadh scoile, a saolaíodh Pádraig Mac

Donnchadha nó Peait na Máistreása sa mbliain 1892. Ba mhac é do Pheait Liaimín Mac Donnchadha as Béal a' Daingin agus ba í Mairéad Ní Chonaola nó Meaig Pheadair Mháirtín as Caladh Ghólaím, Leitir Mealláin, a mháthair.

Chuaigh Pádraig go Stáit Aontaithe Mheiriceá go luath tar éis dó scoil a fhágáil agus ba anseo a d'fhorbair sé a chumas imeartha sa bpinniúr liathróid láimhe. Bhuaigh sé Craobh Shinsir Nua Eabhrach ó 1919 go 1923 agus Craobh an Domhain sna blianta 1922 agus 1923. Nuair a d'fhill sé ar a thír dhúchais i 1924, d'ardaigh sé leis Craobh Shinsir na hÉireann gan dua agus Craobh na gCluichí Tailteann an bhliain chéanna.

Lúthchleasaí den scoth a bhí i bPeait freisin. Chruthaigh sé thar cionn i rásaí 100m, 200m, agus 400m agus le linn dó a bheith i Nua Eabhrach bhuaigh sé craobh an stáit sin i gcomórtas gluaisrothaíochta. Ina theannta sin b'iontach an peileadóir a bhí i bhfear Leitir Móir. Bhí sé mar chaptaen ar fhoireann na Gaillimhe i Nua Eabhrach ar feadh sé bliana as a chéile agus in imeacht na tréimhse sin threoraigh sé a chontae chun bua i dtrí chraobhchluiche ceannais an stáit.

"Is, a chomharsana, ar chuala sibh ó dhuine beag agus mór Caint ar Pheait na Máistreás' nuair a bhí sé ina fhear óg?"

Bhí bua ó Rí na Cruinne aige le haghaidh chuile chineál spóirt, 'Gus nach é d'fhág cáil i bhfad is i ngearr ar mhuintir Leitir Móir?"

— Tomás Seoighe

Máirtín Ó Droighneáin (1917-1982) Curadh Trom-Mheáchain na hÉireann

I Lúnasa 1938 bhí a chéad throid thábhachtach ag an Droighneánach in aghaidh "Butcher" Howell as Corcaigh ar pháirc Bhaile an Mhuilinn i mBaile Átha Cliath i bhfianaise 16,000 duine.

Ba sna bothanna dornálaíochta i Sasana a d'fhorbair Máirtín beartaíocht is ealaín a cheirde agus nuair a d'fhág sé na bothanna le dul sa gcroí troda tosaíodh ag cur sonraithe ann agus de réir a chéile bhíodh a ainm le

feiceáil go féilteúil sna colúin spóirt.

Ar na dornálaithe ar thug sé dual na droinne dóibh bhí George Muir, Al Hayes agus Tom Reddington. Faoi Shamhain 1943 rinne sé cion fir nuair a chuir sé curadh trom-mheáchain Jamaica, Ben Valentine, as mothú sa tríú babhta. Agus ba chleite ina sciathán Al Robinson as Leeds a chriogadh taobh istigh de 15 nóiméad mar bhí Al áirithe ar dhuine de na príomhiomaitheoirí do Chraobh Throm-mheáchain na Breataine ag an am.

Ainneoin na mbuanna sin nuair a chuaigh dornálaí an Spidéil i mbun comhraic le Pádraig Ó Súilleabháin do chraobh throm-mheáchain na hÉireann sa Theatre Royal i mBaile Átha Cliath ar 4 Feabhra, 1944 mheas go leor nach seasfadh sé an fód in aghaidh fhathach fir Chorcaí. Bhuaigh an Súilleabhánach an chraobh i 1943; bhí sé 6' 4" ar airde agus cumas na dornála ann.

Bhí an comhrac i mbéal gach duine i nGaillimh agus ní nach ionadh bhí antacaíocht ag fear an Spidéil a mheáigh trí chloch déag agus é 5' 11" ar airde.

Ba léir ón gcéad bhuille a tugadh go raibh an farasbarr ag Máirtín agus cé go ndearna an Súilleabhánach tréaniarracht bhí sé fánach aige bheith

ag dréim le díograis is le díocas an Ghaillimhigh. Sa tríú babhta - tar éis 8 nóiméad 56 soicind - thug an Droighneánach an buille scoir dá fhear teagmhála.

Cúpla mí i ndiaidh na caithréime seo d'agair an Spidéalach briseadh 1938 ar "Butcher" Howell. Ní dheachaigh an troid thar an gcéad bhabhta ach in imeacht an ama sin bhí an Corcaíoch sínte ar fhleasc a dhroma ceithre huaire ag Máirtín!

I 1945 socraíodh troid eile idir Pádraig Ó Súilleabháin agus Máirtín ach dá dhonacht dá raibh an chéad chomhrac eatarthu ba sheacht measa é seo óir bhí an Corcaíoch cloíte i 77 soicind.

Tá Máirtín Ó Droighneáin ar Shlí na Fírinne anois ach beidh cuimhne air le saol na bhfear. Faoi mar a deir an seandream: "Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chuir."

Maitias Ó Dúbháin An Gaiscíoch Dochloíte

*"Sé Maitias Ó Dúbháin an foránach lúfar,
Crann seasta na cúise nár chlis in aon ghábh,
Dá bhfaigheadh sé greim píobáin nó corráin na guaille air,
Leagfadh sé an Púca is mó a tháinig ariamh."*

Sin mar a thráchtann an file, Micheál Mac Suibhne, ar Mhaitias Ó Dúbháin a bhain clú is cáil amach ar fud Chonamara lena chuid gníomhartha gaile is gaisce. Aisteach go leor fear beag a bhí i Maitias, é ag bordáil ar chúig throigh is seacht n-orlaí ar airde ach bhí neart dochreidte ann. Bhí sé chomh láidir le hOscar an Áigh is chomh smiorúil ar a chois le cú.

Ba i mBaile na Cille i Leitir Mealláin a saolaíodh an Dúbhánach ag deireadh na hochtú aoise déag. Ní raibh ann ach cleiteachán de dhuine agus é ina ghasúr ach ó bhailigh sé na déaga amach b'áibhéil an t-urra coirp is géag a bhí ann. Deirtear nach raibh fear dá cháilíocht i gCríocha Fáil in aois a bhliain is fiche dó. Agus d'fhear chomh cumasach leis is iontach le haithris nach raibh téagar ar bith i gcaola a chuid lámh.

De réir an tseanchais bhí sé chomh láidir sin nach raibh stró dá laghad air bullán mór a chriogadh le buille dá dhorn nó mála mine dhá chéad meáchain a iompar as Gaillimh siar go dtí An Cheathrú Rua, aistear seacht míle fichead bealaigh, gan oiread is scíth a ligean i gcaitheamh an turais.

Bhí deirfiúr le Maitias pósta i Sasana le gaiscíoch dornálaíochta a raibh an-bharúil aige dó féin agus dheamhan suí shuaimhnis a thabharfadh sé dá bhean go gcuirfeadh sí fios ar Mhaitias le dul chun comhraic leis. Ní mórán dá fhonn a bhí ar fhear Bhaile na Cille dul anonn ach ar deireadh thoiligh sé imeacht agus é de rún daingean aige támhneál a chur ar

an Sasanach. Ar chaoi ar bith sheol Maitias amach as Gaillimh agus is iomaí gábh a ndeachaigh sé tríd ar an mbealach go teach a dheirfiúre. Ní nach ionadh bhí sé tuirseach tnáite agus theastaigh scíth is dreas codlata go géar uaidh. Ach iamh ná foras níor thug an Sasanach dó nó go ndeachaigh sé chun troda leis.

Ach má bhí driopás amach ar an ngaiscíoch bhí a sheacht n-oiread sin de dheifir air ag teacht isteach. Nuair a tharraing sé buille dá dheasóg le tabhairt faoi bhun an ghéill do Mhaitias, céard a dhéanfadh an tÉireannach meabhrach ach breith ar chaol a láimhe agus d'fháisc sé chomh docht sin é gur thosaigh an fhuil ag brúchtadh amach trí bharraí a chuid méar. Bhí an cath tugtha agus bua suntasach ag an Dúbhánach.

Insítear freisin faoi lá a raibh Maitias i gCathair na Gaillimhe agus tugadh a dhúshlán dul thar theach ar Mhargadh na mBanbh áit a raibh mada mór oilbhéasach. Bhí faitíos cráite ar chuile dhuine roimh an mada drochmhúinte seo ach níorbh ionann an cás d'fhear Bhaile na Cille é. Síos leis agus é ina bhonnachaf agus a thúisce is a thug an gadhar faoi léim Maitias i leataobh agus nuair a bhí an mada ag dul thairis thug sáil a choise i mbéal a ghoile dó agus shín sé mín marbh é ar an tsráid.

I ngeall ar bhearta cróga an tréanfhir seo as Baile na Cille ní hionadh mar sin go maireann iomrá ar a chuid eachtraí éachtacha i seanchas na ndaoine go fóill.

CENTRA

SIOPA AN PHOBAIL

Indreabhán

Ollmhargadh den scoth
Peitreal, Leabharlann
Fístéipeanna, BÁCÉIRE

Gradam 'Q' 1991



Connemara Co. Galway Tel. (091) 75116 Telex 28871

ÓSTÁN AN CHEATHRÚ RUA

Geimhreadh '91/92

BAINISEACHA & CÓISIR

- Béilí 4 chúrsa ó £10
- Anuraith, Sicín & Milseog ó £6.50
- Béilí fuara & Sailéidí ó £4.50

* Síneadh ama sa nbeár £100

CLUB CARA

(Cóisir Priobháideacha)
Cóisir 21 bliain d'aois srl
Buffet ó £2
D.J. £50

Síneadh ama sa nbeár £100



• Géar choimhlint sna currachaí

An Dá Cheann

Leon Ó Móracháin

"Fáilte go Checkpoint Charlie na Gaeltachta!"

Nuair a bhíodh scéal á scaipeadh ar fud na tíre uilig m.sh. an Tír Naofa fadó deirtí go raibh sé á leathadh "ó Dan go Beer-sheba". Siad sin dhá cheann na tíre ó thuaidh agus ó dheas. Mar a chéile san "talamh beannaithe" abhus-Conamara - go dtí an lá inniu. Nuair a bhíonn muintir na Gaeltachta ag trácht ar an gceantar ar fad, déarfadh siad gur iomaí teach breá áirigiúil nó gur fánach an méid seanchais atá fágtha, nó gur beag bheidhlín atá á sheinm "ó Charna go Bearna!"

Ar feadh trí bliana déag bhí cónaí ormsa láimh le Carna, i bpobal Ros Muc. Ansin hathraíodh aniar mé go pobal Bhearna trí bliana ó shin. Bhí an dá cheann bainte amach agam, ionas ó - Dan go Beer-sheba! Is trathúil an nóta fáilte a fuair mé ó fhear as pobal Bhearna ag an am:

"Fáilte go Checkpoint Charlie na Gaeltachta!"

Ba mhór an t-athrú dom é ar bhealach; ar bhealach eile ba bheag.

Ná hiarrtar orm cé acu den dá phobal ab fhearr liom. Ní le ceilt a deirim an méid sin ach le ffrinne. Ní fiafraítear d'athair clainne cé acu den bheirt mhac nó den bheirt iníne is ansa leis. Bíonn a mbuanna féin agus a lochtanna féin ar gach pobal, mar a bhíonn ar gach sagart. Agus bíonn nádúr ag sagart le pobal ar bith lenar chaith sé seal ar bóthar na síoraíochta. Measaim go maireann siad in a chroí níos faide i bhfad ná mar a mhaireann seisean ina gcuimhne siadsan.

Tá a n-áilleacht féin ag baint le Ros Muc agus le Bearna agus ní lú an

áilleacht chéanna í sa dá chás. Ceantar cladaigh an péire: an leac i Ros Muc, an gaineamh cuid mhór i mBearna: foscadh níos fearr abhus, an aghaidh rite thiar. Talamh agus garrantaí clochacha go maith sa dá áit: ceansaithe a bheag nó a mhór i mBearna, agus i Rosmuc an fiántas álainn - fraoch chorra agus aiteann bhuí i bhfastó ina chéile ar bhealach a d'fhágfadh duine idir an gháire agus na deora. B'fhéidir gurb í an difríocht is mó atá idir an dá áit - síochán agus suimhneas an uaignis a bhí le haireachtáil thiar i leaba an ghleo atá anseo ag na mílte carranaí a ghabhann an bealach o mhaidin go faoithin. Bíonn cuimhne shuaimhneach agam anseo ar lá samhraidh, an ghrian ag báthadh na tíre thiar agus gan le clos faoin mbrothall ach lapadail éadrom na taoille agus í ag sceitheadh isteach ar ais i measc na gcuas.

Is mó saothrú atá le fáil ag pobal Bhearna ina gceantar féin ó tharla go bhfuil an áit anois ina bhruach-bhaile ar chathair na Gaillimhe. Agus ar ndóigh, má leanann gleo den saothrú sin is fiú cur suas le cuid mhaith de.

Cuireann sé iontas agus áthas orm an méid Gaeilge atá le cloisteáil fós i mBearna. Níl amhras ach go bhfuil sí faoi bhrú le fada an lá ón gcathair amach ach tá neart Gaeilge san áit, agus go deimhin Gaeilge ghlan bhlasta.

Má tá an tine i léig níl ann ach go bhfuil sí coigilte, agus níl ort ach séideadh ar an ngríosach nó go mbeidh sí ina lasrach bheo. Is amhlaidh atá an dá rabharta Gaeilge ag trasnú a chéile sa phobal seo. Tá sean-bhunadh na háite ann - sna bailte ó thuaidh a bhformhór - arb í an Ghaeilge a bpríomh-theanga labhartha ó bhí siad óg. As Gaeilge a bhíonn cuid mhór de na paidreacha agam leo agus mé ag tabhairt cuairt orthu ar an gCéad Aoine. Tá roinnt mhaith eile atá báuil leis an nGaeilge (sé sin mura mbáthann duine inti iad!) atá in ann comhrá gearr a choinneáil leat as Gaeilge agus atá mórálach as an ngaisce sin féin. Ar ndóigh, is as Gaeilge a bhíonn Aifreann agus searmanais sna Forbacha (an leath-thiar den phobal seo) Is ann freisin atá Ardoifigí Roinn na Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta lonnaithe agus mar sin tá suim mhór ag lucht an dá eagrais sin sa nGaeilge más suim phroifisiúnta féin í.

Bíonn sé an-éasca Aifreann dhá-theangach a cheiliúradh le pobal Bhearna; agus measaim go bhfuil saibhreas agus leas breise le fáil as dá bharr sin. San am céanna, uair ar bith a thugaim cuairt siar go Ros Muc - ag sochraid, abair, is aoibhinn liom a aireachtáil go bhfuil pobail fós ann gur i nGaeilge amháin a bhíonn ceiliúradh agus seirbhís Dé acu. Níl aon amhras ach go raibh uaigneas croí orm ag fágáil Ros Muc. Níl aon amhras ach oiread ach gur pobal lách geanuil atá liom anseo. Níor dhruid Dia doras ariamh nár oscail sé - sea, Bearna!



Le gach dea-mhéin ó

Arramara Teo.

Cill Chiaráin

• Daoine óga agus tuismitheoirí. Sinéad Ní Ráinne, An Trá Bháin, Leitir Móir, (dara duine ó chlé) agus an príomh-aof Mick Lally ag láinseáil an dráma Geasa an Fheileacáin.

GLYNSK COUNTRY HOUSE

Caiseal, Conamara Teil: 095-32279 Facs: 091-81286

Bialann Mara • Ceadúnas iomlán dí
B&B, seomraí en suite
Oscailte i gcaitheamh na bliana.

TEACH SCEIRDE

Carna, Conamara

Bialann le ceadúnas dí
Beár

Siamsaíocht ar an
Deireadh Seachtaine

Teil: 095-32255

TIGH MHÁRTA

Na Minna, Indreabhán

Siopa Grósaera

Teil: 091-93137

Facs: 091-81286

Gach dea-ghuío

Colm Ó Mainnín

An Garáiste, Ros Muc

Seirbhís iomlán garáiste

091-74113

Go n-éirí leis an bPléaraca

Teach Ósta An AMERICAN HOTEL

An Faiche Mhór

Guthán: 61300

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tígh Mhic Dhonnchadha

Oifig an Phoist
Grósaer

Béal a'Daingean
091-72126

EISIMIRCE



ÉAGÓIR INLEIGHEASTA

ROS MUC: AN CHÉAD CHÁS-STAIDÉAR

Teaghlach E: I mí Eanáir na bliana seo caite bhí triúr páistí sa teaghlach seo agus d'imigh an t-aon iníon ar eisimirce. Ocht mbliana déag atá sí agus d'imigh sí go Sasana áit a bhfuil fostaíocht fáighte cheana aici. Ba leis an athair a reachtáladh an t-agallamh. Tá sé dífhostaithe ach, dála fhormhór

EISIMIRCE

- Taithí Ros Muc

Níos luaithe i mbliana d'fhoilsigh Gníomhaíocht ar Bhochtaineacht i nGaillimh gearr leagan de thuarascáil taighde ar an imirce i gCondae na Gaillimhe. Niall Farrell a scríobh an tuarascáil seo 'Eisimirce ... Éagóir Inleigheasta - Taithí na Gaillimhe' agus shíleamar go mb'fhiú cuid dhó a bhaineann le pobal Ros Muc a fhoilsiú anseo. Tá fáil ar an dtuarascáil i nGaeilge agus i mBéarla ag oifig Gníomhaíocht ar Bhochtaineacht i nGaillimh ag 54 Sráid Doiminic Áocht, Gaillimh.

an phobail i Ros Muc, tá gabháltas beag talaimh aige. Bean tí is ea an mháthair. "Bionn sé (eisimirce) mar ábhar cainte i gcónaí. Caithfidh sé a bheith. Is cuma cén áit a dtéann tú. cén sórt cruinní, bíonn daoine ag caint ar an imirce ... 18 i Meiriceá agus i Sasana a bheas an clann uilig. Bíonn pobal láidir anseo i rith an tSamhraidh nuair a thagann daoine ar ais ar saoire. Nuair a bhíonn na laethanta saoire thart, tá an pobal bánaithe arís. 7'á bánadh fad

théarmach ar siúl mar nach bhfuil aon duine ag pósadh anseo. Dá mbeadh siad in ann fanacht bheadh pobal beo agat i gcónaí; ní fhéadfaidh sé a bheith mura bhfuil daoine ann len é a choinneáil beo."

Dá mbeadh jab le dealramh ar fáil don iníon, d'fhanfadh sí in Éirinn. Bhí Bainisteoireacht Óstlainne á staidéar aici sa Cheardcholaíste Réigiúnach i nGaillimh ach níor réitigh an cúrsa léi. Shocraigh sí ar dhul ar eisimirce agus fostaíocht fhiúntach a lorg di féin.

ROS MUC: Tionchar na hEisimirce


Ní haon rud nua i an eisimirce i Ros Muc. Léiríonn na staitisticí seo againne go bhfuil tionchar ag an eisimirce ar ceatadán ard de na teaghlaigh ann. Ní léiríonn siad áfach an éifeacht a bhí ag an eisimirce ar an bpobal Gaeltachta seo.

Gheofaí achoimre ar stair fhada na heisimirce sa bparóiste seo ach féachaint ar scoil amháin ann. Tá sé déanta amach ag an bpríomhoide, Tomás Ó Conaire, go bhfuil 80% de na scoláirí go léir a d'fhreastal ar an scoil idir 1930 agus 1975 tar éis an Ghaeltacht a fhágáil ó shin. Measann sé gur ar eisimirce a chuaigh 65% de na daltaí go léir.

Caithfidh éifeacht a bheith ar an bpobal ag imeacht den chineál seo. Is grafach an léiriú meath na scoile náisiúnta seo. Bhí 171 ar an rollaí sa bhliain 1960; sa bhliain 1970 ní raibh ach 92 ar na rollaí; faoin bhliain 1980 ní raibh ach 63 agus i bhFeabhra na bliana 1990 ní raibh ach 42 dalta ag

freastal ar an scoil. Dar leis an bpríomhoide leanfaidh an meath seo toisc go bhfuil an paróiste gann ar lánúineacha óga. Is léir an meath óna

taifid eaglaise freisin. Mar thoradh ar sin bhí laghdú nádúrtha ar an daonra i bParóiste Ros Muc ó na 1980aidí, i.e. níos mó básanna ná breitheanna ann.



Bhí sí ag siúl go bhfaighfeadh sí é sin i Sasana agus, faoi mar a tharlaíonn, ní raibh díomá uirthi. Dar lena hathair go bhfuair sí rogha de dhá nó de thrí jab láithreach agus gur ghlac sí le tairiscint ó chomhlacht árachais. Sular imigh sí níor lorg sí comhairle ar bith faoin eisimirce ó áisíneacht ar bith. Ach bhí a hathair in ann comhairle a chur uirthi mar bhí seisean tar éis filleadh ó Shasana i dtús na seachtóidí. Ainneoin í a bheith chomh hóg sin ní raibh an t-athair buartha pioc fúithi. An chúis atá leis sin ná go ndeachaigh sí chun cónaithe lena haintín; bhí an scéal ar fad socraithe sular imigh sí. Dar leis gur rud coitianta é sin i measc mhuintir Chonamara. "Téann an chuid is mó chuig gaolta nó daoine aitheanta dhóibh. Níl mórán trioblóide mar sin ag muintir Chonamara, bíonn siad réitithe mar sin ag fágáil". Tá a fhios ag an athair go dianmhaith go mb'fheidir go spreagfadh imeacht a iníne an bheirt mhac chun eisimirce, le haimsir. Mura bhfuil a deartháireacha críonna go leor go fóill chun í a leanúint, ní hamhlaidh dá cairde. "Tá a cuid cairde ar fad anseo fós, a cuid cairde is fearr. Ach tá siad féin le ghabhail freisin". Cé gur dócha go leanfaidh na daoine óga seo ag labhairt Gaeilge lena chéile, tá claonadh, dár leis an bpáirtí agallaimh, i measc teaghlaigh Chonamara thar saile a gclann a thógáil trí mheán an Bhéarla. "Cuir i gcás cailíní agus buachaillí atá ag imeacht go h-óg aisti seo. Dá mbeadh siad sa mbaile bheadh an pobal ag fáil níos láidre. Ach faoi cheann deich nó fiche bliain mura dtagann siad ar ais ní bheidh aon duine sna h-áiteanna seo".

"Cuir i gcás cailíní agus buachaillí atá ag imeacht go h-óg aisti seo. Dá mbeadh siad sa mbaile bheadh an pobal ag fáil níos láidre. Ach faoi cheann deich nó fiche bliain mura dtagann siad ar ais ní bheidh aon duine sna h-áiteanna seo".

post acu anseo. Tá siad imithe mar nach bhfuil aon obair ann; (dá mbeadh) damhsa ann nó rud ar bith, fiú amháin an club óige". "Caithfidh siad na daoine óga a choinneáil anseo. Tá rud amháin ar bun acu - an dole. Tá sé uafásach. Tá sé ag iarraidh daoine a choinneáil síos i gcónaí agus níl an rialtas ag iarraidh aon rud a dhéanamh faoi. Má tá leaid anseo agus má bhailíonn sé lorráí feamainne, nó rud ar bith, agus má bhfaigheann duine éigin amach faoi, tá a chuid dole bainte uaidh. Ba cheart don rialtas a rá leis - má thógann tú 100 tonna feamainne tabharfaidh muid bóinas £100 dole dhuit faoin Nollaig. Chuirfeadh sé sin fonn oibre ar leaid óg, ach déanann siad an chaoi eile é. Má théann sé a chodladh tá sé ceart ach má théann sé amach tá sé thíos leis".

AN DARA CAS STAIDÉAR

Teaghlach F: Ag amanna éagsúla i gcaitheamh na n-ochtóidí chuaigh triúr mac chun na Breataine ag lorg oibre. Ní raibh jab lánaimseartha riamh in Éirinn ag aon duine díobh, ina measc mac a d'imigh in aois a 29. Ní raibh cáilíochtaí acadúla ag aon duine den triúr. Ní raibh cúrsa oiliúna críochnaithe ach ag duine amháin de na deartháireachta. Ba cúrsa FÁS/AnCO é. D'fhan beirt mhac

lánfhásta sa bhaile. Ba é an t-athair, ar pinsinéir é, a bhí mar pháirtí agallaimh. Bean tí is ea an mháthair. Nuair nár éirigh leo buanfhostaíocht a fháil in Éirinn, d'imigh beirt mhac sa tréimhse 1983-85, iad beirt sna luathfhichidí. Lean an mac is sine iad i 1987. Ní bhfuair aon duine acu riamh ach fostaíocht gearrthréimheach. Cad a choinneadh sa bhaile iad? Is léir cén freagra atá air sin: choinneadh obair sa bhaile iad. Ach mhaolaigh an t-athair a fhreagra leis an ráiteas - "ach dá mbeadh an obair fein ann, tá an pá go dona." An bheirt a lean an chéad deartháir bhain siad leas as a lóistín siúd mar bhunáit chun obair a lorg agus mar dhíon os a gcionn. Fuair an triúr acu jabanna ar ionaid tógála i Londain. Bhog duine acu sa deireadh chun na Breataine Bige, áit a raibh an obair chéanna ar bun aige. Bíonn siad i dteagmháil lena chéile i gcónaí. Bíonn siad i dteagmháil lena muintir sa bhaile freisin, litir sa mhí nó gach sé seachtain. Is leor an chuid eile a bheith imithe, dár leis, chun cúis don chuid atá fágtha imeacht. "Is dóigh go ndearna sé cuideachta dhó. Rinne. Bíonn siad ag ceapadh go mbíonn an-saol acu thall". Agus d'fhéadfadh go rachadh sé sin i bhfeidhm freisin ar na mic eile atá fós sa bhaile, ainneoin fostaíocht a bheith ag an mbeirt acu faoi láthair. "Níor chuala mé aon chaint ar imeacht ón mbeirt atá fanta, go dtí seo ar aon chaoi. Is dóigh go n-imeoidh siad mura fheabhsaíonn an saol anseo go luath". Ní soirbhíoch an dearcadh atá aige i leith na todhchaf agus is minic an nath "céard is féidir liomsa a dhéanamh" aige, rud a léireodh nach mbeadh sé in ann faic a dhéanamh chun aon athrú a dhéanamh ar pholasaí eacnamaíochta an Rialtais. Is é a dhearcadh ná "gur chomhair dóibh tuilleadh a thabhairt do dhaoine agus iad a chuir ag obair, ag déanamh obair ar bith, bóithre nó rud mar sin. Chuile short."

Tí Phlunkett

Leitir Móir

- Siopa • Bureau de Change •
- Beár • Posta • Peitreal •

"Má bhíonn tú thart,
ná tigh thairis"

Tí Hughes

An Spidéal

Teil: 091-83447

Ól, Ceol & Craic!



• Máirtín Choilm Pheigse, badóir as an Máimín (1945).
Le cead ó Ard Mhúsaem na hÉireann.

• Ag tarraingt mhóna i gcurrach ón Máimín go dtí an Cheathrú Rua.
Le cead ó Ard Mhúsaem na hÉireann.

Tá na grianghrafanna seo agus tuilleadh eisiithe ag Oldhrecht na nOileán, Tír an Fhia, Leitir Móir mar sraith cártaí poist.



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe • An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Riaradh: Pleananna Gaeilge do Theaghlaigh gan Ghaeilge

Ranganna Gaeilge do Thusmitheoirí agus do Dhaoine Fásta ó Charna go Camus go dtí An Spidéal.

Pleananna Gaeilge i gcomhair le coistí Áitiúla agus Comharchumainn.

Reachtáil: Scéim fostaíochta Sóisialta • Cúrsa do Chúntóirí Gaeilge • Tionscadal Oiliúna don Óige sa Phobal

Cúrsaí éagsúla trí Ghaeilge: Próiseáil Focal, Ríomhaireacht, Garchabhair, Ceamara Físe, Ealaíon srl.

Maraon le seirbhís leabharlann Ghaeilge, seirbhísí oifige, clóscríobh, fótóchóipeáil, facs.

Chomh maith le Dianchúrsa Gaeilge do Mhic Léinn & do Dhaoine Fásta, Cúrsaí Gaeilge Lss do ghrúpaí.

Go n-éirí go geall le Pléaráca Chonamara!



Comharchumann Shailearna Teoranta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: (091)93017, Facs: (091)93017



Fód Glas Teo.

Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

Teil: (091)93017, Facs: (091)93017

• CUR CHUN CINN CULTÚIR, FOSTAÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ •

forbairt na gaeltachta



*Caomhnú na
teanga agus an
Chultúir Ghaeltachta -
tá páirt thábhachtach
agatsa san obair !*



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh Teil. (091) 92011 Teileacs:50159 Facs:92037